Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Comhairle Contae Átha Cliath Theas
# Tuarascáil Bhliantúil 2013

# South Dublin County Council
# Annual Report 2013





Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council


Réamhrá an Mhéara 2

Réamhrá leis an mBainisteoir Contae 4

Ballraíocht Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 6

Cruinnithe na Comhairle 2013 11

Gradaim Chorparáideacha 2013 15

- Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Leabharlainne 16
- Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide 26
- Seirbhísí Pobail 30
- Tithíocht 38
- Seirbhísí Ailtireachta 43
- Seirbhísí Comhshaoil 50
- Pleanáil maidir le Forbairt, Eacnamaíocht agus Iompar 58
- Bóithre agus Seirbhísí Uisce 67
- Airgeadas 78

Aguisín 1 - Comhaltas na Comhairle ar Choistí agus ar Chomhlachtaí Eile 85

Aguisín 2 - Comhdhálacha ar ar fhreastail Comhairleoirí in 2013 94

Aguisín 3 - Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh 2013 97

# Réamhrá
# an Mhéara



B'onóir phearsanta ar leith domsa fónamh mar Mhéara ar Chontae Átha Cliath Theas. Tugadh deis thar na bearta dom i gcaitheamh an achair sin bualadh leis na céadta grúpaí agus le daoine aonair a bhíonn ag obair ar leas ár bpobail. Tá an flosc a bhíonn ar oibrithe deonacha, agus ar na foirne a oibríonn san earnáil phoiblí agus dheonach, tar éis an spiorad pobail láidir atá mar bhonn agus mar thaca le cúrsaí i gContae Átha Cliath Theas a dhearbhú i m'intinnse.  Is mise an Méara ab óige fós a bhí ar Chontae atá ag déanamh go maith, Contae ina bhfuil an fuinneamh agus an fonn forleitheadach i measc óg agus aosta.

Nuair a toghadh i mo Mhéara mé i mí an Mheithimh 2013, d'fhógair mé trí bheartas tosaíochta le haghaidh mo théarma - daoine óga, daoine scothaosta agus an comhshaol. Chuir mé romham oibriú le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí a bhíonn ag díriú ar na réimsí gníomhaíochta seo. Bhain roinnt mhaith den 300 imeacht nó mar sin ar ar fhreastail mé i gcáil an Mhéara dom ar na trí réimse seo ba as Tionscnamh Chiste an Mhéara a tháinig an tacaíocht mhór phraiticiúil.

€7,000 de chiorrú ar mo phá féin, agus €3,000 ón Leas-Mhéara Eamon Tuffy a bhí sa chiste seo. Caitheadh an €10,000 de Chiste an Mhéara ar an gcabhair a tugadh do 50 meitheal pobail ar leithligh i ngach cearn de Chontae Átha Cliath Theas. Bhain grúpaí agus tionscadail a thacaíonn le daoine óga agus leis an spórt, le daoine scothaosta agus le gníomhaíochtaí comhshaoil leas as an gCiste, a bhí á riar ag foireann na Rannóige Seirbhísí Pobail.

Ba é an pobal bun agus barr mo chuid gníomhaíochta agus mé i mo Mhéara. D'oibrigh mé go fíordhlúth ar imeachtaí a bhain le cuimsiú sóisialta. D'fhéach mé le tacú le soláthar na n-ealaíon i gContae Átha Cliath Theas, lenár seirbhísí leabharlainne a chur chun cinn, agus meas a thaispeáint d'obair oideoirí agus foghlaimeoirí ag gach leibhéal. Ba mhór agam freastal ar an oiread sin imeachtaí spóirt, lena n-áirítear na cinn sin a tharla nuair a bhí 'An Tóstal' i réim, agus an fód a sheasamh don spórt mar bheartas sóisialta agus mar ghníomhaíocht phobail araon le linn mo théarma.

Onóir ar leith ba ea gur fhóin mé ar son leas mo phobail áitiúil i mBaile Átha Cliath 12 agus gur chuidigh mé le tuilleadh airde a tharraingt ar limistéar geografach forimeallach sa Chontae trí imeachtaí iomadúla de chuid an Mhéara agus trí ghníomhaíochtaí ar leith. I rith na bliana mar Mhéara dom, rinne mé mo dhícheall an Ghaeilge a úsáid. Táim thar a bheith sásta go bhfuil an Ghaeilge chomh bheo agus chomh rathúil sin sa Chontae.

Bhí an tithíocht agus an easpa dídine ar cheann de na príomhghníomhaíochtaí le linn mo théarma-sa, agus le linn théarma an Chomhaontais atá ag dul as oifig. Go luath i mo théarma dom, thug mé cuairt ar an gcóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean atá á cur ar fáil i limistéar Bhaile Átha Cliath 24 ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar a ndearnadh páirtchistiú as costais

chomhdhálacha nár ghlac Comhairleoirí, agus mise ina measc, leo. Féadfaidh an Chomhairle a bheith bródúil freisin as a thapúla is a líonadh aonaid tithíochta fholmha arís agus as roinnt de na nuálaíochtaí teicneolaíocha a cuireadh i bhfeidhm le deireanas thar ceann na ndaoine a raibh tithíocht shóisialta á lorg acu.

Ach chuaigh an ghéarchéim tithíochta agus an easpa dídine chun donais ar fud na tíre le bliain anuas, áfach, agus lean líon na dteaghlach agus na ndaoine aonair a bhí i gcruachás orthu ag dul i líonmhaire. Tá ár gcion féin le déanamh againn go léir go háitiúil agus go náisiúnta chun an easpa dídine a chomhrac agus chun soláthar tithíochta leordhóthanach a chinntiú do gach duine inár bpobal.

I mí na Nollag, mhol mé Buiséad na Comhairle do 2014 agus d'aontaigh tromlach mór de na Comhairleoirí leis. Cur chuige nuálach a glacadh i leith Bhuiséad 2014 maidir leis na híocóirí rátaí ar scála beag atá sa Chontae a bhuanú trí €1.2 milliún de dheontas tacaíochta gnó.   Áirítear foráil reatha agus chaipitiúil araon leis don Tionscnamh Sráidbhailte a leathnaíodh, agur táthar i mbun oibre air sin faoi láthair i naoi gcinn de shráidbhailte stairiúla sa Chontae. Buaicphointí eile ba ea an clár ilbhliantúil um áiteanna súgartha, a ndearnadh foráil sa Bhuiséad seo maidir le tús a chur leis, agus freisin an pháirceáil carranna a bheith saor in aisce ar feadh 30 nóiméad. I rith an ama, d'fhéach na Comhairleoirí leis na seirbhísí duine ar dhuine a chosaint mar a rinneamar gach uile bhliain le linn théarma cúig bliana na Comhairle seo, d'ainneoin na sriantachtaí airgeadais a cuireadh orainn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na Comhairleoirí go léir atá ag dul as oifig as a dtiomantas don Chomhairle agus as an obair a rinne siad, ní hé amháin é agus iad ar an gComhairle ach freisin agus iad ag obair ar a comhchoistí agus sa phobal i gcoitinne. Ba mhaith liom go háirithe ómós a thabhairt do Eamon Tuffy, an Leas-Mhéara atá ag dul as oifig, a thug an-chabhair domsa agus a rinne an-ionadaíocht ar son an Chontae, i mbliana agus fad is a bhí sé ina Chomhairleoir.

Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh le gach aon duine den cheathrar Cathaoirleach limistéir - An Clr. Mick Duff, An Clr. Paddy Cosgrave, An Clr. Breeda Bonner agus An Clr. Guss O'Connell – a bhí breá sásta m'áit a thógáil ag roinnt mhaith imeachtaí áitiúla. Is fiú aird a tharraingt freisin ar an tsárobair a rinne Cathaoirligh na CBSanna - An Clr. John Lahart, An Clr. Colm Brophy, An Clr. Pamela Kearns, An Clr. Paddy Cosgrave, An Clr. Marie Corr agus an Clr. Cathal King – ní hé amháin é ina réimsí beartais ar leith féin ach as a gcuid oibre ar an nGrúpa um Beartas Corparáideach.

Ba mhaith liom baill foirne uile Chomhairle Contae Átha Cliath Theas a mholadh as a gcuid oibre; tá siad fíordhíograiseach don tseirbhís phoiblí, rud nach dtugtar le fios sách minic. Gabhaim buíochas leis an mBainisteoir Contae, Danny McLoughlin agus lena Fhoireann Bainistíochta, agus leis na baill foirne a raibh mé ag obair go díreach leo, as a gcuidiú agus a gcabhair. Ó tharla gurb í seo an bhliain dheireanach de théarma na Comhairle, ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil leis an iar-Bhainisteoir Contae, Joe Horan, agus leis an mBainisteoir Contae Gníomhach, Philomena Poole, as a gcuid oibre.

**Dermot Looney**
An Méara

# Réamhrá leis an mBainisteoir Contae



Chuir sé an-áthas orm gur ceapadh mé i mo Bhainisteoir Contae ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas i mí an Mheithimh 2013 agus is mór an onóir dom an deis a bheith agam a bheith i gceannas ar cheann de mhórúdaráis áitiúla na tíre. Ó dhul i mbun dualgais dom, tá an-ugach faighte agam ón gcur chuige dúthrachtach atá ag an eagraíocht i leith na seirbhíse poiblí agus go háirithe an chaoi ina bhfuil sí ag tabhairt faoin gclár an-suntasach don athrú agus don athchóiriú a bhainistiú agus a threorú, clár a bhfuiltear ag dul ar aghaidh leis agus atá faoi bhealach le scaitheamh in earnáil an rialtais áitiúil.

Mar is maith is eol daoibh is cuid de na hathchóirithe agus de na cláir éifeachtúlachta a bhaineann leis an gclár oibre um athchóiriú na hearnála poiblí iad agus ceapadh iad ionas go mbeadh bonn níos inbhuanaithe faoin airgeadas poiblí feasta. D'ainneoin gnóthacháin éifeachtúlachta shuntasacha a bheith déanta ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas cheana féin tá dúshláin eile roimpi fós. Tá an clár athchóirithe is tábhachtaí ar tugadh faoi riamh á chur i bhfeidhm go céimneach fós ag earnáil an rialtais áitiúil agus dá réir sin ag an gComhairle seo. Fiú más ualach ar an eagraíocht féin iad, tá an clár, Tús Áite do na Daoine, a chur i ngníomh, an t-aistriú chun Uisce Éireann agus an clár leanúnach um bearta éifeachtúlachta, bunúsach maidir le forbairt na heagraíochta agus maidir leis an gcumas maoinithe is gá chun na cuspóirí comhghaolmhara atá ag Forbairt Eacnamaíochta agus Pobail a chur chun cinn.

Ó tharla na ndúshlán seo, agus na mball foirne a d'imigh ar scor agus na n-iomarcaíochtaí deonacha in 2013, caithfear athstruchtúrú éigin a dhéanamh san eagraíocht ionas go mbeidh na hacmhainní foirne ag feiliúint níos fearr do na hualaí oibre a bheidh ann agus do phatrúin na n-éileamh ó na custaiméirí. Ón mbliain seo chugainn ar aghaidh, beidh leagan amach nua á chur agam ar na stiúrthóireachtaí ar mhaithe le hailíniú níos fearr idir réimsí soláthair na seirbhísí comhlántacha, le feidhmeanna nua a ghlacadh orthu féin agus leis an gclár oibre um an athchóiriú a chur i gcrích. Is iad seo na stiúrthóireachtaí nua a bheidh ann:

- Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe
- Forbairt Eacnamaíoch agus Leas Ceannchathartha
- Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar
- Comhshaol Uisce agus Athrú Aeráide
- Tithíocht, Forbairt Shóisialta agus Pobail

Is í an fhorbairt eacnamaíoch príomhghnó rialtais áitiúil agus ní mór a thuiscint gurb í sin an chúis atá ag an gComhairle seo leis an bpáirt ríthábhachtach atá aici fós sa téarnamh geilleagrach. Cuireadh líon áirithe tionscnamh chun cinn i mbliana agus leanfar dá bhforbairt in 2014 chun an pháirt seo a fheabhsú, chun forbairt eacnamaíoch a spreagadh, poist a chruthú agus an seasamh is fearr a fháil don Chontae seo chun an téarnamh geilleagrach a chur chun a leasa i gcomhar le gnóthlachtaí áitiúla, leis na pobail agus lenár gcomhpháirtithe sa rialtas.

Tá tábhacht bhunúsach le dreach aeistéitiúil an Chontae chomh fada is a bhaineann sé le hinfheistíocht isteach agus le cur chun cinn na

turasóireachta.  Tá Clár na Sráidbhailte tábhachtach ó thaobh straitéisí na Comhairle seo don tacaíocht ghnó, don oidhreacht, don turasóireacht agus don fhorbairt eacnamaíoch. Rinneadh obair mhór i gcaitheamh na bliana le bheith ina bonn leis an gclár seo agus áirítear léi sin mionanailís ar an bhfearann poiblí agus ar dhreach aeistéitiúil gach aon cheann de na sráidbhailte. Is é bun agus barr an tionscadail ina iomláine tabhairt faoi chlár ilbhliantúil d'oibreacha a bhfuil sé d'aidhm leis sráidbhailte an Chontae a bheith slachtmhar, na lárphointí i súile na bpobal agus ionas go gcuirfear a bhforbairt eacnamaíoch chun cinn go leanúnach.

In ainneoin dhálaí srianta an gheilleagair, tá borradh fós faoi dhaonra ilchineálach Átha Cliath Theas agus tá ionchais dhlisteanacha ag gach duine díobh maidir le raon agus le caighdeán na seirbhísí a bhfuil súil acu leo óna n-údarás áitiúil. Tá an Chomhairle seo bródúil as a bheith ag obair i dteannta na bpobal chun ár gcomhaidhm maidir le caighdeán saoil níos fearr a chur chun cinn. Sa bhliain 2013, d'éirigh leis an gComhairle tacaíocht airgeadais sheasta a choinneáil le haghaidh na dtionscnamh pobail agus na scéimeanna deontas agus chabhraigh sé sin go mór le forbairt ár bpobal áitiúil. Ba mhaith liom go háirithe ómós a thabhairt do Choistí na mBailte Slachtmhara ar fud Chontae Átha Cliath Theas, coistí atá ag dul i líonmhaire in aghaidh na bliana. Is iontach go deo an obair a dhéanann na coistí seo, trína saothrú agus trína bhfreagracht chathartha, chun ár sráidbhailte áitiúla a fhorbairt agus a ndreach aeistéitiúil a fheabhsú.

Ó thaobh na ngradam de, bhuaigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas Gradam Údarás Áitiúil na Bliana 2013 de chuid CCÚÁ. Ina theannta sin, bhuaigh an tionscnamh 'Ag Tógáil Céimeanna i dTreo Údarás Áitiúil ina mbeidh an Litearthacht in oiriúint' an Gradam, Feabhas sa Rialtas Áitiúil, de chuid Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann faoin gcatagóir Sársheirbhís do Chustaiméirí.  Is dea-aitheantas amach is amach iad na gradaim seo ar thiomantas na Comhairle seirbhísí ardchaighdeáin, inrochtana agus uilechuimsitheacha a sholáthar.

Áirítear iad seo a leanas le roinnt de bhuaicphointí eile na bliana 2013:

- Oscailt Oifigiúil Leabharlann Bhaile Uí Ruáin
- Féile Leabhar na Líne Deirge
- Tóstal 2013 - Contae Átha Cliath Theas
- Seoladh na hAipe, MindMindR (Eolaire ar Mheabhairshláinte le haghaidh Chontae Átha Cliath Theas)
- An Tionscadal Wifi do Shráidbhailte
- Tús curtha leis an Obair Fheabhsúcháin ag Crois an Fhearainn Nua
- An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha curtha i dtoll a chéile agus curtha ar fáil
- An Chéad Chóiríocht Thacaithe Shealadach de chuid na Comhairle oscailte go hoifigiúil
- Tionscadail bainteach le Fuinneamh ar siúl sa Phobal - Tionscadal Scáth-thithíochta Valhalla críochnaithe
- An Pháirc, saoráid phobail nua tógtha
- Na Gluaiseachtaí le haghaidh Chomórtas na mBailte Slachtmhara agus an chomórtais, Mórtas Áite

Bhí lámh ag na comhaltaí tofa áitiúla agus ag baill foirne de chuid na Comhairle a bhí ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpobail sna héachtaí. Tá mé ag tnúth go mór le bheith ag obair lenár leas-sealbhóirí uile in 2014 agus tá mé cinnte de go mbeimid in ann ag na dúshláin atá romhainn.



**Daniel McLoughlin**
An Bainisteoir Contae

# Comhaltas Chomhairle Contae Átha Cliath Theas


## CLUAIN DOLCÁIN



**An Clr. Gino Kenny**
**An Comhaontas Pobal seachas Brabús**
62 Ascaill Choill na Silíní
Cluain Dolcáin
Baile Átha Cliath 22
085 721 1574 or 414 9247
gkenny@sdublincoco.ie



**An Clr. Eoin O'Broin**
**Sinn Féin**
Oifigí Cathartha Chluain Dolcáin
Cluain Dolcáin
Baile Átha Cliath 22
087 279 4843 or 414 9069
eobroin@sdublincoco.ie



**An Clr. Breda Bonner**
**Páirtí an Lucht Oibre**
Oifigí Cathartha Chluain Dolcáin
Cluain Dolcáin
Baile Átha Cliath 22
087 413 2627 or 401 9248
bbonner@sdublincoco.ie



**An Clr. Therese Ridge**
**Neamhspleách**
4 Ascaill Phádraig
Cluain Dolcáin
Baile Átha Cliath 22
457 3438
tridge@sdublincoco.ie




**An Clr. Tony Delaney**
**Fine Gael**
Oifigí Cathartha Chluain Dolcáin
Cluain Dolcáin
Baile Átha Cliath 22
086 669 4471 or 414 9002
tdelaney@sdublincoco.ie




**An Clr. Trevor Gilligan**
**Fianna Fáil**
Oifigí Cathartha Chluain Dolcáin
Cluain Dolcáin
Baile Átha Cliath 22
www.trevorgilligan.com
tgilligan@sdublincoco.ie



## LEAMHCÁN



**An Clr. Caitriona Jones**
**Páirtí an Lucht Oibre**
2 Clós Ghort na Fuinseoige,
Leamhcán,
Contae Bhaile Átha Cliath.
087 203 4427
cjones@sdublincoco.ie



**An Clr. Emer Higgins**
**Fine Gael**
F/ch Comhairle Contae
Átha Cliath Theas,
Hall an Chontae,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24
087 921 7741 or 414 9015
ehiggins@sdublincoco.ie



**An Clr. Eamon Tuffy**
**Páirtí an Lucht Oibre**
22 Coill na Life,
Páirc Gleann na Life,
Leamhcán,
Contae Bhaile Átha Cliath.
086 386 3173 or 6109313
etuffy@sdublincoco.ie



**An Clr. Guss O'Connell**
**Neamhspleách**
47 Faiche Bhaile Phámar,
Baile Phámar,
Baile Átha Cliath 20
087 683 8254 or 626 8554
goconnell@sdublincoco.ie



**An Clr. William Lavelle**
**Fine Gael**
36 Céide San Aindrias,
Leamhcán,
Contae Bhaile Átha Cliath.
087 410 7885 or 414 9050
wlavelle@sdublincoco.ie

## TAMHLACHT LÁR



**An Clr. Colm Brophy**
**Fine Gael**
F/ch Comhairle Contae
Átha Cliath Theas,
Halla an Chontae,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24
086 250 9223 or414 9015
cbrophy@sdublincoco.ie



**An Clr. Dermot Looney**
**Neamhspleách**
1 Clós Mhainéaran Teampaill,
Na Glaschnoic,
Baile Átha Cliath 12
085 708 9955 or 414 9073
dlooney@sdublincoco.ie




**An Clr. Eamonn Walsh**
**Fianna Fáil**
F/ch Comhairle Contae
Átha Cliath Theas,
Halla an Chontae,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24
087 995 2211 or 414 9043
eamonnwalsh@sdublincoco.ie



**An Clr. Mick Duff**
**Páirtí an Lucht Oibre**
F/ch Comhairle Contae
Átha Cliath Theas,
Halla an Chontae,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24
087 886 5570 or 414 9031
mduff@sdublincoco.ie



**An Clr. Pamela Kearns**
**Páirtí an Lucht Oibre**
203 Arda Pháirc Orwell,
Teach Mealóg,
Baile Átha Cliath 6W
087 775 6718 or 414 9077
pkearns@sdublincoco.ie



**An Clr. Maire Devine**
**Sinn Féin**
F/ch Comhairle Contae
Átha Cliath Theas,
Halla an Chontae,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24
087 969 4728 or 01 4149066
mdevine@sdublincoco.ie

## TAMHLACHT THEAS



**An Clr. Brian Lawlor**
**Fine Gael**
5 Gairdíní Choill an Chaoich,
Teach na Giúise,
Baile Átha Cliath 24
087 644 5472 or 414 9082
blawlor@sdublincoco.ie



**An Clr. Cathal King**
**Sinn Féin**
F/ch Comhairle Contae
Átha Cliath Theas,
2Halla an Chontae,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24
086 318 6098 or 414 9063
cathalking@sdublincoco.ie



**An Clr. Chris Bond**
**Páirtí an Lucht Oibre**
42 Céide Bhaile Ailín,
Baile Mhic Craith,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24
086 191 7159 or 414 9070
cbond@sdublincoco.ie



**An Clr. John Hannon**
**Neamhspleách**
F/ch Comhairle Contae
Átha Cliath Theas,
Halla an Chontae,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24
086 257 7213
jhannon@sdublincoco.ie



**An Clr. Marie Corr**
**Páirtí an Lucht Oibre**
35 Páirc Ghleanntán na Gréine,
Radharc an tSléibhe,
Ráth Miontáin,
Baile Átha Cliath 24
085 735 9200 or 414 9075
mcorr@sdublincoco.ie



## RÁTH FEARNÁIN



**An Clr. AnneMarie Dermody**
**Fine Gael**
11 Ascaill Ghort an Ime,
Ráth Fearnáin,
Baile Átha Cliath 14
087 367 2030
amdermody@sdublincoco.ie



**An Clr. Emma Coburn**
**Fine Gael**
F/ch Comhairle Contae
Átha Cliath Theas,
Halla an Chontae,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24
087 062 8484 or 414 9062
ecoburn@sdublincoco.ie



**An Clr. John Lahart**
**Fianna Fáil**
6 Gráinseach Orlaí,
Bóthar Bhaile Scallart,
Ráth Fearnáin,
Baile Átha Cliath 16
087 261 5529 or 493 9608
jlahart@sdublincoco.ie



**An Clr. Paddy Cosgrave**
**The Labour Party**
25 Céide Bhaile an Úlloird,
Ráth Fearnáin,
Baile Átha Cliath 14
085 174 2709
pcosgrave@sdublincoco.ie

# Cruinnithe na Comhairle 2013

Tionóladh 18 gcruinniú iomlána de chuid na Comhairle lenar bhain:


- 12 Chruinniú Comhairle iomlána lena n-áirítear aon Chruinniú Buiséid amháin
- 6 chruinniú Coiste a bhain le hEagrúchán, Nós Imeachta agus Airgeadas lena n-áirítear aon Chruinniú Buiséid amháin

Bhí 11 chruinniú ag an nGrúpa um Beartas Corparáideach.

Tháinig na 4 Choiste Limistéir do Chluain Dolcáin, Leamhcán, Ráth Fearnáin agus Tamhlacht le chéile 10 n-uaire in 2013

Tá 6 Choiste um Beartas Straitéiseach (CBS) ann agus tionóltar na cruinnithe sin 4 huaire sa bhliain. Tugtar iad sin sa liosta seo thíos mar aon le breac-chuntas ar na cláir oibre ar tugadh fúthu.

## An CBS do na hEalaíona, Cultúr, Gaeilge, Oideachas agus Leabharlanna



**An Clr. Paddy Cosgrave**
**Cathaoirleach**

Áiríodh an méid seo le clár oibre an CBS do na hEalaíona, Cultúr, Gaeilge, Oideachas agus Leabharlanna:

- Na Seirbhísí Leabharlainne do Scoileanna a chur chun cinn
- Aipeanna táirgthe don tSiúlóid Oidhreachta
- Seachtain na Gaeilge 2013
- Seirbhísí na Leabharlainne Taistil scaipthe níos forleithne
- Tuairisciú chun dáta déanta ar Choiste na Seirbhísí do Leanaí
- Athbhreithniú déanta ar an Straitéis Náisiúnta do Leabharlanna na hÉireann 2013 – 2017

## An CBS don Fhorbairt Eacnamaíochta (lena n-áirítear Pleanáil)



**An Clr. Pamela Kearns**
**Cathaoirleach**

Áiríodh an méid seo le clár oibre an CBS don Fhorbairt Eacnamaíochta (lena n-áirítear Pleanáil):

- Tuarascáil ar bhailiú na Ranníocaí Forbartha
- Gluaiseacht agus Bainistíocht Feithiclí Earraí Troma ar Líonra Bóithre Chontae Átha Cliath Theas An Comhchoiste um BS don Fhorbairt Eacnamaíochta agus don Iompar
- Sráidbhailte / Deiseanna agus forbairt na Turasóireachta sa Chontae
- Infheistíocht Dhíreach Eachtrach in Áth Cliath Theas
- Bolscaireacht ar an gContae (lena n-áirítear Comharthaí/Eolas an Bhealaigh)
- Margaíocht Ghnó
- Straitéis agus tacaíocht don Fhorbairt Eacnamaíochta sa todhchaí

Bunaíodh Grúpa Oibre faoin CBS agus tháinig sé le chéile 5 uaire in 2013, agus áiríodh mionbhreithniú ar nithe a bhain leo seo thíos lena chlár oibre:

- Straitéis don Fhorbairt Eacnamaíochta
- Bolscaireacht ar an gContae
- Infheistíocht Dhíreach Eachtrach

## An CBS don Chomhshaol



**An Clr. John Lahart**
**Cathaoirleach**

Áiríodh an méid seo a leanas le clár oibre an CBS don Chomhshaol:

- Na Fodhlíthe um Rialú Bruscair
- An tAistriú chun Uisce Éireann
- Na Fodhlíthe um Rialú Capall ullmhaithe
- An Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn
- Tuairisciú chun dáta ar Straitéis maidir le hAthrú Aeráide
- An Próiseas maidir le Plean Bainistíochta Dramhaíola an Réigiúin Thoir
- Tagtha ar aontú maidir le Staidéar SMBRT don Dothra agus moladh curtha faoi bhráid na Comhairle maidir lena ghlacadh in 2014

## An CBS don Tithíocht agus don Fhorbairt Shóisialta



**An Clr. Marie Corr**
**Cathaoirleach**

Pléadh agus breithníodh líon áirithe tuarascálacha agus ceisteanna in 2013 lena n-áirítear:

- An Straitéis Réigiúnach maidir le Daoine gan Dídean curtha i láthair
- Anailís déanta ar Riachtanais Tithíochta
- An Straitéis ar an gCaighdeán Saoil
- Tuairiscí chun dáta ar an mBeartas Tithíochta
- Athbhreithniú déanta ar na Scéimeanna Deontais Tithíochta a bhí beartaithe
- Scéimeanna Fuinnimh don Tithíocht Shóisialta
- An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014- 2018
- Athbhreithniú ar ghnéithe a bhaineann leis an Tithíocht Shóisialta agus Incheannaithe i gCuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000
- An Fóram do Dhaoine faoi Mhíchumas, CCÁCT, bunaithe

## An CBS don Spórt, Áineas agus Gnóthaí Pobail (lena n-áirítear Páirceanna)



**An Clr. Cathal King**
**Cathaoirleach**

Áiríodh an méid seo le clár oibre an CBS don Spórt, Áineas agus Gnóthaí Pobail (lena n-áirítear Páirceanna):

- An cumas a spreagadh trí Spórt agus Áineas
- Líonra na Saoráidí Pobail
- Imeachtaí an Tóstail 2013
- An clár, Peil do Chách, de chuid Chumann Peile na hÉireann
- Pailliún TASC, Páirc Thigh Motháin
- An Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt
- Tionscnamh Sports Nation

## An CBS don Iompar



**An Clr. Colm Brophy**
**Cathaoirleach**

Áiríodh an méid seo le clár oibre an CBS don Iompar:

- Beartas ar Ghluaiseacht Feithiclí Earraí Troma sa Chontae
- Córas Bainistíochta an tSoilsithe Phoiblí
- Faisnéisiú ar an Tionscadal RITS Net AE
- Tuarascáil ar Sheachtain na Rothar 2013
- Tuarascáil ar an Scéim um Rothair ar Cíos don Phobal
- Faisnéisiú ar an mBainistíocht Tógála - Tráchta ag Crois an Fhearainn Nua
- An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha
- An Staidéar ar an mBainistíocht ar an Éileamh ar an M50 - Cur i láthair leis an ÚNB
- An Córas Íocaíochta Páirceála gan Airgead Tirim
- Athbhreithniú ar an bPáirceáil 'Íoc agus Taispeáin' sa Chontae

Chuir an Coiste bailchríoch ar an mbeartas ar Ghluaiseacht HGVanna. Ghlac an Chomhairle go hoifigiúil é agus cuireadh an obair a bhí déanta ag an gCoiste ar an athbhreithniú ar an bpáirceáil 'Íoc agus Taispeáin' faoi bhráid na Comhairle freisin.

Tá sonraí bhallraíocht na CBS in Aguisín 2

# Gradaim Chorparáideacha 2013

**Gradaim Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil**
An Gradam, Údarás Áitiúil na Bliana 2013

**Gradaim Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann**
Faoin gCatagóir Sárchúram do Chustaiméirí - 'Áth Cliath Theas 'Contae ina bhfuil an Litearthacht in oiriúint'

**Na gradaim Access City de chuid an Aontais Eorpaigh**
Moladh speisialta faighte ag Tamhlacht, Baile Contae

**Gradaim Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann**
An Foirgneamh Poiblí is Fearr - Leabharlann Bhaile Uí Ruáin



Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus Seirbhísí Leabharlainne



## Cumarsáid agus Caidreamh leis na Meáin

Eisíodh 148 n-eisiúint idir phreaseisiúintí agus thuairiscí nuachta chun dáta chuig na meáin i ndáil leis an réimse cuimsitheach tionscadal agus gníomhaíochtaí a bhíonn idir lámha ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas go laethúil. Ina theannta sin, in 2013 próiseáladh 456 cheist ó na meáin agus rinne Oifig an Mhéara comhordú ar bhreis is 250 imeacht.

## Ciste an Mhéara 2013/2014



## Seirbhísí Cúram Custaiméirí

Is é a gheallaimid don Phobal agus dár gCustaiméirí seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar go gairmiúil agus go híogair sa réimse iomlán seirbhísí atá againn. Tugtar breac-chuntas mion sa Phlean Gníomhaíochta Seirbhíse do Chustaiméirí agus i gCairt na Saoránach atá ar ár suíomh gréasáin ar www.sdcc.ie ar ár ngealltanas duitse, ár gcustaiméir agus ar an tseirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a bheith lárnach i ngach a ndéanaimid.

- An líon iomlán ceisteanna a chuir an fhoireann Cúram Custaiméirí isteach sa Chóras Teagmhála do Chustaiméirí in 2013 – 85,000.
- An líon iomlán glaochanna teileafóin a thóg Cúram Custaiméirí in 2013 - 157,390
- An líon iomlán custaiméirí a bhuail isteach go dtí an Cuntar Cúram Custaiméirí in 2013 - 40,497

## Soláthar agus Seirbhísí Comhroinnte

Bunaíodh aonad soláthair fheabhsaithe in 2013 chun saineolas a fhorbairt agus chun na nósanna imeachta agus an cleachtas sa réimse seo a fheabhsú ar fud na heagraíochta. Coigilt agus luach ar airgead ar fud sheirbhísí na Comhairle an toradh a bheidh air seo i dteannta na rannpháirtíochta i dtionscnaimh réigiúnacha agus náisiúnta.

## Deontais Ardoideachais

Is iad na hiarratais ar dheontais athnuachana amháin an chuid sin de na hiarratais faoin Scéim Deontais Ardoideachais a riarann Comhairle Contae Átha Cliath Theas thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Bíonn gach iarratas nua ar dheontas á riar ar líne ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn - SUSI.

Sa bhliain acadúil 2013/14, rinneamar thart ar 450 iarratas a phróiseáil agus d'íocamar amach €2.3 milliún i gcostais chothabhála agus i dtáillí don bhliain airgeadais.

## Clár na dToghthóirí

184,540 duine a bhí cláraithe ar Chlár na dToghthóirí 2013/14 a foilsíodh ar an 1ú Feabhra 2013. **Is ar an duine féin atá an fhreagracht an clár a scrúdú chun cinntiú go bhfuil a ainm nó a hainm air**. Féadfar breathnú ar an gClár in oifigí Chomhairle Contae Átha

Cliath Theas, san Oifig an Phoist, sa Leabharlann agus i Stáisiún na nGardaí áitiúil nó ar líne ar www.checktheregister.ie áit a bhféadfar na sonraí cáilitheachta a fháil.

## An tAonad Iniúchóireachta agus Éifeachtúlachta Inmheánaí

Is príomhfheidhm i struchtúr rialachais na heagraíochta í an Iniúchóireacht Inmheánach. Is é ról na hIniúchóireachta Inmheánaí dearbhú a thabhairt don Bhainistíocht agus don Choiste Iniúchóireachta go ndéantar na rioscaí a bhíonn roimh an gComhairle a bhainistiú mar is cuí. Déanann sé amhlaidh trí rialuithe a thástáil agus trí mholtaí a dhéanamh chun an creat rialuithe a neartú má fhaightear laigí ann. Sa bhliain 2013 rinne Iniúchóireacht Inmheánach a gnó trí athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar oibríochtaí a bhí san áireamh ina plean don iniúchóireacht bhliantúil a bhí faofa ag an mBainisteoir Contae agus ceadaithe ag an gCoiste Iniúchóireachta. Ceapadh an plean chun an cumhdach ab airde a sholáthar ar fud na heagraíochta bunaithe ar na hacmhainní a bhí ar fáil. D'aontaigh an Bhainistíocht le gach moladh a rinneadh agus ghlac sí iad. Chuir Ceann Aonad na hIniúchóireachta agus na hÉifeachtúlachta Inmheánaí tuairiscí ráithiúla faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta.

Bhí an t-aonad gafa le gníomhaíochtaí eile freisin faoi mar a bhí iarrtha ag an mBainistíocht maidir le hathbhreithnithe éifeachtúlachta, agus le comhairliúcháin agus ba é a chuir an cás maidir le forbairt bhreise ar an mBainistíocht Riosca chun tosaigh ar fud na heagraíochta.

## An Scéim Teanga

D'fhéach an Chomhairle leis na seirbhísí a sholáthraimid don phobal trí Ghaeilge a fheabhsú de réir na Scéime agus de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla. Áirítear iad seo leis an gclár oibre:

- Tá dara Scéim Teanga na Comhairle á cur i ngníomh go leanúnach
- Tá freastal i nGaeilge anois ag gach ceann de na Pointí Féinseirbhíse i Leabharlanna Átha Cliath Theas
- Tá an Ghaeilge san áireamh anois ar an mír, Foghlaim Teanga Ar Líne, ar www.southdublinlibraries.ie; seirbhís atá saor in aisce agus ar fáil dár mbaill go léir
- Forbraíodh leathanach baile www.athcliaththeas.ie le go mbeadh fógraí laethúla agus ailt nuachta air
- Bhain os cionn 100 imeacht le Seachtain na Gaeilge Átha Cliath Theas ar fud an Chontae; ceiliúradh ar an nGaeilge a bhí iontu agus d'fhóin siad do bhreis is 6,000 duine
- Bhí Ranganna Gaeilge agus Ciorcail Comhrá ar bun ar fud an líonra leabharlann



## Acmhainní Daonna

Bhí 1212 ball foirne (coibhéiseach le 1100.79 duine lánaimseartha) fostaithe ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas an 31ú Nollaig 2013; b'ionann sin agus laghdú 24% ar an 1605 ball foirne a bhí fostaithe in 2008 agus titim 79 nduine ar an líon a bhí fostaithe i dtús na bliana. Is féidir an titim sna huimhreacha in 2013 a chur síos a bheag nó a mhór don líon

foirne a chuaigh ar scor faoin Scéim Iomarcaíochta Deonaí. Ghlac baill foirne as gach rannóg páirt in oiliúint agus i bhforbairt leanúnach, agus caitheadh 3.21% de na costais phárolla ar oiliúint agus ar fhorbairt.

## An Oifig Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, Rochtana agus Comhionannais

Sa bhliain 2013, lean an Oifig Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, Rochtana agus Comhionannais de chur i ngníomh an Achta um Míchumas, 2005 agus na reachtaíochta i ndáil le Comhionannas. Lean CCÁCT uirthi ag feabhsú agus ag réiteach rochtana do dhaoine faoi mhíchumas i gContae Átha Cliath Theas trí dhíriú go príomha ar ghníomhartha neamhchaipitiúla.

Áirítear iad seo a leanas lenar baineadh amach

- Bhí Seimineár Contae ar 'Rochtain a Bhuanú' ar siúl ag an bPainéal Comhairleach agus Comhairliúcháin um Míchumas de chuid Chontae Átha Cliath Theas
- Bhí 21 imeacht ar siúl ar fud an Chontae le linn Sheachtain Náisiúnta na hInrochtaineachta, agus bunaíodh Tascghrúpa Contae chun an clár gníomhaíochtaí a chur le chéile
- D'éirigh le 238 mball foirne de chuid na Comhairle sa scrúdú ar an modúl ríomhfhoghlama, Feasacht ar an Míchumas, de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais;
- Cuireadh miontreoracha rochtana ar 23 láithreán ar fud an Chontae ar fáil ar www.accessdublin.ie;
- Dhéileáil Seirbhís an Oifigigh Rochtana le 12 chás; chomhlíon CCÁCT a gealltanais go léir faoin tionscnamh Kanchi 100 agus chuaigh sí isteach i Líonra Gnó Kanchi;
- Bhí an Chomhairle gníomhach san obair a bhain le SENCITY, an imeacht ilchéadfach, a thabhairt go Baile Átha Cliath;




| Seirbhísí Corparáideacha agus Acmhainní Daonna 2013 | |
|---|---|
| An líon laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta le teastas: | 12962 |
| An líon laethanta oibre caillte de bharr breoiteachta gan teastas: | 1290 |
| Líon iomlán na foirne (Coibhéis Lánaimseartha) i ndeireadh mhí na Nollag 2013 (de réir an tuairisceán foirne chuig an RCPRÁ do dheireadh na bliana 2012) | 1100.79 |
| Caiteachas ar Oiliúint agus ar Fhorbairt mar chéatadán de na costais iomlána | 3.21 |

## Sláinte agus Sábháilteacht

Ní hionann aon dá ghníomhaíocht oibre ar fud Chomhairle Contae Átha Cliath Theas Teastaíonn comhoibriú agus tiomantas iomlán na bhfostaithe go léir chun cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú in eagraíocht a bhfuil an oiread réimsí éagsúla inti is atá i gComhairle Contae Átha Cliath Theas. Féachann an eagraíocht lena gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a dhéanamh i gcaoi is go gcinnteofar, a mhéid is indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a fostaithe go léir agus sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair dhaoine eile a ndéanfadh a gníomhaíochtaí ó lá go lá difear dóibh.

**An Córas Bainistíochta Sábháilteachta**

Seoladh athbhreithniú bonnlíne ar an gcóras bainistíochta sábháilteachta in 2013 mar chuid den phróiseas feabhsúcháin leanúnaigh. De thoradh an athbhreithnithe seo déanfar an córas bainistíochta sábháilteachta a nuashonrú agus a fhorbairt tuilleadh i rith 2014.

**Oiliúint i gcúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta**

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta do chultúr na sábháilteachta a chur chun cinn, scileanna agus eolas a fheabhsú agus a thabhairt don fhoireann agus cur le forbairt dea-nósanna imeachta don tsábháilteacht ag an obair. In 2013, cuireadh 83 chúrsa oiliúna ar shláinte agus ar shábháilteacht i gcrích agus caitheadh €114,083 san iomlán den bhuiséad orthu sin agus an Deontas do Bhóithre nach Bóithre Náisiúnta iad san áireamh ann. Áiríodh iad seo a leanas leis an réimse cúrsaí - ag dul isteach i suíomhanna cúnga, láimhsiú sábháilte, sábháilteacht phearsanta ag an obair, úsáid roitleán scríobach, úsáid sábh slabhrach, úsáid slisirí adhmaid agus an pas sábháilte.

**Sonraí na dTimpistí agus na dTarlúintí**

Cuireadh tuairisc faoi 21 timpiste a bhain leis an obair chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i gcaitheamh 2013; cailleadh 465 lá oibre de bharr na dtimpistí seo.

**Cigireacht Sábháilteachta**

Rinne an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta 23 chigireacht i gcaitheamh 2013. Rinne an fhoireann ardbhainistíochta 10 gcigireacht láithreáin. Rinne an tAonad um Rialú Ionaid Oibre de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta teagmháil leis an gComhairle faoi dhó.



## Seirbhísí Leabharlainne

**Is i líonmhaire a théann an t-éileamh ar sheirbhísí leabharlainne ó bhliain go bliain**
Ba shuntasach an méadú a tháinig ar an éileamh ar sheirbhísí leabharlainne in 2013. I gcomparáid le figiúirí na bliana 2012 bhí ardú 24.5% ar Eisiúintí, 13% ar an líon Cuairteoirí, 10.8% ar líon na Seisiún Ríomhaireachta, 7% ar Amais Ghréasáin agus 118% ar líon na Seisiún WiFi.

Osclaíodh Leabharlann nua Bhaile Uí Ruáin ar an 18ú Feabhra 2013 agus láithreach bonn bhí líon thar na bearta d'eisiúintí agus de chuairteoirí á dtaifeadadh.

**Litearthacht, Faisnéis agus Foghlaim**
Is seirbhís í an tacaíocht litearthachta de gach cineál atá lárnach mar sheirbhís i Leabharlanna Átha Cliath Theas. Cuireadh cláir litearthachta spriocdhírithe bunaithe ar an litearthacht thraidisiúnta, an litearthacht dhigiteach agus an litearthacht faisnéise i ngníomh ar fud an Chontae in 2013. Áiríodh iad seo leis na cineálacha tacaíochta a tugadh in 2013 - Ranganna Béarla, bunchúrsaí i scileanna TFC, cúrsaí TTRS (Teagmhaigh, clóbhuail, léigh, scríobh), Réidh don Léamh agus cur chun cinn na gclubleabhar do gach aoisghrúpa sna leabharlanna mar aon leis an tacaíocht dóibh.

Chuidigh na leabharlanna freisin leis na ranganna Coder Dojo atá ceaptha do leanaí ar mian leo códú a fhoghlaim, suíomhanna gréasáin, aipeanna, cláir, cluichí agus tuilleadh le cois a fhorbairt. Tá dojo dírithe ar leanaí ó thaobh ábhair de agus cabhraíonn meantóirí deonacha leis na leanaí a mbíonn scileanna ar leibhéil éagsúla acu rudaí chomh difriúil leis na bunscileanna a fhoghlaim, a scileanna ríomhchláraithe a fheabhsú nó foghlaim conas a n-aipeanna féin a dhéanamh.

Thug an bus, Digitigh an Náisiún, cuairt ar Chontae Átha Cliath Theas chun daoine a chur faoi oiliúint i TFC. 8 n-uaire an chloig oiliúna do thosaitheoirí a bhíonn i gceist leis an oiliúint.

**Cultúr agus Cruthaitheacht**
Sásamh a bhaint as na leabhair, agus an cultúr agus na húdair a cheiliúradh is bun le Féile Leabhar na Líne Deirge a bhíonn ar siúl go bliantúil ag Leabharlanna Átha Cliath Theas www.redlinebookfestival.com Sa bhliain 2013



mhair an Fhéile ón 15ú go dtí an 20ú Deireadh Fómhair. Bhí imeachtaí ar siúl in ionaid éagsúla i dTamhlacht agus ar fud fad Chontae Átha Cliath Theas, lena n-áirítear an Amharclann Chathartha, RUA RED, Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta agus i mbrainsí Leabharlanna Átha Cliath Theas. Eagraíodh 46 imeacht d'fhéile 2013 agus mheall sí os cionn 2,800 duine. Ghlac 64 údar páirt i bhféile na bliana seo, lena n-áirítear an t-údar Colm Tóibín a bhfuil gradaim idirnáisiúnta bainte amach aige agus scríbhneoirí cáiliúla amhail Dermot Bolger, Deirdre Purcell, Peter Sheridan, Catherine Dunne, Fintan O'Toole, Mary Kenny, Harry Clifton, Arlene Hunt, Alex Barclay agus Mike McCormack. Bhí an 4ú ceann de thaispeántais bhliantúla TEDxTallaght ann le linn na féile freisin; is taispeántas Teicneolaíochta, Siamsaíochta agus Dearaidh é TED ina gcuireann an chuid is fearr de na smaointeoirí agus de na nuálaithe Éireannacha agus idirnáisiúnta a saothair i láthair. Bhí an chéad chomórtas filíochta, a seoladh sa samhradh, ar chlár fhéile na bliana seo; d'éirigh go han-mhaith leis agus tháinig 189 ndán isteach as gach cearn den tír. Bhí imeachtaí




eile ar siúl taobh le taobh leis an ngnáthchlár; imeachtaí do scoileanna ba ea iad inar tugadh léargas ar scríbhneoirí agus ar mhaisitheoirí leabhar do leanaí. Clúdaíodh an fhéile go forleathan sna meáin agus cuireadh os cionn 7,000 duine eile ar an eolas fúithi trí na meáin shóisialta a úsáideann Leabharlanna Átha Cliath Theas.

**Bliain nua na síneach 2013 sa Leabharlann Contae**



D'oscail Leabharlanna Átha Cliath Theas a ndoirse don phobal ar a gcéad **Oíche Chultúir**, an 20ú Meán Fómhair, an oíche shiamsaíochta a bhíonn ag príomheagraíochtaí uile an chultúir ar fud na hÉireann. Bhuail breis is 250 duine isteach sa Leabharlann Contae i dTamhlacht le haghaidh na scéalaíochta, na drámaíochta, an cheoil agus na n-amhrán faoi phearsana liteartha agus stairiúla a mhair in Éirinn san am a caitheadh. An oíche chéanna sin bhain a raibh i láthair i Leabharlann Bhaile Uí Ruáin, Ráth Fearnáin, taitneamh as sleachta

drámatúla as Strumpet City a bhí á léamh ag an staraí Catriona Crowe agus á léiriú ag an aisteoir Fergus Cronin agus trínar tugadh Baile Átha Cliath mar a bhí go luath sna 1900idí chun cuimhne.  Áiríodh Margadh na Nollag i Leabharlann Bhaile Uí Ruáin agus Aonach Ceardaíochta na Nollag sa Leabharlann Contae le tionscnaimh eile na bliana 2013.

**Tacaíocht Gnó / Eacnamaíoch**

In 2013, lean Leabharlanna Átha Cliath Theas ar aghaidh ag tacú leis an ngnó áitiúil trí imeachtaí, áiseanna agus cláir go leor a bheith acu ina líonra brainse. Tá an WIFI saor in aisce iontu chomh maith le háiteanna ciúine ina féidir le daoine teacht isteach agus a n-oifig a shocrú suas, a bheith ar a suaimhneas agus acmhainní gan áireamh faoina méara ó nuachtáin idirnáisiúnta ar líne go dtí Vision Net, suíomh gréasáin a thugann eolas faoi chuideachtaí as Éirinn agus as an Ríocht Aontaithe. Thug na spásanna taispeántais a bhí againn agus aonach ceardaíochta na Nollag deis d'ealaíontóirí neamhspleácha a n-ábhair a chur ar díol ina bpobail féin. In 2013, d'eagraigh Leabharlanna Átha Cliath Theas **Fócas ar Ghnó**, clár imeachtaí saor in aisce a bhí dírithe ar an lucht gnó go háitiúil. Cabhraíonn cainteanna, seimineáir agus ceardlanna i dteannta a chéile le gnóthais a bheith rathúil is cuma cén chéim ag a bhfuil siad.  Clúdaíodh na meáin shóisialta, gnó a thionscnamh, scileanna láithreoireachta, airgeadas agus onnmhuiriú, pleananna gnó a scríobh, Excel don Ghnó, LinkedIn, eagrúchán ar bhonn comhoibritheach chomh maith le deiseanna fónta a bheith ann don líonrú. D'fhreastail 35 duine ar an gcaint, Ag Tosú do Ghnó féin, i Leabharlann Leamhcáin rud a léirigh a riachtanaí is atá an cineál seo eolais.




**Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga**

Chuir Leabharlanna Átha Cliath Theas raon seirbhísí agus tacaí ar fáil do leanaí sa bhliain 2013. Dhírigh na seirbhísí seo ar dhá shainréimse: tacaíocht dhíreach d'earnáil an oideachais fhoirmiúil, agus cur chuige dírithe ar an leanbh agus ar an bhfoghlaim ghníomhach a tharlaíonn taobh amuigh de gheata na scoile.

Áirítear an méid seo a leanas leis na seirbhísí tacaíochta don oideachas foirmiúil: comhairle agus cabhair chun leabharlann scoile a bhunú agus a bhainistiú, comhairle agus taispeántais do mhúinteoirí agus do leanaí faoi na hacmhainní ar líne atá ar www.southdublinlibraries.ie, ranganna astu féin a chlárú nó an scoil go léir a chlárú, ceardlanna agus láithreoireachtaí ar an léitheoireacht leis na leanaí, cuairteanna ranga, an bailiúchán leabhar don seomra ranga,

CLOVER agus na Clubanna don Léitheoireacht Cois Leapa.

Sa bhreis ar an méid seo thuas sa bhliain 2013 tosaíodh ag tacú le curaclam na staire den chéad uair nuair a foilsíodh **Riots, Riffles and Rebels**. Ba le Frithdhúnadh 1913 an bhain an chéad ábhar a cuireadh isteach san fhillteán. Cuirfear tuilleadh isteach ann i gcaitheamh Dheich mBliana na gCuimhneachán.

Chuir Leabharlanna Átha Cliath Theas seirbhísí ábhartha agus nuálacha ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga fásta taobh amuigh den seomra ranga trí chlár bliantúil d'imeachtaí a cuireadh ar siúl ar fud na mbrainsí leabharlainne. In 2013 d'éirigh leis an bh**Féile Leabhar do Leanaí** údair as Éirinn, as Sasana agus as SAM a thabhairt chomh fada le leanaí bunscoile ar fud Chontae Átha Cliath Theas de bharr an 70 n-imeacht a bhí ag tarlú. Freisin eagraíodh an Clár do Leanaí agus do Scoileanna a bhí ag dul le **Féile Leabhar na**



**Líne Deirge** i mí Dheireadh Fómhair agus líonadh an Amharclann Chathartha faoi dhó (600 leanbh) don Taisce Léitheoireachta, Spóirt agus Mart. Cuireadh tús leis **an Tallann Mhearaí** i mí an Mheithimh. Féile nua do bhunscoileanna is ea í. Ba iad Leabharlanna Átha Cliath Theas a bhí i gceannas ar an gcéad cheann de **na Dúshláin Léitheoireachta Samhraidh** i gcomhar a eagraíodh agus ghlac




gach ceann de cheithre údarás Bhaile Átha Cliath agus Cill Dara agus An Longfort páirt sa Seabhrán Léitheoireachta Samhraidh in 2013. Sheol an tAire Proinséas Nic Gearailt é sa Leabharlann Contae i mí an Mheithimh. Leanfar leis an tionscadal in 2014. Eagraíodh **Féile na nDéagóirí**, a mhair ar feadh seachtaine, ar tháinig údair ar cuairt chuici agus ar reáchtáladh ceardlanna lena linn, i gcomhar le Coiste na nDéagóirí agus bhí sí ar bun dár ndaltaí iar-bhunoideachais ón 18-22 Samhain. Tharla sé go raibh níos mó éilimh ar áiteanna i mí na Samhna tráth a raibh imeachtaí eagraithe mar chuid de **Sheachtain na hEolaíochta**.

### TCF agus na Meáin Shóisialta

I gcaitheamh 2013 rannchuidigh agus thacaigh an Rannóg Leabharlann leis an tairiscint le haghaidh Córas Náisiúnta Bainistíochta

Leabharlainne ar cheart dó a bheith i bhfeidhm in 2014. Cuireadh irisí ar líne leis an raon seirbhísí atá ar fáil anois trí shuíomh gréasáin nuashonraithe na leabharlann.

Socraíodh clinicí ríomhleabhar duine le duine do dhaoine as an bpobal ar feadh na bliana sna leabharlanna brainse.

| **Leabharlanna 2013** | |
|---|---|
| **Na hUaireanta a mbíonn na Leabharlanna oscailte don Phobal** | |
| Uaireanta oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine maidir le leabharlanna lánaimseartha: | 45.55 |
| Uaireanta oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine maidir le leabharlanna páirtaimseartha (má tá i gceist): | 20.23 |
| An líon leabharlann lánaimseartha a bhíonn oscailte sa tráthnóna: | 5 |
| An líon leabharlann lánaimseartha a bhíonn oscailte ar an Satharn: | 5 |
| **Cuairteanna Leabharlainne** | |
| Iomlán na gcuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha: | 1168450 |
| **An Stoc Leabharlainne** | |
| An caiteachas bliantúil ar stoc: | 710373.48 |
| An líon iomlán leabhar a eisíodh: | 1002212 |
| An líon iomlán nithe eile a eisíodh: | 431004 |
| **Rochtain ar an Idirlíon** | |
| An líon iomlán seisiún Idirlín a soláthraíodh: | 294981 |

Lean Leabharlanna Contae Átha Cliath Theas ar aghaidh ag úsáid agus ag forbairt ardán na meán sóisialta chun a seirbhísí a chur chun cinn i measc an phobail nó chun an pobal a chur ar an eolas fúthu. Baineann Leabharlanna Contae Átha Cliath Theas leas as na meáin shóisialta agus as uirlisí Web 2.0 tríothú seo - Na Blaganna, Twitter, Facebook, Google+, Pinterest, YouTube, Flickr, Storify agus trí raon ardán cumarsáide digiteach eile trína ndéantar teagmháil le breis is 12000 duine/eagraíocht.

**Oidhreacht agus Staidéar Áitiúil**

D'fhoilsigh na Leabharlanna "Thomas Joseph Byrne, Nation Builder" sa bhliain 2013 agus leis sin d'fhadaigh siad an traidisiún leabhair a bhaineann le hábhair ar díol spéise iad go háitiúil a fhoilsiú. Ba é TJ Byrne an t-ailtire a d'oibrigh ar Leabharlanna Chluain Dolcáin agus an Teampaill Ghil.

In 2013 chruthaigh an Rannóg Leabharlann siúlóidí ar líne thart timpeall ar shráidbhailte Chontae Átha Cliath Theas (Cluain Dolcáin, Leamhcán, An Caisleán Nua, Baile Phámar, Ráth Cúil, Ráth Fearnáin, Teach Sagard, Tamhlacht agus Teach Mealóg) agus tá bróisiúir agus léarscáil an bhealaigh leo.

# Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide



**Tacaíonn ardán theicneolaíocht faisnéise na Comhairle leis an daonlathas, agus tá an rialtas áitiúil níos cuntasaí, níos trédhearcaí agus níos éifeachtúla dá bharr, téann sé chun tairbhe na ndaoine, na ngnólachtaí agus na ngníomhaireachtaí poiblí, agus neartaíonn sé an comhionnanas sóisialta mar gur féidir teacht ar fhaisnéis ó cheann ceann an lae agus na seachtaine. Tá an rialtas áitiúil á chur 'ar fónamh' don phobal ag an teicneolaíocht faisnéise**

**Sa bhliain 2013, lean an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise den tacaíocht ríthábhachtach a sholáthraíonn sí don eagraíocht mar thug sí isteach córais agus nuálacha chun éifeachtúlacht a chur i bhfeidhm agus costais a laghdú. Leanadh den tacaíocht chun fadhbanna a réiteach, córais agus bonneagar a fhorbairt, agus den chothabáil ach chomh maith leis sin cuireadh tionscadail go leor a raibh baint acu le TF i gcrích i ngach réimse den ghnó.**

## TIONSCADAIL TFC IN 2013

**Deisigh do Shráid**
Cuireadh FixYourStreet/Deisigh do Shráid i bhfeidhm go céimneach ar fud na tíre i ngach ceann de na 34 Údarás Áitiúla in 2012, i gcaoi is go nglacann sé le tuairiscí don tír go hiomlán. I gcaitheamh na bliana 2013, nuair a bhí an cur i bhfeidhm tugtha chun críche, bhí an Rannóg TF ag tabhairt tacaíochta d'údaráis áitiúla go leor chun FixYourStreet/ DeisighdoShráid a chomhtháthú leis na córais tuairiscithe atá acu faoi láthair, mar shampla na córais do Bhainistíocht an Chaidrimh le Custaiméirí. Go dtí seo, táthar tar éis breis is 19,000 tuairisc a fháil trí FixYourStreet/ DeisighdoShráid agus tugann oifigeach freagra orthu sin taobh istigh de 2 lá oibre.

**An Tionscadal Wi-Fi do Shráidbhailte**
Faoin Tionscnamh Athnuachana Sráidbhailte, tá Wi-Fi poiblí á sholáthar saor in aisce don phobal i gcoitinne ar phríomhbhóithre shráidbhailte an Chontae mar bheart fabhrach do ghnó, agus dá réir beidh na limistéir seo níos tarraingtí don phobal chun am a chaitheamh iontu agus déanfar níos mó gnó go háitiúil dá thoradh sin. In 2013, cuireadh an tseirbhís bheo chun feidhme in 2 cheann de na 9 sráidbhailte a bhí roghnaithe.



**Tionscadail Ghréasáin agus Trealamh Móibíleach**
Comhtháthaíodh na micreashuímh lena n-aghaidh seo - Baile Adaim, Cluain Buiríosa, Cathair Thamhlachta, Na hEalaíona, Inrochtaineacht, An Comhchoiste Póilíneachta agus na Seirbhísí do Leanaí leis an suíomh gréasáin corparáideach. Athscríobhadh na leathanaigh ghréasáin atá ag Pleanáil agus feabhsaíodh an mhír 'Ceamaraí Tráchta Beo' Tugadh an fhoirm theagmhála do chustaiméirí cothrom le dáta de réir an Bheartais Litearthachta. Scaoileadh an aip don fhón póca, 'MindMindR', eolaire ar na seirbhísí meabhairshláinte do Chontae Átha Cliath Theas, amach beo i Meitheamh 2013, agus íoslódáladh í 1250 babhta ó shin.



**Forbairt Bogearraí**
Forbraíodh agus seoladh córas nua do bhailiú sonraí an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha in 2013, agus cuireann sé ar chumas Cigirí Tithíochta suirbhé a dhéanamh ar áiteanna cónaithe príobháideacha ar cíos. Rinneadh uasghrádú agus forbairt ar an gcóras go leanúnach, lena n-áirítear ar an CBFF (an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta), Cíosanna Tithíochta, Orduithe an Bhainisteora agus Cúram Custaiméirí.

**Forbairtí GIS**
Cuireadh sraitheanna nua leis na Feidhmchláir Ghréasáin GIS don Inlíon agus don Idirlíon Corparáideach, le OASIS agus le ArcGIS Ar Líne:

- lena n-áirítear ortafótagrafaíocht ardtaifeach nua a seoladh i Meitheamh 2013;
- Toghlimistéir Áitiúla (teorainneacha nua);
- An Treoir maidir le Torann (truailliú ó thorann 24 uair an chloig agus ó thorann san oíche);
- Imbhuailtí ar Bhóithre - Tuairiscí ar Thimpistí ón ÚNB idir 2009-2011;
- Tacair shonraí na seoltaí corparáideacha.

Forbraíodh córas sceidealóra nua agus cuireadh i ngníomh é i gcaitheamh 2013 chun pleananna oibre na foirne cothabhála a oibríonn lasmuigh a sceidealú agus a eagrú.

**Uasghráduithe ar an mBonneagar TFC**
Leanadh de na huasghráduithe gnáthaimh agus de na feabhsúcháin ar bhonneagar bunúsach TFC na Comhairle i gcaitheamh 2013 nuair a cuireadh córas coiscthe ionraidh nua i bhfeidhm mar aon le scagadh gréasáin, agus nuair a rinneadh córas cúltaca corparáideach a athchur. Rinneadh uasghráduithe dochtearraí ar an trealamh LAN agus ar bhonneagar an fhreastalaí fhíorúlaithe agus uasghrádaíodh an Chomhadlann Ghníomhach. Cuireadh clár athsholáthair ríomhairí agus ríomhairí glúine i bhfeidhm go forleathan mar go raibh deireadh ag teacht leis an tacaíocht do Windows XP. Uasghrádaíodh na ceangail leis na cianoifigí agus feabhsaíodh na seirbhísí líonra sreangaithe agus Wi-Fi.

**Pleanáil Straitéiseach do TFC**
Rinneadh athbhreithniú straitéiseach cuimsitheach ar na córais agus ar shlándáil sonraí i gcaitheamh na bliana agus dá bharr cuireadh bearta pleanála straitéiseacha eile den chleachtas is fearr i ngníomh agus cuireadh tús le líon áirithe próiseas nua agus seiceálacha chun déileáil le bagairtí slándála.

Tá ardphleanáil i réim chun an baol a bheadh ann do shonraí ríthábhachtacha a mhaolú agus beidh Plean Leanúnachais Gnó agus Athshlánaithe ó Thubaiste fíor-riachtanach chun cinntiú go mbeidh an eagraíocht réidh don tarlúint gan choinne. Sa bhliain 2013 thug an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise faoi athbhreithniú ar an bplean Athshlánaithe ó Thubaiste agus Leanúnchais Gnó TE ar fud na n-aonad agus na bhfeidhmeanna gnó. An bhliain seo chugainn, cuirfear moltaí as an athbhreithniú seo i ngníomh agus réiteofar

plean cuimsitheach don eagraíocht a mbeidh moltaí ann ó gach rannóg.

**Seirbhísí Comhroinnte**
Leanfaidh an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise uirthi ag neartú na gceangal réigiúnach agus ag glacadh páirte go hiomlán sa chlár seirbhísí comhroinnte don soláthar seirbhíse teicneolaíche.

**Bainistíocht Eolais agus Sonraí Saor-rochtana**
Is tionscnamh é seo a tosaíodh in 2013 agus is rannpháirtí gníomhach sa tionscnamh náisiúnta, Bainistíocht Eolais agus Sonraí Saor-rochtana í CCÁCT. Áirítear ar cheann d'aidhmeanna an tionscnaimh Feidhmíocht Rialtais Áitiúil a fheabhsú trí chur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le heolas a bhainistiú agus a chur chun feidhme san earnáil. Áirítear iad seo a leanas leis na spriocanna tionscadail eile don earnáil - cur chuige struchtúrtha maidir le Bainistíocht Eolais, réitigh theicneolaíocha a chur i ngníomh a sholáthróidh rochtain éasca agus thráthúil ar eolas ábhartha agus an deis Sonraí Saor-rochtana a fhoilsiú.

**Córas Bainistíochta Leabharlainne**
Tháing an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach ar chomhaontú go gcuirfear cur chuige seirbhísí comhroinnte i ngníomh maidir le córas bainistíochta leabharlainne aonarach le haghaidh leabharlanna poiblí uile na n-údarás áitiúil, mar chuid den straitéis náisiúnta nua do na leabharlanna poiblí. Áireofar catalóg leabharlainne chomhroinnte aonarach leis an gcóras bainistíochta leabharlainne aonarach, éascófar cárta ballraíochta leabharlainne aonarach náisiúnta agus beidh comhroinnt nithe sealbhaithe, bainistíocht agus comhtháthú ábhair chlóite agus dhigiteach mar acmhainn aige.  Cuireadh tús leis an bpróiseas bailithe riachtanas agus tairisceana in 2013, agus ceannóidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil an córas agus í ag gníomhú thar ceann údaráis áitiúla na hÉireann agus déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas é a bhainistiú i bpáirt thar ceann Bord Tionscadail. Cuirfear an córas a roghnófar i bhfeidhm ar dtús i gceithre údarás Bhaile Átha Cliath agus i gComhairle Contae Chill Dara, agus ina dhiaidh sin go céimneach sna húdaráis leabharlainne eile go léir. Tá na tairiscintí don chóras nua atá beartaithe á scrúdú faoi láthair.

Tá forbairt agus cur i ngníomh chlár athchóirithe na hearnála poiblí á n-éascú ag an dteicneolaíocht faisnéise agus is é Clár an Rialtais atá mar bhonn agus mar thaca le roinnt mhaith de na tionscadail reatha agus tá siad ina gcuid den Straitéis Athbhreithnithe ar Éifeachtúlacht Rialtais Áitiúil i ndáil le Seirbhísí Comhroinnte.

**Tuairisc ó Tommy Kavanagh, Ceann na gCóras Eolais**

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Seirbhísí
# Pobail



## Ag Obair le Pobail

Tá forbairt pobail agus gafacht/rannpháirtíocht na ndaoine an-ard ar liosta tosaíochtaí na Comhairle. Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Pobail raon leathan clár nó tacaíonn sí le raon leathan clár sna réimsí seo - na healaíona, spórt agus áineas, cuimsiú sóisialta agus imeascadh, féilte agus imeachtaí, béilí scoile agus tacaí do na seanóirí agus cuidíonn an méid sin go mór le pobail a bheith gníomhach ar mhaithe lena gcaighdeán saoil a fheabhsú agus iad a bheith níos sláintiúla agus níos folláine.

## Athchóiriú Rialtais Áitiúil - 'Tús Áite do na Daoine'

Táthar tar éis an cruinniú deiridh de Bhord Forbartha Contae Átha Cliath Theas a thionól agus is é an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil atá ann ina áit. Tá sé seo ar cheann den deich gcoiste ba luaithe a bunaíodh sa tír agus a bhí a chéad chruinniú aige an 18ú Nollaig, 2013.

## Comhchoiste Póilíneachta Chontae Átha Cliath Theas

Tháinig Comhchoiste Póilíneachta Chontae Átha Cliath Theas le chéile 4 uaire in 2013 agus thacaigh sé leis an obair a bhí ar siúl ag dhá fhoghrúpa: Páirceanna agus Imeaglú. Chuir an Comhchoiste Póilíneachta plean oibre le chéile do 2013. Tá trí fhóram póilíneachta áitiúla ann anois - i dTamhlacht, i gCluain Dolcáin agus i dTuaisceart Chluain Dolcáin.

## Straitéis Idirghníomhaireachtaí Chontae Átha Cliath Theas don Lucht Siúil

Tháinig an Grúpa Idirghníomhaireachtaí don Lucht Siúil le chéile cúig uaire in 2013. Straitéis atá briste i naoi gcinn de ghníomhartha sonracha í Straitéis Idirghníomhaireachtaí Chontae Átha Cliath Theas don Lucht Siúil agus tá gach ceann díobh faoi Cheannghníomhaireacht a chuireann chun cinn iad.

## Forbairt Pobail

- Déanann Comhairle Contae Átha Cliath Theas urraíocht ar 5 Scéim Fostaíochta Pobail agus ar 1 Scéim Tionscnamh Post
- Fónadh do 3 Chruinniú Toscaireachta in 2013
- Soláthraíodh ceapairí, torthaí agus bainne do leanaí in 24 Bhunscoil trí Scéim na mBéilí Scoile
- Próiseáladh 63 iarratas ar dheontais faoin Scéim Deontas Pobail
- Bhain 32 Thionscadal Samhraidh leas as an gCistiú do na Tionscadail Samhraidh D'fhreastail thart ar 6,000 leanbh ar na Tionscadail Samhraidh in 2013
- Íocadh Deontais Bhainistíochta i gCabhair le 12 Ionad Pobail
- Lean an Fhoireann Forbartha Pobail ar aghaidh ag tacú le raon féilte seanbhunaithe lena n-áirítear féile Leamhcáin agus féile Chluain Dolcáin agus ag cabhrú le féilte nua a bhunú lena n-áirítear féile Thamhlachta agus féile An Chaisleáin Nua/Ráth Cúil/Theach Sagard
- Bunaíodh Tionscnamh Leamhcáin in 2013 chun an soláthar áiseanna pobail i mórlimistéar Leamhcáin a scrúdú, agus díríodh go speisialta ar líon agus ar réimse na n-áiseanna áineasa agus spóirt faoi dhíon a bhí ar fáil don phobal. Rinne Tionscnamh Leamhcáin suirbhé a bhí an-chuimsitheach agus chuaigh sé i gcomhairle le cónaitheoirí, le scoileanna agus le comhlachtaí spóirt. Bunófar aon chinntí a dhéanfar amach anseo ar na torthaí a fuarthas.

## Tógáil Saoráidí Pobail

Críochnaíodh an obair ar Ionad Pobail nua Bhaile Cuilinn / Bhaile Mhic Craith in 2013. Osclaíodh an t-ionad nua "An Pháirc" i mí Mheán Fómhair.

## AN OIFIG EALAÍON

Tá Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta do bheith ag ullmhú don todhchaí trí chuidiú le forás daoine cruthaitheacha agus pobal trí bhíthin na nEalaíon.

Imeachtaí a bhí ar siúl ag an Oifig Ealaíon in 2013

- Seimineár d'Óige Chluain Dolcáin
- An Fhéile Scannán NOISE Flicks
- An Fhéile Damhsa NOISEMOVES
- An Taispeántas, Campas Cruthaitheach
- Tionscnamh forbartha do lucht féachana óg le Féile Damhsa Bhaile Átha Cliath
- An Mórdhinnéar, agus ní taobh le Cadal Bhaile Átha Cliath amháin é
- Tionscadal na dtaispeántas samhraidh i gcomhar le Seirbhísí Óige Chluain Dolcáin agus Bhaile Uí Rónáin
- Clár Suburban Sounds agus an cheolchoirm dheireadh téarma
- Clár agus craoladh le Media Makers
- Ceolchoirm na n-amhránaithe / na scríbhneoirí amhrán óga
- Ceolchoirm dheireadh bliana sheirbhís an Oideachais Cheoil
- Seimineár ar an Ilchineál Cultúr ag na Croisbhealaí
- Seimineár ar scéim na n-ealaíontóirí sa phobal
- Ruaille Buaille, an Fhéile Cheoil do Leanaí i Leamhcán
- An Lá Ceoil, Bain Sásamh as an Saol
- An Lá Cultúir
- Seimineár Amharcealaíontóirí na hÉireann
- Gairmeacha le NOISE
- Féile Leabhar na Líne Deirge
- Seimineár ar Cheangal idir na hEalaíona don Óige
- Clár na léirmheastóirí óga don Ardteistiméireacht
- Ceiliúradh - an ilchineálacht chultúrtha á léiriú trí na healaíona
- Campa damhsa NOISE
- UNWRAPPED



Leanadh freisin ag tacú le RUA RED, Ionad Ealaíon an Chontae agus leis an Amharclann Chathartha Fuair Grúpaí Ealaíon agus Shiamsaíocht Mhalartach Phobal Thamhlachta cabhair ón gComhairle in 2013.



## Cuimsiú Sóisialta

Tá an tAonad um Chuimsiú Sóisialta dírirthe fós ar thionscnaimh bunaithe ar na cleachtais is fearr a lárshruthú laistigh den Chomhairle agus ar thionscnaimh a fhaigheann réiteach nua-aimseartha, éifeachtúil agus éifeachtach ar an eisiamh sóisialta i limistéir eisimeallaithe a chur chun cinn agus deis chainte a thabhairt don phobal agus gníomhú ar na nithe a bhfuil tábhacht leo ina súilesean.

Éachtaí/buaicphointí an Aonaid in 2013:

- An Gradam 'Sárchúram do Chustaiméirí' ó Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann as an tionscadal dár gcuid "Ag Tógáil Céimeanna i dTreo Údarás Áitiúil ina mbeidh an Litearthacht in oiriúint"
- Ar an ngearrliosta do Ghradaim Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann as a bheith ag Tacú le Pobail Ghníomhacha, An Tionscadal do na Scoileanna "Cultúr an Lucht Siúil i gContae Átha Cliath Theas"
- An tSeachtain Eorpach i gcoinne an Chiníochais - Blitz agus Comórtas Spórt
- Féile na Bealtaine 2013
- Na Gairdíní Pobail - Daoine Dífhostaithe/Ar scor - Daoine faoi Mhíchumais - Tionscadal Ghairdín Domhanda Thrócaire
- Clár TF don Lucht Scoir Gníomhach
- An Tionscadal do na Scoileanna, Cultúr an Lucht Siúil i gContae Átha Cliath Theas
- An Fóram um Imeascadh Imircigh Chontae Átha Cliath Theas
- Contae Uilechuimsitheach - Straitéis Chontae Átha Cliath Theas don Imeascadh
- An tionscadal "Ag Tógáil Céimeanna i dTreo Údarás Áitiúil ina mbeidh an Litearthacht in oiriúint" curtha i ngníomh
- An Comórtas do Scoileanna Dara Leibhéal
- Imeascadh Náisiúnach ó Thríú Tíortha trí Ardáin de chuid an Údaráis Áitiúil
- An tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta, 2013
- Searmanas Saoránachta do Phobail Imirceach



## Contae Aoisbhách

- Tionóladh 3 chruinniú de Chomhaontas Aoisbhá an Chontae in 2013. Is é an An Bainisteoir Contae a bhíonn ina chathaoirleach ar na cruinnithe seo agus tugann siad grúpaí agus gníomhaireachtaí a bhíonn ag obair leis na seandaoine sa Chontae le chéile.
- Ba é Ráth Cúil a roghnaíodh ar an gcéad Bhaile Aoisbhách. Chuathas i mbun próiseas comhairliúcháin leis an bpobal agus cuireadh bailchríoch ar phlean do Bhaile Aoisbhách.
- Tosaíodh Scéim Aitheantais do Ghnó Aoisbhách in Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life. Ghlac 15 ghnóthas páirt sna céimeanna tosaigh agus tar éis an chomhairliúcháin le custaiméirí scothaosta dá gcuid bronnadh Cairt do Ghnóthais Aoisbhácha orthu sin.
- Ghlac Leabharlanna Chontae Átha Cliath Theas páirt i dtionscadal taighde chun Prótacal Aoisbhách do Leabharlanna a

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

fhorbairt i gcomhar le Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- Tús Nua - Lean Comhairle Dhaoine Scothaosta Átha Cliath Theas dá cruinnithe in 2013 agus d'eagraigh sí imeachtaí go leor do dhaoine scothaosta lena n-áirítear maidineacha caife i Leabharlann Thamhlachta, aonach eolais i Staid Thamhlachta agus Ceardlann Athchuimhní i Rua Red nuair a bhí an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta ar siúl. Bhí lámh ag baill Thús Nua i ndáileadh an 500 buidéal agus teachtaireacht iontu a dáileadh mar cuid de thionscnamh Chlub na Leon.

## Comhairle Na nÓG



Comhairlí do dhaoine óga na háite is ea Comhairlí na nÓg, a thugann deis do leanaí agus do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i bhforbairt seirbhísí agus beartas áitiúil. Tugann Comhairle na nÓg deis do na daoine óga atá i gContae Átha Cliath Theas ábhair a dhéanann difear dá saol laethúil a shainaithint agus a phlé, agus is eagraíocht í ónar féidir le daoine óga a dtuairimí agus a n-údair imní a chur faoi bhráid cinnteoirí sa rialtas áitiúil agus náisiúnta araon.

- Bhí lámh aici i ndearadh na hAipe don fhón cliste, MindMindR, a lainseáladh i Meitheamh 2013. Eolaire cuimsitheach de sheirbhísí agus d'acmhainní Meabhairshláinte do Chontae Átha Cliath Theas é MindMindR.
- An Lá Cibearshlándála i gcomhpháirtíocht leis an Leabharlann Contae.
- D'fhreastail 8 comhalta de Chomhairle na nÓg Átha Cliath Theas ar Dháil na nÓg i bPáirc an Chrócaigh i mí na Samhna 2013.

## An Oifig Spóirt agus Áineasa

Glacann Spórt agus Áineas páirt thábhachtach i gcónaí san fhorbairt pobail agus phearsanta trí chláir agus trí thionscnaimh go leor a bhíonn á gcur i bhfeidhm go céimneach ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas. Oibríonn an Oifig Spóirt i gcomhpháirtíocht le lear mór clubanna, scoileanna, grúpaí pobail, cumann, agus ceanneagraíochtaí náisiúnta spóirt chun clár éagsúil agus cuimsitheach a sholáthar ar fud an Chontae. Oibríonn sí freisin trí chomhpháirtíocht - tacaíonn sí le clár an Aonaid um Chuimsiú Sóisialta agus le Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas.

Tá roinnt samplaí anseo thíos de na cláir a bhí ar siúl i mbliana:

**Imeachtaí Teaghlaigh / Pobail:**
- Tóraíochtaí Taisce na Cásca i ngach aon cheann de na Páirceanna réigiúnacha
- An Lá Náisiúnta don Súgradh
- Seachtain Náisiúnta an Áineasa
- Tacaíocht do Sheachtain Náisiúnta na Rothar

**Cláir do Dhaoine Scothaosta**
- Féile na Bealtaine - in ómós na nDaoine Scothaosta atá sa Chontae
- PALs - Oiliúint do Threoraithe Aclaíochta le haghaidh treoraithe deonacha don Lucht

Scoir Gníomhach/grúpaí daoine scothaosta
- "Beir Beo ar an Saol" Cluichí do Sheanóirí Átha Cliath Theas
- "Beir Beo ar an Saol" Cluichí Náisiúnta do Sheanóirí - "Scidils" Buaiteoirí Náisiúnta 2013
- Leabharlann Trealaimh do ghrúpaí daoine scothaosta

**Scoileanna / Cláir Forbartha Spóirt**
- An tSeachtain Eorpach i gcoinne an Chiníochais (Blitz Ilspórt do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna - Comórtas Chorn an Mhéara)
- Boxercise / Clár Sláinte do mheánscoileanna
- "Corn Átha Cliath Theas"- Comórtas rugbaí do scoileanna
- An tsraith thrastíre do bhunscoileanna Átha Cliath Theas

## Cláir Pobail

- Clár na Sraithe Sacair Deireanach san Oíche
- An Tionscadal Capall do Dhaoine Óga Fhothair Chardain - clár do dhaoine óga i gcomhpháirtíocht le Barnardos
- Clár na dTionscadal Samhraidh do mhí Iúil - Laethanta Gníomhaíochtaí Spórt
- Cláir Boxercise déanta le déagóirí i mbaol.

**Cláir do dhaoine faoi míchumas:**
- An Clár, Gliairí Óga Átha Cliath Theas
- An Tionscadal Samhraidh, Gliairí (Tionscadal Samhraidh do leanaí faoi mhíchumais)
- Peil do Chách - Campa Samhraidh
- Campa Ilspórt Oíche Shamhna do leanaí faoi mhíchumais
- Peil do Chách - Féile Náisiúnta na gClubanna - Féile shacair do dhaoine faoi mhíchumas
- An Clár Boxercise do Dhaoine Óga faoi Mhíchumas
- Rinneadh an clár, Boxercise, le daoine aonair a bhí ag freastal ar Ionaid Tacaíochta Meabhairshláinte

**Oifigigh Forbartha Pobail:**
Faigheann ochtar oifigeach forbartha "sa phobal" comhchistiú agus tacaíocht agus treoir ón Oifig Spóirt agus Áineasa don sacar, don rugbaí agus don chruicéad. Cuireann na hoifigigh forbartha seo na spóirt a bhfuil baint acu féin leo chun cinn ar fud an Chontae agus soláthraíonn siad agus éascaíonn siad réimse leathan clár lena n-áirítear oiliúint, oideachas, imeascadh, mná sa spórt, agus spóirt do dhaoine faoi mhíchumas agus déanann siad sin i gcomhar leis an Oifig Spóirt. Déanann na hoifigigh seo cúrsaí cóitseála agus oiliúna le bunscoileanna agus le meánscoileanna, le grúpaí pobail, agus le clubanna spóirt ar fud fad an Chontae. Bíonn cabhair ar fáil uathu nuair a bhíonn struchtúir le forbairt do chlubanna agus cuireann siad an t-éiteas, Cothrom na Féinne, agus an cuimsiú sa spórt chun cinn ina ndisiplíní éagsúla féin. Bíonn campaí spórt samhraidh ar siúl ag gach duine de na hoifigigh forbartha i rith na laethanta saoire ina spóirt ábhartha féin ar fud an Chontae.

## COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT CHONTAE ÁTHA CLIATH THEAS (CSCÁCT)

**Imeachtaí**
Ramble Aid,www.rambleaid.ie - Tá borradh mór tagtha faoin tionscnamh seachas mar a bhí nuair a bunaíodh é in 2011 agus ba 695 dhuine a ghlac páirt sna 3 imeacht a bhí sna páirceanna áitiúla in 2013 tráth ar bronnadh an t-ioncam go léir ar 3 charthanas áitiúla ar mhaithe le tacú le tionscnaimh mheabhairshláinte do dhaoine óga.

Operation Transformation (OT) – eagraíodh an tsiúlóid áitiúil mar chuid den tsraith a bhí ar bun ar fud na tíre ag RTÉ. Chuaigh thart ar 450 duine ar shiúlóid OT i bPáirc Chorcaí in 2013.

Opportunity 2 Transform (02T) - nuair bhíonn siúlóid Operation Transformation thart, deis a bhíonn san OT2 5k a rith chun bailchríoch a chur ar an gclár OT. Thug 350 duine do na sála é in 2013, an chéad bhliain a ritheadh an rás.

Bíonn imeachtaí bliantúla ann chomh maith- Seachtain na Rothar, Dúshlán Corparáideach na Comhairle Spóirt agus an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta a bhíonn ag CCÁCT agus bíonn baint againn leo go léir. Eagraímid clár cuimsitheach chun an siúl a chur chun cinn (Fitwalk) faoi dhíon agus faoin aer le scoileanna agus le hionaid phobail/grúpaí agus thugamar lámh chúnta nuair a bhí an Rith Páirce 5k, sraith a bhí saor in aisce, á rith i bPáirc Ghleann an Ghrífín i Leamhcán gach maidin Satharn, a raibh 150 duine ar an meán á rith gach seachtain. Tá sé ceaptha tús a chur le cúrsa eile den Rith Páirce i bPáirc Thigh Motháin in 2014.

## YPATH (Gníomhaíocht Aclaíochta don Óige ar mhaithe leis an tSláinte)

Cuireadh an clár seo, a bhí á rith i gcomhpháirtíocht le Roinn na hEolaíochta Spóirt agus Sláinte in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ar bun in 8 meánscoil i gContae Átha Cliath Theas. Seasann CCÁCT costas an chláir (€300) do gach scoil. Is iad ranganna na chéad bhliana a thagann faoin gclár trína ndéantar réimse níos leithne agus níos machnamhaí de ghníomhaíochtaí leo don Chorpoideachas agus faoina ndéantar monatóireacht ar a ndul chun cinn. Bhí na múinteoirí go mór i bhfabhar an chláir agus thacaigh siad leis an éiteas gníomhaíochta sa scoil uile.

## Gradaim sna Spóirt Amaitéaracha

Tá na spóirt seo ar bun anois le tamall de bhlianta anuas i gcomhpháirtíocht leis an nuachtán, The Echo, agus is iontach an tslí atá ann do CSÁCT agus do CCÁCT le haitheantas a fháil dá gcuid oibre ó na clubanna spórt éagsúla atá sa Chontae. Bhí siad seo a leanas i measc na n-aoíchainteoirí in imeacht na mblianta - Mick Dowling, Stephen Kenny, John Treacy agus Paul Kimmage. D'fhreastail Jim Gavin, ón gclub Round Towers i gCluain Dolcáin, agus bainisteoir peile fhoireann Bhaile Átha Cliath a bhuaigh Cluiche Ceannais na hÉireann, ar imeacht na bliana 2013 agus rinne sé dreas cainte lena linn.

## Treodóireacht

Tá 3 chúrsa bhuana leagtha síos againn in dhá pháirc réigiúnacha (Páirc Chorcaí agus Páirc Ghleann na Life) agus i Sléibhte Bhaile Átha Cliath (Club Thine Ifrinn). Tá imlíne an 4ú cúrsa tarraingthe i bPáirc Thigh Motháin agus tá an cúrsa féin le leagan go luath in 2014. Baineann scoileanna agus grúpaí gasóg agus grúpaí pobail eile an-úsáid as na cúrsaí saor in aisce seo i gcaitheamh na laethanta saoire.



## Soláthar Eolais

Bhí tráthnóna eolais do chlubanna againn in 2013 inar tugadh eolas ar an reachtaíocht a bheadh ann go luath maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána (i gcomhpháirtíocht le CSÁ Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin), agus bhí ócáid Buail Isteach againn sa Louis Fitzgerald Hotel do chomhlachtaí spóirt, do scoileanna agus do ghrúpaí pobail mar ar cuireadh eolas ar mheabhairshláinte daoine óga, ar fheasacht ar mhíchumas agus ar bhearta spárála fuinnimh faoina mbráid.



| Seirbhísí Pobail 2013 | |
|---|---|
| An líon iomlán scoileanna áitiúla agus grúpaí óige: | 434 |
| An líon scoileanna áitiúla agus grúpaí óige páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg: | 123 |
| An líon grúpaí cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach: | 998 |
| **Áiteanna Súgartha do Leanaí** | |
| An líon áiteanna súgartha do leanaí arbh é an t-údarás áitiúil a chuir ar fáil go díreach iad: | 15 |
| An líon cuairteoirí chuig saoráidí fóillíochta arna n-éascú ag an údarás áitiúil: | 517749 |

## Oiliúint

Bíonn siad seo a leanas ar fhéilire oiliúna CSÁCT a sholáthraítear gach bliain:

- Oiliúint i gcluichí do cheannasaithe réamhscoile agus do mhúinteoirí bunscoile
- Oiliúint i bhfeasacht ar mhíchumas do chóitseálaithe clubanna
- Oiliúint i gcosaint leanaí do chóitseálaithe agus do mheantóirí clubanna
- Oiliúint do Threoraithe Siúlóide

Sa bhliain 2013, chuir CSÁCT €9,400 ar fáil i ndeontais do 14 chlub áitiúla chun cabhrú leo leis an soláthar seirbhísí don phobal áitiúil.

## Staid Thamhlachta

Chuir Staid Thamhlachta bliain an-mhaith eile di agus bhí réimse leathan imeachtaí ar siúl inti.

Áiríodh cluichí spórt ardleibhéil, chomh maith le comórtais spórt idir scoileanna agus líon áirithe imeachtaí pobail orthu sin.

## An Tóstal 2013

- D'éirigh thar barr leis; eagraíodh 35 imeacht
- Tháinig thart ar 17,000 cuairteoir thar tír isteach
- Meastar gur chuir sé €25 milliún leis an ngeilleagar áitiúil



# Tithíocht

## Tithíocht Shóisialta

Soláthraíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas 10,955 aonad de chóiríocht tithíochta san iomlán do thionóntaí; tá gnáth-thithíocht údaráis áitiúil, Cóiríocht don Lucht Siúil, An Scéim Cóiríochta ar Cíos, agus Cláir Léasúcháin éagsúla i gceist leo sin. Oibrímid go han-dlúth le líon áirithe Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe freisin chun cur ar ár gcumas réitigh go leor a fháil ar chúrsaí tithíochta.

## Miondealú ar na hAonaid Tithíochta

- Gnáth-thithíocht Údaráis Áitiúil - 8873
- Cóiríocht don Lucht Siúil - 202
- Cóiríocht SCC - 1407
- Tithe ligthe faoi Chláir Léasúcháin Éagsúla - 474
- An líon aonad faoi bhainistiú ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe - 1262

## Measúnú ar Riachtanais Tithíochta

Ba 7,522 iarratasóir líon iomlán na n-iarratasóirí ar thithíocht cheadaithe a bhí ar liosta tithíochta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas an 31 Nollaig 2013. Rinne an Chomhairle seo a Measúnú ar na Riachtanais Tithíochta in 2013.

## Rogha Tithíochta

Lean an Chomhairle ar aghaidh leis an Scéim Rogha Tithíochta trína dtugtar de rogha d'iarratasóirí a bhíonn ar an Liosta Tithíochta iad a bheith curtha san áireamh le haghaidh maoine folmha áirithe sna limistéir a bhíonn luaite mar rogha acu. Sa bhliain 2013 léirigh 12,614 iarratasóir incháilithe spéis in 159 maoin a bhí fógartha faoin Scéim Rogha Tithíochta nua.

## Cóiríocht do Dhaoine gan Dídean

Déanann an tAonad Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean cur i láthair maidir le measúnú agus le socrúchán leapacha i gcás éigeandála agus le leithdháiltí tithíochta do dhaoine gan dídean chomh maith leis an tseirbhís comhairle a bhíonn ar tairiscint aige. Ba 207 n-iarratasóir a bhí cláraithe mar dhaoine gan dídean in 2013. D'éirigh leis an aonad buanchóiríocht i dtithe a fháil do 32 iarratasóir gan dídean in 2013. Cuireadh an chéad seirbhís de chuid na Comhairle a bhaineann le Cóiríocht Shealadach Thacaithe i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath 24 i mí na Bealtaine 2013.

## An Clár Tógála Tithe

Sa bhliain 2013 tosaíodh ag baint úsáide as an scéim sciath-thithíochta atá in Valhalla, Cluain Dolcáin. Tá 10 n-aonad cóiríochta ann. Is tríd an Scéim Cúnaimh Caipitil atá an scéim seo á cistiú agus beidh sí á bainistiú ag Cumann Tithíochta Clanmil. Fuair an Chomhairle cistiú faoin Scéim Cúnaimh Caipitil chun 2 theach a fháil chun freastal ar na riachtanais atá ag teaghlaigh a bhfuil riachtanais speisialta ag duine díobh. In 2013, fuair an Chomhairle 12 aonad de thithe sóisialta freisin faoi chláir fála arna gcistiú ag an RCPRÁ.



## An Scéim Cóiríochta ar Cíos

Sa bhliain 2013 cuireadh 237 maoin faoi urrús faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos; urrús céaduaire a bhí i gceist le 156 de na maoine agus athnuachan a bhí i gceist leis an 81 mhaoin eile. Amhail ar an 31/12/13 bhíothas tar éis 1895 chonradh a dhéanamh faoi shocrúcháin SCC ón gcéad uair ar cuireadh tús léi in 2004.

## Tionscnamh Léasúcháin Tithíochta Sóisialta

I gcaitheamh 2013, rinne an Chomhairle léirithe spéise a phróiseáil maidir le roghanna léasúcháin ó úinéirí maoine príobháideacha i ndáil le breis is 100 maoin. B'fhéidir cigireacht a dhéanamh ar 78 díobh sin maidir leis na caighdeáin léasúcháin/ligin a chomhlíonadh. In 2013 fuarthas 106 mhaoin faoi théarmaí an Tionscnaimh Léasúcháin Tithíochta Sóisialta agus leithdháileadh na maoine ar dhaoine a bhí ar liostaí tithíochta sóisialta.

## Cothabháil Tithíochta

- Athligeadh 217 n-aonad agus rinneadh oibreacha fuinnimh ar 33 díobh sin.
- Freagraíodh 16,705 iarraidh ar chothabháil in 2013
- In 2013, deisíodh 12 theach a raibh damáiste déanta ag tine dóibh
- In 2013, deisíodh 13 theach a raibh damáiste mhailíseach déanta dóibh
- Cuireadh doirse agus fuinneoga nua isteach in 168 theach ar mheánchostas €5,800 an teach. Tá 877 dteach eile ar an liosta a bhfuil doirse agus fuinneoga le cur isteach iontu.
- Uasghrádaíodh 60 teach i gCoillte Leamháin faoin scéim limistéir, Fuinneamh níos Fearr Tithe Níos Teo de chuid an SEAI 2013
- Uasghrádaíodh 32 theach in Eastát Ráth an Deagánaigh faoin treoirthionscadal, Scéim na dTithe Níos Teo ó ÚFIÉ
- Tugadh an t-uasghrádú ar 312 theaghais Comhairle ina bhfuil tionóntaí chun críche i dTigh Motháin Thuaidh, in Eastát Bhaile Thigh Motháin agus in Eastát Aonghasa faoi thionscnamh fuinnimh na RCPRÁ

## Cíosanna Tithíochta

Tá Scéim Cíosanna Difreálacha i bhfeidhm ag an gComhairle faoi láthair faoina ndéantar an cíos a mheas de réir 10% d'ioncam seachtainiúil an teaghlaigh. Ba €21,286,816 an t-ioncam a bhí ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas as cíosanna sa bhliain 2013 agus áirítear cuntais SCC leo sin.

Molann an Chomhairle d'aon tionóntaí dá cuid a bhfuil sé deacair orthu an cíos a íoc teagmháil a dhéanamh láithreach leis an Rannán Cíosanna ionas go bhféadfaidh an Chomhairle cabhair a thabhairt dá tionóntaí plean íocaíochta a chur le chéile chun aon riaráistí atá le híoc a ghlanadh. Tá breis is 10,000 cuntas faoi mhonatóireacht ag an Rannán Cíosanna, lena n-áirítear cuntais SCC. Seoltar ráiteas chuig na tionóntaí gach ráithe ar a dtspeántar na híocaíochtaí a rinne siad agus aon iarmhéid a bhíonn le híoc. In 2013, seirbheáladh 94 Fhógra Fágála ar thionóntaí mar nach raibh an cíos íoctha acu.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Cuireadh cóir chóiríochta ar 15 theaghlach den Lucht Siúil in 2013. Tá an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil atá ag an gComhairle á chur i ngníomh fós ag an Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil; soláthraíonn sé aonaid nua agus déanann sé bainistíocht ar an stoc reatha sainchóiríochta atá ag an gComhairle don Lucht Siúil.

## Deontais Tithíochta 2013

Tá trí dheontas i bhfeidhm ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas atá á gcomhchistiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (80%) agus ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas (20%). Déanann an Chomhairle líon áirithe oibreacha míchumais/inrochtaine do thionóntaí ar a maoine féin agus is as an gCúlchiste Fáltais Chaipitil Inmheánach a chistítear na hoibreacha. Tugtar na sonraí a bhain leis na deontais in 2013 faoin Tábla seo thíos:

| An Cineál Deontais | An Líon Iarratas | Luach |
|---|---|---|
| Deontais d'Oiriúnú Tithe | 110 íoctha | €1,177,315.98 |
| Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta | 67 íoctha | €271,686.24 |
| Tacaíocht Tithíochta do Dhaoine Scothaosta | 22 íoctha | €92,156.34 |
| Teaghaisí Comhairle | 73 íoctha | €385,980.39 |

## Tionscadail Tithíochta

In 2013, críochnaíodh cuid mhór de Chuid 3 de Chlár Athchóirithe na Comhairle a bhain leis na 73 aonad in Eastáit an Dhúin Ghlais agus an tSeanchaisleáin.  In 2013, críochnaíodh cuid mhór den uasghrádú teirmeach ar 22 theaghais i bPáirc na bPiarsach agus i bPáirc Phámar i mBaile Baodáin.

## Tacaíocht Forbartha Pobail i ndáil le Tithíocht

Lean Seirbhís Bainistíochta Eastáit na Comhairle lena cuid oibre a bhain le ceangail a dhéanamh le pobail agus le cabhair a thabhairt ionas go ndéanfaí níos mó forbartha sna pobail sin.   Fuair an tSeirbhís um Fhrithiompar Sóisialta atá ag an gComhairle 1376 thuairisc maidir le 1346 tharlúint d'iompar frithshóisialta sa bhliain 2013.

## An tSeirbhís Oibre Sóisialta de chuid an Leasa Tithíochta:

- Lean sí uirthi i mbun athbhreithnithe agus forbartha ar sholáthar na seirbhíse oibre sóisialta den leas tithíochta agus rinne sí sin de réir riachtanas na gcliant agus na n-acmhainní reatha;
- ghlac sí páirt sa phróiseas pleanála a bhain le cur i ngníomh bheartas na Comhairle chun Leanaí agus Daoine Óga a chosaint;
- chuir sí rannáin eile faoi oiliúint sa chleachtas aisiríoch;
- ghlac sí páirt i réimse leathan tionscnamh idirghníomhaireachtaí; agus
- d'éascaigh sí deiseanna don líonrú idirghníomhaireachtaí.

Sa bhliain 2013 bhí 488 gcás nua ar a lámha le cois an 177 gcás a bhí tugtha ar aghaidh ó 2012 agus b'ionann sin agus 665 chás a bheith idir lámha aici.

## Príomhtháscairí

- 179 dteach nua ar an Liosta Tithíochta leithdháilte ar thionóntaí nua in 2013
- 74 iarraidh ar Aistriú deonaithe
- 92% den 18,161 iarraidh ar chothabháil a fuarthas tugtha chun críche taobh istigh de na sprioc-amanna.
- Ba €21,286,816 an tIoncam ó Chíos in 2013 agus ba €41.55 an meanchíos seachtainiúil
- Ba 1,117 gcuntas iasachta bheo a bhí i bpunann na Comhairle agus ba €5.2 milliún an méid airgid a tugadh isteach


- An líon teaghaisí folmha 41
- B'ionann na fáltais ó chíos do 2013 agus breis is 100% den Dochar Cíosa, €21,286,816
- Céatadán Iasachtaí Bailithe = 87.71%
- Díoladh 29 dteaghais faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí in 2013.

**Tuairisc ó Billy Coman, Stiúrthóir na Seirbhísí Tithíochta, Sóisialta agus Pobail**

| | |
|---|---|
| **Tithíocht 2013** | |
| An líon iomlán teaghaisí i stoc an údaráis áitiúil | 9089.5 |
| An meánlíon teaghaisí a bhí folamh (seachas na teaghaisí sin a bhí faoi réir mórthionscadail athchóirithe) | 47 |
| An t-achar, ar an meán, (i seachtainí) ón dáta a fágadh an teaghais go dtí an dáta ar a ndearnadh na deisiúcháin riachtanacha uile a measadh gur ghá iad chun an teaghais a ligean an athuair: | 10.71 |
| **Deisiúcháin ar thithe** | |
| An líon deisiúchán a críochnaíodh: | 16705 |
| An líon iarrataí bailí ar dheisiúchán a fuarthas: | 18161 |
| **Cóiríocht don Lucht Siúil** | |
| An líon teaghlach den Lucht Siúil ar tugadh cóiríocht dóibh: | 15 |
| An sprioclíon teaghlach den Lucht Siúil a raibh cóiríocht le tabhairt dóibh sa bhliain, faoi mar a bhí leagtha amach sa chlár áitiúil cóiríochta don Lucht Siúil: | 15 |
| **Deontais Tithíochta** | |
| An t-achar, ar an meán, (i seachtainí) chun iarratais faoi Scéim na nDeontas Tithíochta i gcomhair Áiseanna mar chabhair don tSoghluaisteacht a phróiseáil, lena n-áirítear aon chigireacht riachtanach (nó tuilleadh díobh), ón dáta a fuarthas iarratas bailí go dtí an dáta ar glacadh cinneadh faoin iarratas: | 7 |
| An t-achar, ar an meán, (i seachtainí) chun iarratais faoin Scéim Deontas d'Oiriúnú Tithe do Dhaoine Faoi Mhíchumas (Tithíocht) a phróiseáil, lena n-áirítear aon chigireacht riachtanach (nó tuilleadh díobh), ón dáta a fuarthas an t-iarratas go dtí an dáta ar glacadh cinneadh faoin iarratas: | 9.81 |
| **Cúrsaí in Oiliúint agus i dTaithí Réamhthionóntachta** | |
| An líon iomlán de thionóntaí nua an údaráis áitiúil: | 157 |

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Seirbhísí Ailtireachta



**Sa bhliain 2013 dhírigh an Rannóg Seirbhísí Ailtireachta (RSA) ar chur le caighdeán agus le luach shráidbhailte agus bhailte an Chontae agus ar fheabhas a chur ar shócmhainní tógtha na Comhairle. Oibríonn na hailtirí go dlúth leis na rannóga eile agus i gcomhpháirtíocht leis na Pobail ar mhaithe le comhshaol éifeachtach agus inbhuanaithe tríd an dea-dhearadh agus trí dhéanamh áiteanna ar ardchaighdeán.**

## Tionscadail Chomhpháirtíochta na RSA

Is é príomhchuspóir an Tionscnaimh Sráidbhailte cabhair a thabhairt chun na 9 sráidbhaile thraidisiúnta atá sa Chontae a fhorbairt chun go bhféadfar díriú orthu chun líonraí siúlóide agus áineasa a bhunú thart timpeall orthu do na pobail a mhaireann ina gcomharsanacht, chun cur lena dtarraingteacht agus lena n-acmhainn don chuartaíocht, chun úsáid na bhfoirgneamh agus na láithreán a iniúchadh, agus chun Plean Bailte Slachtmhara 3 bliana a ullmhú do gach sráidbhaile.

Tugadh faoi chomhairliúchán pobail agus faoi chomhpháirtíocht phobail go forleathan leis na grúpaí áitiúla agus le tacaíocht na Comhairle tugadh comhairle faoi dhearadh/faoi thógáil agus gníomhaíodh mar cheangal i dtionscadail thrasghníomhaireachtaí. D'ullmhaigh foireann ildisciplíneach suirbhéanna mionsonraithe le haghaidh na 9 sráidbhaile inar tarraingíodh aird ar na láidreachtaí agus ar na laigí, ar na fadhbanna agus ar na deiseanna agus ar orthu a bhunófar na pleananna gníomhaíochta a bheidh le cur i bhfeidhm go céimneach in 2014.

## Ceangal le Tionscnaimh Fuinnimh

Is é an tAiltire Contae Seampaín Fuinnimh na Comhairle agus sa bhliain 2013 lean an Rannóg dá rannpháirtíocht sna tionscadail seo a leanas:

## An Clár LEAP (Ceannaireacht i ndáil le Gníomhaíocht um Fhuinneamh agus um Pleanáil)

Chláraigh an Méara Comhairle Contae Átha Cliath Theas le Cúnant na Méaraí i Meitheamh 2012; is tionscnamh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh é trína dtugtar Méaraí as áiteanna ar fud na hEorpa le chéile i gcomhthiomantas deonach chun astúcháin $CO^2$ a laghdú de réir íos-sprioc 20% faoi 2020.

Ó tharla muid a bheith tiomanta do Chúnant na Méaraí, d'oibrigh an Rannóg Ailtireachta go dlúth leis an Rannóg Pleanála chun Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe (SEAP) a ullmhú. Sheol an tAire, Pat Rabbitte, é i mí Feabhra 2013 agus ghlac an Chomhairle é i mí Bealtaine 2013.

Cuirtear clár oibre maidir le fuinneamh i láthair ina leagtar síos cé mar a fhéadfaidh an Contae a bheith chun cinn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar spriocanna fuinnimh an AE agus ar na spriocanna fuinnimh náisiúnta go dtí 2020. Tá sé d'aidhm leis tús áite a thabhairt d'úsáid agus d'éifeachtúlacht fuinnimh i bhfeidhmeanna uile na Comhairle. Aithnítear bearta agus tionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh ann trína laghdófar an úsáid a bhaineann an Chomhairle as fuinneamh, agus na costais agus na hastúcháin ghaolmhara $CO^2$. Leagtar amach na gníomhartha de réir na dtreoirphrionsabal "Cuir ar Taifead, Laghdaigh agus Cuir in Ionad".

Neartaíodh na ceangail le hOspidéal Thamhlachta, leis an gCearnóg, le hITT agus le hITBÁC tríd an SEAP, ionas go bhféadfaí na hastúcháin $CO^2$ a laghdú tuilleadh.

Tionóladh an cruinniú deiridh de chomhpháirithe an Tionscail Leap i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. D'eagraigh CCÁCT comhdháil náisiúnta fuinnimh agus turais ar Valhalla, Baile Adaim, Staid Aviva agus Ceantar na nDugaí.

## Tionscadail bainteach le Fuinneamh ar siúl sa phobal - Tionscadal Scáth-thithíochta Valhalla




Is breá an áit í seo - tá cóiríocht mhaireachtála lán-inrochtana inti do 23 duine - tá sí gar do na fóntais agus don chóras iompair phoiblí i Sráidbhaile Chluain Dolcáin.  Cuireadh tús leis an obair ar an láithreán in 2011, ábhair inbhuanaithe agus teicneolaíochtaí tíosach ar fhuinneamh a úsáideadh, agus tugadh an mhórláthair thithíochta ar láimh do Clanmil Housing Ireland, an ghníomhaireacht tithíochta dheonach, i mí Lúnasa 2013. Chuir an RCPRÁ, i gcomhar le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, in iúl nuair a bhí grúpa straitéise á bhunú aici chun comhairle a thabhairt faoin dea-chleachtas i ndáil le daoine faoi mhíchumais a chur isteach i dtithe go bhfuil sé i gceist aici leas a bhaint as an bhforbairt in Valhalla mar eiseamláir thagartha don dearadh.

## Tionscadail bainteach le Fuinneamh ar siúl sa phobal - Leabharlann Bhaile Uí Ruáin

Osclaíodh an Leabharlann nua i mBaile Uí Ruáin, a bhfuil an rátáil fuinnimh A3 bainte amach aici, go poiblí i mí Feabhra 2013. Is í seo





an chuid dheiridh den fhorbairt a bhí ar bun i gceathrú phoiblí Bhaile Uí Ruáin, lena n-áirítear an tIonad Pobail athchóirithe agus méadaithe agus an tIonad Tréadach nua, dhá fhoirgneamh a críochnaíodh in 2010. Tá sráid inmheánach ilfheidhmeach atá geal agus ar dhá airde sa leabharlann, agus spásanna taispeántais, seomra seimineár, seomra don oiliúint dhigiteach, seomra léitheoireachta atá breá fairsing mar a bhfuil cúinní leathphríobháideacha faoi chumhdach adhmaid thart timpeall le ciumhais na leabharlainne le haghaidh an staidéir agus clúideacha léitheoireachta spleodracha istigh sna ballaí i rannóg na leanaí.

## Tionscadail bainteach le Fuinneamh ar siúl sa phobal- Athchóiriú Stoc Tithíochta CCÁCT

- Tosaíodh ar an athchóiriú ar an láithreán ar 73 theaghais ar Eastáit an Dúin Ghlais agus an tSeanchaisleáin sa Bhealtaine 2012 agus críochnaíodh é sa 3ú ráithe de 2013. Gabhann lear mór beart spárála fuinnimh leis rud a théann chun tairbhe go díreach do na tionóntaí ó thaobh costais fuinnimh agus caighdeán saoil níos fearr de.

- Tosaíodh ar an tionscadal athchóirithe agus uasghrádaithe fuinnimh le haghaidh 22 árasán i bPáirc na bPiarsach agus i bPáirc Phámar, Baile Baodáin i nDeireadh Fómhair 2012 agus críochnaíodh é sa 2ra ráithe de 2013. Cuireann an soláthar seo de bhearta éifeachtúlachta fuinnimh agus na hallaí isteach iontu a bheith dúnta isteach agus breis spásanna príobháideacha a bheith taobh amuigh do na tionóntaí, go mór le caighdeán saoil na n-áititheoirí atá sna teaghaisí faoi láthair agus cuireann na bloic tithe le tarraingteacht na háite.

- Críochnaíodh an scéim limistéir, Fuinneamh níos Fearr Tithe Níos Teo de chuid an SEAI do theaghlaigh ar ioncam íseal in 66 theaghais le CCÁCT ar Eastát Choillte Leamháin idir Meán Fómhair agus Samhain 2013. Rinneadh oibreacha feabhsúcháin fuinnimh freisin i dTeach Choillte Leamháin ar Déanmhas Cosanta é, mar chuid den scéim seo a raibh 36% de cistithe ag CCÁCT. Is i dTeach Choillte Leamháin atá Tionscadal Athshlánúcháin Thamhlachta, tionscadal pobail a bhfuil ag éirí go maith leis, lonnaithe le blianta fada. Tá na grúpaí go léir a bhaineann úsáid as an teach agus an fhoireann i bhfad níos mó ar a gcompord mar thoradh ar an gcóras téimh lárnaigh nua agus ar na hoibreacha feabhsúcháin fuinnimh agus tá na costais fuinnimh íslithe.

- Chomhchistigh an scéim pobail, Fuinneamh níos Fearr, de chuid an ÚFIÉ, an obair athchóirithe a rinneadh ar Ionad Fóillíochta Leamhcáin; áiríodh insliú, córas téimh agus soilsiú níos fearr leis na hoibreacha a rinneadh agus d'ísligh sé sin an t-ídiú fuinnimh, agus bhain sé caighdeáin níos éifeachtúla amach agus an rátáil RFF B2. Dá bharr sin tá an tIonad níos compordaí do na baill reatha, don fhoireann agus do na grúpaí áitiúla a úsáideann é - lena n-áirítear clubanna na n-ealaíon comhraic, cispheile agus sacair.

- Cuireadh isteach insliú san Áiléar agus sna Cuasbhallaí in 320 teaghais CCÁCT sa bhliain 2013 faoin gClár Iarfheistithe Fuinnimh de chuid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

- Cuireadh fuinneoga agus doirse seachtracha atá tíosach ar theas isteach in ionad na seancheann in 168 dteaghais in 2013.

Rinneadh bearta uasghrádaithe ó thaobh fuinnimh de in 32 theach fholmha fad is a bhí na hoibreacha athligin ar bun, agus ba é Cléireach Oibreacha RSA a bhí i mbun monatóireachta ar na bearta spárála fuinnimh a rinneadh.

- Chuir an Chomhairle seirbhís ar na coirí do bhreis in 6,600 teaghais in 2013 mar chuid de chóras leanúnach cothabhála a chinntíonn éifeachtúlacht na gcóras téimh lárnaigh atá sa stoc tithíochta, córas a mbíonn an Chigireacht Mheicniúil agus na Suirbhéirí Cainníochta i mbun monatóireachta air.

- Sa bhliain 2013, rinne Cigireacht Leictreach na Rannóige breis is 1,900 cigireacht leictreach a bhain le stoc CCÁCT chun Sábháilteacht agus comhlíonadh na rialachán maidir leis na cláir leanúnacha cothabhála agus uasghrádaithe a chinntiú i ndáil leis an stoc Tithíochta agus leis na foirgnimh chathartha araon.

## Tionscadail phobail agus chónaithe eile a raibh a ndearadh faoi mhaoirseacht RSA

**An tsaoráid Phobail 'An Pháirc' i mBaile Mhic Craith**
Foirgneamh aon stóir a bhfuil achar 350m$^2$ faoi is ea é seo agus tá dhá chlós thírdhreachtaithe timpeall air. Is i bpáirc bheag os comhair theach tábhairne 'The Scholars' atá sé. Tá sé suite le hais locháin agus tá páirceanna imeartha thart timpeall air; tá a aghaidh ó dheas agus tá feiceáil bhreá ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath uaidh. Cuireadh tús leis an obair ar an láithreán i mí Lúnasa 2012 agus críochnaíodh an foirgneamh i mí Iúil 2013.





Tá Halla Pobail sa tsaoráid - is féidir dhá sheomra a dhéanamh de le landair infhillte - agus tá oifig / fáiltiú, seomra cruinnithe, leithris agus caifé beag a osclaíonn amach ó dheas ar an gclós sa Halla freisin. Bíonn flosc agus fuadar le brath san ionad gach lá lena mbíonn de ranganna: pilates, damhsa, boxercise, agus de ghrúpaí ann - grúpaí tuismitheoirí agus lapadán agus grúpaí óige. Tá sé molta go hard mórthimpeall.

Rinneadh oibreacha beaga i gcaitheamh na bliana i gcásanna riachtanas speisialta nuair a méadaíodh 5 theaghais, tá 3 cinn eile ag céim na Tairisceana agus tá 5 cinn ag céim an Staidéir Féidearthachta. Rachfar ar aghaidh leo seo in 2014 ach cistiú a bheith ar fáil.

Rinne RSA 217 gcigireacht i ndáil leis na Deontais d'Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, agus i ndáil le Deontais d'Áiseanna mar Chabhair don tSoghluaisteacht (Tithíocht) agus i ndáil leis na Deontais Chúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta. 102 iarratasóir a bhí i gceist in 2013.

## Tionscadail Tithíochta Sóisialta

Dearadh na tionscadail seo a leanas agus cheadaigh na Comhaltaí Tofa iad faoi Chuid 8 in 2013

- Athfhorbairt ar Bhóthar Belgard - 3 theaghais clainne
- Crochta na Gréine- 10 dteaghais clainne
- Eastát Fhinnéin- 2 theaghais clainne
- Eastát Mharcais- 11 theaghais clainne

Cuireadh na Pleananna Costais a bhainfeadh leo seo thuas faoi bhráid na RCPRÁ lena gceadú agus tosófar ar an obair ar an láithreán ar líon áirithe de na tionscadail seo in 2014.

## Áirítear iad seo a leanas leis na tionscadail lenar bhain comhoibriú trasrannóg;

- Seomraí Feistis TASC i bPáirc Thigh Motháin i bpáirt leis an Rannóg Comhshaoil. I mí Dheireadh Fómhair 2013, tosaíodh ar an obair ar an láithreán do Phailliún ina mbeidh 6 sheomra feistis, seomra mór do chlubanna, áiseanna le haghaidh réiteoirí/le haghaidh garchabhrach agus club d'úinéirí madraí. Oibreacha talún agus fóntas atá i gceist leis na hoibreacha; déanfar an foirgneamh go seachtrach; táthar ag súil go seachadófar é i mí Eanáir 2014 agus go gcríochnófar é i mí Márta 2014.
- Mór-acomhal Mhótarbhealaí Iompair Thamhlachta – an mol ag stáisiún ceann aistir an LUAS ar dhearadh fearainn phoiblí mar chuid de Phlean Gluaiseachta Thamhlachta lenar bhain roinnt comhairliúcháin le lucht na Cearnóige i dtaobh iarratais phleanála a dhéanfar go luath i ndáil le miondíol
- Droichead Ghleann na Dothra - comhairliúchán maidir leis an dearadh do dhroichead do choisithe/rothaithe trasna na Dothra mar chuid den bhealach rothaíochta ó Thamhlacht go dtí Baile Baodáin. Tógfar agus críochnófar an droichead in 2014
- Clár na Scoileanna - comhairliúchán agus obair féidearthachta don dearadh leis an Roinn Oideachais agus teagmháil leis an Rannóg Pleanála maidir le roghnú/ceannach láithreán a bheadh oiriúnach le haghaidh bunscoileanna i limistéar CCÁCT
- Seirbhísí dearaidh agus tógála don Rannóg Seirbhísí Corparáideacha i gcomhair athruithe agus feistithe bainteach le Halla an Chontae agus leis na hOifigí Cathartha i gCluain Dolcáin i dtaca le hath-imlonnú foirne go hinmheánach agus le léasú spásanna chuig tríú páirtithe.

## Dualgais Reachtúla

Bíonn comhairle agus seirbhísí tacaíochta ar fáil ón Rannóg Ailtireachta maidir leis na nithe seo a leanas go leanúnach:

- Árachas agus Éilimh Dliteanais Phoiblí: Tuarascálacha, Measúnú agus Finné

Saineolach

- Iarrataí maidir le Tailte a Dhiúscairt: Léarscáiliú, Tuarascálacha, Measúnú agus Measúnacht
- Iarrataí ó Rannóga is Cliaint maidir le saincheisteanna a mbíonn bonn ailtireachta nó teicniúil leo
- Is í an Rannóg Ailtireachta a bhíonn i mbun bainistíochta ar an monatóireacht a dhéantar ar na Déanmhais Chontúirteacha atá sa Chontae, lena n-áirítear dóiteáin agus intitim i ndéanmhais, agus cuireann sí iniúchtaí, tuarascálacha agus measúnachtaí i gcrích
- Rinne an RSA 1217 gcigireacht don Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha ó Bhealtaine go Nollaig 2013
- Rinne Measúnóirí RFF atá istigh sa Rannóg Ailtireachta 271 Mheasúnú RFF agus d'eisigh siad an líon céanna Teastas agus Tuarascálacha
- Eisíodh Teastais Taispeána Fuinnimh le haghaidh na bhfoirgneamh cathartha agus pobail uile atá ag CCÁCT sa Chontae a bhfuil an t-achar urláir atá iontu os cionn $500m^2$.

## Oibreacha Caomhantais

Bíonn an Rannóg Ailtirí gníomhach i gcúrsaí caomhnaithe agus oidhreachta na ndéanmhas cosanta. Áiríodh iad seo a leanas le hoibreacha na bliana 2013;

- oibreacha caomhantais ar na díonta agus earraí báistí agus feabhsúcháin ar an bhfearann poiblí ag The Court of Petty Sessions, An Phríomhshráid, Ráth Cúil, agus

- oibreacha athchóirithe ar Theach Chill Chairbre, Bóthar Nangair, Cill Chairbre, Co. Bhaile Átha Cliath.

## Oiliúint

Bíonn oiliúint san áireamh ag an Rannóg mar chuid den Chlár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach faoina bhfuil sé riachtanach d'ailtirí agus do theicneoirí 40 uair an chloig a chur isteach in aghaidh na bliana. Bíonn seisiúin inmheánacha ar siúl go rialta in am lóin chun an fhoireann a choinneáil cothrom le dáta maidir le treoir theicniúil agus sonraíochtaí ábhar agus tá 3 ball foirne ag freastal ar chlár oiliúna bogearraí ar Shamhaltú ar Eolas na Tógála in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Tá baill eile den fhoireann i mbun staidéir faoi láthair, le cuidiú na Comhairle, chun céim sa tSuirbhéireacht Chainníochta agus MBA a bhaint amach.

Tríd is tríd, bíonn foireann na rannóige dílis dá tiomantas agus is cur chuige solúbtha a bhíonn aici i dtaobh a bheith rannpháirteach le pobail áitiúla, le sráidbhailte agus le comharsanachtaí.

**Tuairisc ó Eddie Conroy, An tAiltire Contae**

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Seirbhísí Comhshaoil

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

**Is iad seo a leanas na réimsí as a bhfuil an Rannóg Seirbhísí Comhshaoil freagrach- pleanáil agus rialú bainistíochta dramhaíola, forfheidhmiú caighdeán agus fodhlíthe comhshaoil, pleanáil éigeandála agus comhordú gníomhartha freagartha, forbairt an chláir chaipitil shóisialta, cothabháil an fhearainn phoiblí (lena n-áirítear páirceanna) agus bainistíocht bruscair. Gabhann dhá phríomhfheidhm le hobair na Rannóige - feidhm straitéiseach agus feidhm oibriúcháin.**

**Is iad seo a leanas na feidhmeanna straitéiseacha:**

- **Pleanáil don Bhainistíocht Dramhaíola agus don Bhonneagar**
- **Forfheidhmiú Rialachán Comhshaoil agus Beartas Ceadúnúcháin**
- **Pleanáil don Bhainistíocht Bruscair**
- **Bainistíocht an Fhearainn Phoiblí**
- **Pleanáil Comhshaoil, Cumarsáide agus Oideachais**
- **Pleanáil Páirceanna agus Bonneagair**
- **Bainistíocht agus Rialú Airgeadais**
- **Pleanáil Éigeandála**
- **Fodhlíthe**

**Is í seo an obair a dhéanann na haonaid- an reachtaíocht a chur i bhfeidhm, an fearann poiblí a chothabháil agus an comhshaol a fheabhsú.**

## Pleanáil don Bhainistíocht Dramhaíola agus don Bhonneagar

**Plean Bainistíochta Dramhaíola**
Go luath sa bhliain 2013, tháinig Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC) ar chomhaontú i dtaobh leagan amach nua na Réigiún mar atá leagtha síos in "Tús Áite do na Daoine" agus tugtar an roinnt thíreolaíoch mar atá ar na Réigiúin Dramhaíola nua anseo thíos:




**Na Réigiúin nua don Phleanáil Bainistíochta Dramhaíola**
Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chomhordóidh an Plean i Limistéar Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre. Cuireadh tús leis an ullmhúchán do na Pleananna Bainistíochta Dramhaíola nua nuair a foilsíodh Fógra á lua go raibh sé ar intinn tosú ag ullmhú an Phlean Nua i mí Dheireadh Fómhair 2013. Beidh na Pleananna Bainistíochta Dramhaíola atá ann fós i bhfeidhm go dtí cibé tráth a dhéanfar na pleananna nua.

- **Stáisiún Aistrithe Dramhaíola Bhaile an Mhóta –** Déanann an tsaoráid seo de chuid na Comhairle a cion i gcónaí i ndáil le bainistíocht éifeachtach na dramhaíola sa réigiún

- **Conláiste Cathartha Bhaile an Mhóta** - In 2013, tháinig 95,077 nduine chun na háite, tugadh 12,729 dtonna ábhair chun na háite agus féadadh 4,564 thonna de sin a athchúrsáil.
- **Baile Artúir** - Leanadh ar aghaidh leis an mbarrchaidhpeáil dheiridh ar an líonadh talún rud a bhain leis na ceanglais iarchúraim a ghabh leis an gceadúnas
- **Seanlíonta Talún leis an gComhairle** - Táthar fós ag leanúint den mhonatóireacht, den mheasúnú agus den rialú ar an dá sheanlíonadh talún atá ag an gComhairle i mBaile na mBráthar agus i mBaile Uaitéir, chun cinntiú go bhfaighfear réidh le baol ar bith a bheadh ann don chomhshaol
- **Clár na nÁiseanna Athchúrsála** - Thug cónaitheoirí atá díograiseach faoin gcomhshaol 4,692 thonna d'ábhar gloine chuig 46 láithreán ar a bhfuil bainc 'fág anseo'

## Ceadúnúchán agus Forfheidhmiú Rialachán Comhshaoil

Tá údaruithe ag 654 áis agus táirgeoir sa Chontae. Comhoibríonn an Chomhairle freisin leis an GCC agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun 17 n-áis cheadúnaithe dramhaíola agus 163 Oibritheoir Bailithe Dramhaíola a mhaoirsiú agus na 29 líonadh talún chláraithe ach neamhcheadúnaithe atá suite sa Chontae a rialú. Clúdaítear na príomhréimsí gníomhaíochta fúthu seo a leanas

- **Bainistíocht Dramhaíola** - tá 30 n-áis cheadaithe/chláraithe agus 17 n-áis cheadúnaithe sa Chontae. Rinneadh 427 gcigireacht.
- **Seanlíonta Talún Neamhcheadúnaithe, Láithreáin Diúscartha Dramhaíola agus Aisghabhála** - tá 43 láithreán sa Chontae. Táthar tar éis réamh-mheasúnú baoil a chríochnú le haghaidh gach láithreáin. Oibríonn an Chomhairle go dlúth leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus le húinéirí talún chun dul chun cinn a dhéanamh ar bhearta a bhaineann le feabhsúchán/maolú ag na láithreáin seo
- **Rialú Ceadúnúcháin Uisce agus Truaillithe** - Eisíodh na Ceadúnais Uisce seo in 2013 - 491 Cheadúnas Diúscartha chun Séaraigh agus 9 gCeadúnas Diúscartha. Rinneadh 1035 iniúchadh monatóireachta.
- **Folláine Chomhshaoil** - rinneadh 1024 ghearán maidir le truailliú an aeir agus truailliú ó thorann agus núiseanna sláinte poiblí a imscrúdú in 2013 agus tharla 514 ghníomh forfheidhmiúcháin dá dtoradh sin
- **Rialú Bruscair** - eisíodh 753 fhíneáil bhruscair (Ar an láthair agus Ionchúisimh Dhíreacha) agus eisíodh 150 Fógra eile ag iarraidh ar úinéirí maoine cineálacha éagsúla bruscair a thógáil chun bealaigh. Tionscnaíodh 183 ionchúiseamh
- **Rialú Ainmhithe** - eisíodh 10,394 cheadúnas madraí agus 1165 fhíneáil. Agus í ag feidhmiú faoin Acht um Rialú Capall, chuir an Chomhairle 322 ainmhí isteach sa phóna agus d'eisigh sí 36 cheadúnas capall in 2013. Déanann oifigigh thréidliachta cigireacht freisin ar gach cóiríocht a bhíonn beartaithe faoi na hiarratais ar cheadúnais chapall.
- **Sábháilteacht Bhia agus Seirbhísí Tréidliachta** - rinne Cigirí Tréidliachta na Comhairle maoirseacht ar 31 Saoráid agus thug siad faoi 867 n-iniúchadh sa tSábháilteacht Bhia/Iniúchtaí Tréidliachta ar fud Réigiún Bhaile Átha Cliath agus i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta thar a gceann seo - ÚSNÉ, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Fhine Gall.




- **Láithreáin Thréigthe** - Rinneadh 50 cigireacht in 2013 idir an chigireacht thosaigh agus an chigireacht leantach agus seirbheáladh 25 Fhógra.

Cuirtear clár fairsing monatóireachta agus maoirseachta i bhfeidhm ar na saoráidí seo gach bliain. Déantar comparáid thíos idir 2012 agus 2013

| Gníomhaíochtaí | 2012 | 2013 |
|---|---|---|
| Táirgeoir le Cead/Cláraithe | 595 | 654 |
| Gearán a Freagraíodh | 5,542 | 1480 |
| Cigireacht a rinneadh | 5,254 | 5536 |
| Fíneáil a Eisíodh ar an Láthair | 1165 | 753 |
| Fógra Rabhaidh/Reachtúil | 602 | 1353 |

**Feasacht agus Oideachas Comhshaoil**
Clár idirnáisiúnta san oideachas comhshaoil, córas bainistíochta comhshaoil agus scéim bronnta gradam atá i gceist le Scoileanna Glasa. Tá 92% de na bunscoileanna agus 89% de na meánscoileanna in Áth Cliath Theas cláraithe le clár na Scoileanna Glasa. Sa bhliain 2013 bronnadh a mbrat glas ar 33 scoil san iomlán faoi na teidil seo a leanas: Bruscar agus Dramhaíl - 5, Fuinneamh - 5, Uisce - 13, Taisteal - 6, Bithéagsúlacht - 2 agus Athrú Aeraide - 2.

Áirítear leis an tacaíocht a thugtar do scoileanna: tráthnóna eolais do mhúinteoirí, ceardlanna, cainteanna agus imeachtaí chun treoir a thabhairt dóibh i dtaobh na dtéamaí éagsúla, agus cuidíonn an méid sin go léir leo chun an Brat Glas a bhaint amach. Seoltar nuachtlitir Amanna Glasa do Scoileanna go dtí na scoileanna go léir sa Chontae faoi dhó sa bhliain.

## Deontas le haghaidh feachtais feasachta sa Chontae in aghaidh an Bhruscair agus an Ghraifítí

Baineadh leas as an deontas €35,000.00 do 2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus

Rialtais Áitiúil chun tacú le feachtais feasachta sa Chontae in aghaidh an bhruscair agus an ghraifítí. Áiríodh leis na tionscadail a ceadaíodh: feachtas in aghaidh an bhruscair 'Tabhair faoin mBruscar' a bhí ar siúl sa phictiúrlann, feachtas in aghaidh graifítí, feachtas in aghaidh an tsalaithe ag madraí agus foilsiú ábhar feasachta.




**Clár 21 Áitiúil, An Ciste Comhpháirtíochta maidir le Feasacht Chomhshaoil**
Bronntar an deontas trí chistiú comhfhreagrach ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Tacaíonn an ciste seo le tionscadail ina ndírítear ar fheasacht agus ar ghníomhartha comhshaoil a chomhlánaíonn beartais náisiúnta chomhshaoil amhail na beartais maidir le dramhaíl, bithéagsúlacht, caomhnú uisce agus athrú aeráide. In 2013, tugadh deontais i gcabhair do 39 dtionscadal ó ghrúpaí pobail, ó scoileanna agus do thionscadail athúsáide ábhar.




**Seachtain na hÉiceolaíochta 2013**
In Aibreán 2013 a bhí an tseachtain bhliantúil, Seachtain na hÉiceolaíochta ann den 9ú huair. Bhain os cionn 40 ceardlann, agus cainteanna agus gníomhaíochtaí léi ó thionscadail an Phailneora, Ag Slachtú sa Ghairdín, An tSeachtain Ghlas in IT Thamhlachta, Tobhshiopaí Éiceolaíocha go dtí an Malartú Acmhainní, an tionscadal SMILE a bhí dírithe ar ghnóthais. Cuireadh tús le Seachtain na hÉiceolaíochta tráth ar bhronn an Méara, Cathal King, teastais agus duaiseanna ar na daltaí a bhuaigh an dráma in aghaidh an Bhruscair agus comórtas na Masc athchúrsáilte - Co Co Nuts.

**Bailte Slachtmhara**
Sa bhliain 2013 chuir 8 mbaile as Contae Átha Cliath Theas isteach ar chomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Tionóladh cruinniú poiblí le haghaidh chomórtas na mBailte Slachtmhara san óstán, Green Isle Hotel, Cluain Dolcáin, Déardaoin an 7ú Feabhra. Labhair baill de choiste Bhailte Slachtmhara Bhaile an Tallúnaigh - buaiteoirí chomórtas na mBailte Slachtmhara 2010, Cathaoirleach choiste Bhailte Slachtmhara Chluain Dolcáin agus urlabhraí ón gclár, Tithe Glasa, de chuid An Taisce, ag an ócáid. Bunaíodh an líonra, Bailte Slachtmhara Le Chéile Átha Cliath Theas, mar thoradh ar an gcruinniú seo agus bhí baill de gach grúpa Bailte Slachtmhara air. Bíonn cruinniú ag an líonra gach mí.

**Mórtas Áite**
Comórtas uile-oileáin é Mórtas Áite trína n-aithnítear an iarracht a dhéanann grúpaí pobail áitiúla ar mhaithe le feabhas a chur ar a bpobail agus le bród an phobail a threisiú. Chuir 5 ghrúpa as Áth Cliath Theas isteach ar an gcomórtas in 2013

- An Chatagóir Daonra 2 - Gairdín Pobail Mharcais, Cluain Dolcáin
- An Chatagóir Daonra 4 - Gairdín Pobail Ghort an tSrutháin, Tamhlacht
- An Chatagóir Daonra 5 - Sráidbhaile Leamhcáin
- Catagóir 6 - Tionscnamh Turasóireachta an Diaspóra - Ambasadóirí an Tóstail
- Tionscnamh na nEalaíon Pobail - Scannánóirí Óga Thamhlachta

Bronnadh an dara háit sa chomórtas uile-oileáin, 'Mórtas Áite', ar Ghairdín Pobail Mharcais i nDoire ar an 6ú Samhain. Chuaigh an úsáid a bhaintear as ábhair athchúrsáilte, leanaí na háite a bheith ag glacadh páirte agus an cur chuige 'ag foghlaim as a bheith ag déanamh' d'óg is d'aosta go mór i gcion ar na moltóirí. Is tionscadal pobail tríd is tríd é seo agus thuig na moltóirí láithreach an lámh a bhí ag an bpobal i gcoitinne ann.



**Creidiúintí Sóisialta**
Cuireadh isteach 2112 iarratas faoi chóras na gCreidiúintí Sóisialta in 2013 agus glantachán ag pobail ba ea 75% - 1581 - díobh sin. Leathnaíodh an scéim agus tugadh Creidiúintí Siúlóirí Madraí Glasa agus Creidiúintí Oiliúna isteach fúithi in 2013.

**Siúlóirí Madraí Glasa**
Sheol an Méara, Cathal King, clár na Siúlóirí Madraí Glasa i bPáirc Sheáin Bhreathnaigh, Tamhlacht ar an 30 Aibreán agus bhí baill de Chumann Bhaile Átha Cliath um Fhóirithint ar Ainmhithe, den Chlub Chonchró agus maoir Madraí na Comhairle i láthair. Scéim dheonach phobail is ea na Siúlóirí Madraí Glasa trína mbíonn bealach neamhachrannach, cairdiúil á chleachtadh ag oibrithe deonacha chun tuairimí i dtaobh salú ag madraí a athrú.
Bhí 318 Siúlóir Madraí Glasa cláraithe in 2013.

**Creidiúintí Oiliúna**
Duaiseanna as a bheith réamhghníomhach sa phobal is ea na Creidiúintí Oiliúna agus is féidir





dul isteach gan chostas ar chúrsaí ar na cláir pháirtaimseartha in Institiúid Theicneolaíochta Thamhlachta leo. Ba í Comhairle Pobail Thamhlachta an chéad urra ar shaoroideachas mar gur bhronn sí Creidiúintí Oiliúna ar an bpobal. Ba í Comhairle Pobail Thamhlachta a d'eagraigh Tallafest in mí Iúil 2013. Bhí na hoibrithe deonacha go léir fial flaithiúil lena gcuid ama agus thuill siad suas le 2,000 Creidiúint Oiliúna. Is ionann 2,000 Creidiúint Oiliúna agus 2 áit ar chlár páirtaimseartha ar feadh 3 bliana suas go leibhéal céime do bheirt a mbeadh an t-ádh leo. Chuir beirt mhac léinn pháirtaimseartha tús le cúrsaí i mbainistíocht agus in innealtóireacht chomhshaoil i mí Mheán Fómhair 2013 de bharr an phróisis roghnúcháin.

**Cothabháil Chomhshaoil/An Fearann Poiblí a Chothabháil**

Clár fairsing é Clár Cothabhála an Fhearainn Phoiblí a dtagann na réimsí seo a leanas faoi -

- **Glanadh Bailte/Sráidbhailte** - Cuireann acmhainn speisialta don ghlanadh sráideanna a bhíonn in úsáid in 8 lár bailte/ sráidbhailte os cionn 16,000 uair an chloig de ghlanadh sráideanna isteach sa Chontae.
- **Piocadh Bruscair** - Déantar os cionn 7,000 babhta pioctha bruscair agus tugtar 759 dtonna ábhair chun bealaigh gach bliain tríd an ngnáthchlár Pioctha Bruscair agus Glanta Eastát atá dírithe ar 750 eastát tithíochta agus ar láithreacha eile.
- **Clár na mBoscaí Bruscair** - Déantar cigireacht/cuirtear seirbhís ar os cionn 600 bosca bruscair.
- **Dumpáil Neamhdhleathach** - Tugadh gnáthchuairt ar thart ar 30 ionad ina mbíonn dumpáil neamhdhleathach ag tarlú agus tógadh ábhar a bhí dumpáilte chun bealaigh.
- **An Clár Scuabtha Sráideanna** - Scuabadh 5,230 km san iomlán de bhóithre agus glanadh 47,000 silteán bóithre in 2013 faoin gconradh chun bóithre a scuabadh agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar.
- **Bainistíocht Crann** - Déileáladh le 2,000 ceist faoi bhainistíocht agus faoi phrúnáil crann faoin gclár bliantúil do 2013.
- **Bearradh Féir** - Faoin gClár Bearrtha Féir, a bhíonn ar siúl ó thús an Mhárta go deireadh mhí Dheireadh Fómhair, beartaíodh tabhairt faoi thart ar 7,500 babhta bearrtha in 650 láthair in 2013.
- **An Clár Cothabhála Páirceanna Imeartha** - Rinneadh cothabháil ar 170 bpáirc imeartha a fhreastalaíonn ar na 78 gclub spórt atá bunaithe sa Chontae.
- **Cothabháil Reiligí** - Cuireadh seirbhísí cothabhála ar fáil in 18 Reilig agus áiríodh féar a ghearradh, dramhaíl a dhiúscairt, bóithre, cosáin agus ballaí teorann agus sconsaí a chothabháil agus oibreacha forbartha leo sin. Bhí 647 n-adhlacadh i reiligí na Comhairle in 2013.
- **Graifítí** - Thug an criú speisialta don ghlanadh graifítí faoi 264 thasc.



**Saoráidí Áineasa**

- **Páirceanna, Páirceanna Imeartha agus Áiteanna Súgartha** - tá 1,700 heicteár d'fhearann páirce poiblí, spásanna oscailte, gleannta abhann, 5 Pháirc Réigiúnacha agus 50 bPáirc Chomharsanachta agus 14 áit spraoi ann. Cuirtear áiseanna spórt agus áineasa ar fáil freisin. Tá 170 bpáirc imeartha ann a fhreastalaíonn ar an 78 gclub spórt atá bunaithe sa Chontae.
- **Cúrsa Gailf Chaisleán na Gráinsí** - imríodh 44,907 mbabhta gailf ar Chúrsa Gailf Chaisleán na Gráinsí in 2013.
- **Cuibhrinn** - bhí 259 gcuibhreann ar fáil i dTigh Motháin, i gCorcach, i Lána an Mhuilinn agus i mBaile na mBráthar.



**Áirítear iad seo leis na háiseanna eile:**

- Iascach Pháirc Chorcaí
- Páirc Charbhán agus Champála Ghleann na Camóige
- Staid Thamhlachta
- An Pháirc Scátála nua i gCluain Dolcáin

**Pleanáil d'Éigeandálaí Móra**

Lean an Chomhairle dá rannpháirtíocht sna gníomhaíochtaí pleanála agus oiliúna a bhí eagraithe ag Grúpa Oibre Réigiún an Oirthir agus go hinmheánach. Tá na mion-chomhshocruithe don chomhordú, don chomhoibriú agus don fhreagairt a bheidh idir na gníomhaireachtaí éagsúla á bhforbairt i gcónaí.

**Na Seirbhísí Dóiteáin**

Seirbhís chomhroinnte atá sa tSeirbhís Dóiteáin atá á feidhmiú ar bhonn gníomhaireachta ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath do gach ceann d'Údaráis Bhaile Átha Cliath. Áirítear an tseirbhís otharcharranna éigeandála atá sa Chontae léi sin. Is ar Bhóthar Belgard, Tamhlacht, atá an príomhstáisiún dóiteáin do Chontae Átha Cliath Theas suite.

**Tuairisc ó John Quinlivan, Stiúrthóir Gníomhach na Seirbhísí Comhshaoil**

| **Comhshaol 2013** | |
|---|---|
| **Cosc ar Bhruscar agus Forfheidhmiú** | |
| An líon maor bruscair páirtaimseartha: | 0 |
| An líon fíneálacha ar an láthair a eisíodh: | 753 |
| An líon fíneálacha ar an láthair a íocadh: | 296 |
| **Gearáin faoin gComhshaol agus Forfheidhmiú** | |
| An líon iomlán cásanna faoi réir gearáin a bhain le truailliú an chomhshaoil: | 4817 |
| An líon gearán ar a ndearnadh imscrúdú: | 4517 |
| An líon géarán a dtángthas ar réiteach fúthu agus nár ghá caingean bhreise a ghlacadh: | 3355 |
| An líon nósanna imeachta forfheidhmithe a glacadh: | 1967 |
| An céatadán bunscoileanna a bhí rannpháirteach i bhfeachtais chomhshaoil: | 92 |
| An líon iomlán bunscoileanna: | 100 |
| An líon iomlán meánscoileanna: | 35 |

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Pleanáil maidir le Forbairt, Eacnamaíocht agus Iompar

**Contae Átha Cliath Theas: An Tionscnamh um Fhorbairt agus um Inbhuanaitheacht Gnóthas**

**Tá an cur chun cinn a dhéantar ar ghníomhartha chun tacú le forbairt eacnamaíoch lárnach in obair an údaráis áitiúil seo. Áirítear leis na gníomhartha sin:**

- **An Straitéis Eacnamaíochta Contae don Chontae a bheith á feidhmiú go céimneach, agus a bheith ag díriú go háirithe ar dheiseanna don Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus ar thacaíocht chun bailte agus sráidbhailte an Chontae a fhorbairt.**
- **Straitéis ar chomharthaíocht a fhorbairt do na bailte agus do na sráidbhailte atá sa Chontae. Saineolas a bheith á fháil**
- **Tacaíocht don oifigeach inbhuanaitheachta gnó, (faoin gClár Gnó a Inbhuanú agus a Fhorbairt), i gcomhar le Comhlachas Átha Cliath Theas**
- **Tacaíocht agus cúnamh leanúnach don Líonra Fiontraíochta agus Nuálaíochta, lena n-áirítear spás oibre a chruthú in áit lárnach i Halla an Chontae**
- **Cur chuige idirghníomhaireachtaí leis na leas-sealbhóirí ábhartha leagtha ar an bhfoghrúpa eacnamaíoch den Bhord Forbartha Contae**
- **Ullmhúchán leanúnach ar bun chun Oifig Fiontair Áitiúil a bhunú; bunófar í seo mar a mbíodh an Bord Fiontar Contae lonnaithe i Halla an Chontae**
- **Na ceangail oibre atá bunaithe le gníomhaireachtaí áitiúla, le lucht gnó agus le comhlachtaí náisiúnta tríd an gclár "Gnó a Inbhuanú agus a Fhorbairt".**
- **Tacaíocht leanúnach don ghnó áitiúil trí ghníomhaíochtaí a bheidh sainiúil don ghnó a fhorbairt sna Leabharlanna Contae**
- **Tugtar tuairisc mhíosúil iomlán agus chun dáta ar na hocht dtoradh atá sainaitheanta i Straitéis na Comhairle chun Tacú le gnóthais forbairt agus maireachtáil i gCruinnithe an Ghrúpa um Beartas Corparáideach.**

## AN RANNÓG FORBARTHA

### Bainistíocht Talún agus Sócmhainní

Leanadh den obair a bhain le cúlsoláthar tálún agus le sócmhainní maoine na Comhairle a bhainistiú go réamhghníomhach lena n-áirítear an obair leanúnach maidir le fáil, bainistíocht agus diúscairt talún.

Ba í an diúscairt ba shuntasaí a tharla in 2013 an leas dlíthiúil a bhí ag an gComhairle i gcarrchlós na Cearnóige a bheith á dhiúscairt chuig NAMA; bheartaigh an Chomhairle ag a cruinniú i mí Dheireadh Fómhair 2013 go ndéanfaí é a dhiúscairt. Diúscairt an-suntasach ba ea í seo sa mhéid is go n-éascóidh sí an leathnú mór atá le déanamh ar an lárionad siopadóireachta 'An Chearnóg' rud a chinnteoidh go mairfidh sé agus go mbeidh deiseanna fostaíochta ag gabháil leis ag céim na tógála agus na trádála den fhorbairt.

Leanadh den obair a bhain le bailchríoch a chur ar an gclár maoine agus é a thabhairt cothrom le dáta chun cinntiú go mbeidh leasanna maoine uile na Comhairle cuimsithe ann.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar shaincheist fhadálach gan réiteach na siopaí le cóiríocht chónaithe agus na bhféichiúnaithe eile.

**Caisleán na Gráinsí**
Tá an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le hÚFT, fós i mbun margaíochta ar Pháirc Gnó Chaisleán na Gráinsí agus á cur chun cinn mar láithreán straitéiseach chun Infheistíocht Dhíreach Eachtrach ollmhór a mhealladh.

Ba iad seo buaicphointí na bliana 2013:

- Diúscairt láithreán 20 acra i mBaile Áinséir agus An Baile Bán chuig Google Ireland Limited
- Diúscairt bheartaithe 2.94 heicteár (7.26 acra) i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí chuig Microsoft Ireland Operations Limited
- Diúscairt bheartaithe 112.52 acra i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí chuig Microsoft Ireland Operations Limited
- Tús a bheith curtha leis an obair thógála ar charrbhealach lárnach nua i bPáirc Gnó Chaisleán na Gráinsí ionas go mbeidh bonneagar na Páirce níos fearr fós.




**Caomhantas Ailtireachta**

- I mí Iúil 2013 chuir Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus Cumann Seoirseach na hÉireann i bpáirt le hOifig na nOibreacha Poiblí an Seó, Foirgnimh Sheanré 2013, i láthair i gCaisleán Ráth Fearnáin.
- I mí na Nollag 2013, sheol an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ciste nua €5 mhilliún - Scéim Giarála Post san Oidhreacht Thógtha - chun déanmhais chosanta a dheisiú agus a chaomhnú agus mar thacaíocht do dhéanmhais chosanta ar fud na tíre. Is éard atá i gceist leis an scéim seo go gcruthófaí fostaíocht sna tionscail chaomantais agus tógála agus sna saincheirdeanna. Leithdháladh €123,000 ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas faoin scéim a fógraíodh i mí na Nollag 2013.
- Ghlac an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta páirt sa Suirbhé ar an Oidhreacht Thionsclaíoch a rinneadh mar chuid de chuspóir atá sa Phlean Oidhreachta Contae. Ghlac an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta páirt freisin sna Dréachtsuirbhéanna don Tionscnamh Sráidbhailte ar cuid iad den Scéim Tionscnaimh Sráidbhailte don Chontae.



## Bainistíocht Forbartha

**Iarratais Phleanála**

- Fuair an Chomhairle 577 n-iarratas bailí ar chead pleanála le linn 2013. B'ionann sin agus ardú 5.1% ar 2012.
- Rinneadh 509 gcinneadh maidir le hiarratais phleanála in 2013, bhain 454 chinneadh le cead a dheonú agus bhain 55 chinneadh le diúltú.
- Iarradh Eolas Breise in 107 gcás.
- In 2013, fógraíodh 10 n-iarratas a bheith ina n-iarratais a bhí tarraingthe siar.
- In 2013, tarraingíodh siar 4 iarratas.
- Fuarthas 26 iarratas neamhbhailí in 2013 agus measadh gurbh iarratais neamhbhailí 15 iarratas eile mar nach raibh an Fógra Láithreáin de réir na gceanglas rialála.
- Fuarthas 109 n-iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán in 2013.

**Forfheidhmiú**

- Osclaíodh 237 gcomhad forfheidhmithe nua in 2013.
- Eisíodh Litreacha Rabhaidh maidir le 207 gcás.
- Seirbheáladh Fógraí Forfheidhmithe maidir le 77 gcás.
- Tionscnaíodh imeachtaí sa Chúirt Dúiche maidir le 18 gcás.
- In 2013, tionscnaíodh imeachtaí sa Chúirt Chuarda maidir le 3 chás.
- Réitíodh 9 gcás tar éis imeachtaí na Cúirte Dúiche a bheith eisithe.
- Réitíodh 90 gcás gan é a bheith riachtanach iarratas a dhéanamh chun na gCúirteanna.

**Oidhreacht**

Díríodh ar raon cuspóirí faoin bPlean Oidhreachta Contae 2010-2015 agus cuireadh iad sin i gcrích in 2013. Fuarthas 75% de dheontas i gcabhair ón gComhairle Oidhreachta faoina gClár um Thacaíocht Chistiúcháin don Phlean Oidhreachta Contae, le haghaidh na dtionscadal seo a leanas:

- Imeacht Deireadh Seachtaine i Scileanna Tógála Traidisiúnta i gCaisleán Ráth Fearnáin, comhthionscadal idir CCÁCT, Oifig na nOibreacha Poiblí agus Cumann Seoirseach na hÉireann, inar taispeánadh na scileanna traidisiúnta a bhain le seanfhoirgnimh agus foirgnimh stairiúla a chothabháil agus a dheisiú; bhí sraith seimineár inar tugadh eolas teicniúil ar bun ar feadh an lae freisin.
- Amharcóir na Léarscáile Oidhreachta Náisiúnta, faoinar sholáthair CCÁCT sonraí oidhreachta lena n-uaslódáil ar amharcóir sonraí náisiúnta atá ar an ngréasán agus ar a dtaispeántar gnéithe ar fud Éireann a bhfuil baint acu leis an oidhreacht.
- Cuid 2 den Suirbhé ar Oidhreacht Thionsclaíoch an Chontae, inar díríodh ar an measúnú ar na muilte stairiúla feadh na Dothra.
- Acmhainn an phobail a fhorbairt i Ráth Cúil ionas go bhféadfadh an pobal tabhairt faoi Ráiteas Deartha Sráidbhaile do Ráth Cúil.

Áirítear iad seo leis na tionscadail oidhreachta eile a rinneadh faoin bPlean Oidhreachta Contae:

- Fostaíodh dhá chuideachta chomhairleacha chun dul i mbun staidéir féidearthachta a bhí cistithe ag LEADER maidir le Cosán Oidhreachta don Slád agus maidir le Músaem don Oidhreacht Eitlíochta.
- Tionscadal comhpháirtíochta le Scoil na Seandálaíochta, UCD, agus le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, chun dul i mbun suirbhé geoifisiceach ar shéadchomhartha náisiúnta i mbaile

fearainn Bhaile Dhónaill.

- Leanadh den suirbhé ar na Déanmhais Chosanta atá in úinéireacht na Comhairle nuair a rinneadh an suirbhé ar na Seanstáblaí i bPáirc Chorcaí agus ar Chora Theach na Giúise agus ar Shruthchúrsa na Cathrach.
- Cuireadh grianghraif le chéile mar bhileog eolais agus cuireadh i gcló í agus léirítear leas oidhreachta LCO Ráth Fearnáin inti.
- Cuidíodh le Grúpaí na mBailte Slachtmhara i Ráth Fearnáin (bhí an coinníoll measúnú ó thaobh oidhreachta de a dhéanamh ar sheaneaglais agus reilig i gceist) agus leis an suirbhé bithéagsúlachta ar Pháirc Chluain Dolcáin, i gCluain Dolcáin.
- Maoirseacht déanta ar Shocrúchán Daltaí i bPáirc Chorcaí chun Léarscáiliú Gnáthóg a dhéanamh don Pháirc
- Suirbhé Bithéagsúlachta ar an linn agus ar na purláin i bPáirc Chaisleán Ráth Fearnáin chun cur leis an taitneamhacht agus leis an éiceolaíocht
- Cuidiú le grúpaí pobail sna háiteanna seo - Baile Phámar (suirbhé ar reilig agus taighde ar an stair), Teach Sagard (eolas nua a chur ar léarscáil oidhreachta an tsráidbhaile áitiúil), Páirc Bhaile Uaitéir (siúlóidí pobail ar lorg na n-ialtóg i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair), Tamhlacht (seoladh Tallaght Soundings 2 do Ghrúpa na Scríbhneoireachta Cruthaithí in Virginia House)
- Baill foirne de chuid na Comhairle curtha faoi oiliúint maidir le bheith san airdeall ar ialtóga i bpáirceanna agus i maoine na Comhairle agus maidir leis an eolas fúthu a chur ar taifead
- Tugann an tOifigeach Oidhreachta comhairle uaidh i gcónaí maidir le cinntí pleanála, Pleananna Limistéir Áitiúil, saincheisteanna a bhaineann leis an reachtaíocht, ceisteanna ó chustaiméirí, agus maidir le tionscadail eile de chuid na Comhairle ar gá faisnéis oidhreachta agus bithéagsúlachta ina leith.

**Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath (CSBÁC)**

Lean CSBÁC ar aghaidh ag cur na gcuspóirí straitéiseacha agus na bpleananna gníomhaíochta atá leagtha amach i bPlean Forbartha Straitéiseach Shléibhte Bhaile Átha Cliath 2007-2016 i ngníomh. Tá na beartais agus na cuspóirí atá leagtha amach i bpleananna na gcomhpháirtithe reachtúla agus neamhreachtúla ábhartha á mbaint amach tríd an bplean seo fós. Díríodh i bPlean 2013 ar obair na comhpháirtíochta a chomhdhlúthú agus ar thionscadail agus ar sheirbhísí a shainaithint agus ar thosaíocht a thabhairt dóibh don am atá le teacht.

Bunaíodh príomhspriocanna 2013 ar na réimsí seo a leanas:

- Eolas faoi na Sléibhte agus an Bealach suas orthu a fheabhsú go ginearálta.
- Crochadh geata atá uathoibrithe go hiomlán ar charrchlós Chlub Thine Ifrinn agus mar sin bíonn cead isteach ann ag an bpobal gach lá agus is í CSBÁC a ghlanann an costas.
- Sa bhliain 2013 ba í Léarscáil ar Rochtain Thailte Poiblí Shléibhte Bhaile Átha Cliath an foilseáchán ba mhó tóir ó East West Mappings. Taispeántar an talamh a bhfuil cead isteach ag an bpobal air, na bealaí isteach, na carrchlóis, na háiseanna áineasa agus Slí Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus Slí Chill Mhantáin uirthi. Gheofar í i siopaí leabhar agus i siopaí trealaimh allamuigh agus ar an suíomh gréasáin www.eastwestmapping.ie
- Cothabháil Rianta agus Bonneagair

- Fadaíodh an Rian Rothaíochta Sléibhe nua i dTigh an Chnoic
- Feabhsúcháin ar Shlí Shléibhte Bhaile Átha Cliath (SSBÁC). Leagadh síos cosán siúlóide nua 1.3 km ar fad san áit a mbíodh sean-toitbhearna foraoise; ábhar áitiúil a úsáideadh. Is cuid den lúb sléibhe nua ar SSBÁC an cosán anois agus tá an seanchosán sléibhe thar an droichead a bhíodh in úsáid ag an Meitheal Sléibhe ina chuid di anois.
- D'fhoilsigh CSBÁC bróisiúr saor in aisce (2ra rith) faoi Shlí Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Tá sé ar fáil ó oifigí Comhairlí Contae, ó oifigí Eolais do Thurasóirí agus ó roinnt siopaí miondíola trealaimh allamuigh ar fud Bhaile Átha Cliath. Tá léarscáil ar an mbróisiúr ina dtaispeántar an bealach agus pointí éagsúla is díol suntais.
- Leanadh den Obair Dheonach agus de Rannpháirtíocht an Phobail arís ar feadh 2013. Bhí na maoirseoirí deonacha i gceannas ar 38 siúlóid treoraithe ar feadh na bliana - bíonn an-tóir orthu seo agus bíonn an iomarca daoine sna grúpaí go rialta. D'éirigh go seoigh arís leis an 4ú Lá Spraoi do Theaghlaigh a bhí ar siúl san Fhoraois agus a bhí Saor in Aisce.
- Cuireadh Tionscnaimh Oideachais (e.g. 'Fiadhúlra le Faire', 'Ag Dul Amach, Ag Gníomhú') i gcrích in 2013.
- Ó tharla gur éirigh chomh hiontach sin le Zipit sa Pháirc Foraoise le hais Loch Cé, chuir siad tús lena ndara cúrsa i Sléibhte Bhaile Átha Cliath san Aibreán 2013, agus ghabh preabadh croí agus cuisle leis an ngluaiseacht ar shreangán go hard i bhforaois shárálainn péine Choill Thigh Bródáin. Tá ardáin ó 1 mhéadar go 20 méadar os cionn talún tógtha ag innealtóirí Zipit sna crainn agus tá siad curtha in oiriúint acu le haghaidh raon gníomhaíochtaí ionas gur féidir le rannpháirtithe gluaiseacht ó chrann go crann.



**DMURS**

Nuair a bhí An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS) á chur i dtoll a chéile agus á foilsiú bhí ról lárnach ag baill foirne de chuid na Comhairle san obair. Agus iad ag obair thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, d'oibrigh baill foirne ó CCÁCT mar chuid de fhoireann tionscadail ildisciplíneach ar a raibh baill foirne ó Chomhairle Contae Chill Dara, ó Chomhairle Contae Fhine Gall agus ó Chomhairle Cathrach Corcaí.

Sheol an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Leo Varadkar Uas., T.D., agus Jan O'Sullivan, Uas., T.D., An tAire Tithíochta agus Pleanála sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, DMURS ar an 25ú Márta 2013 ag imeacht a bhí ar bun san Amharclann Chathartha i dTamhlacht.

Is é DMURS a úsáidfear feasta in áit na gcaighdeán náisiúnta deartha agus beidh sé in úsáid sna limistéir uirbeacha go léir ar fud na hÉireann nuair a bheidh bóithre agus

sráideanna á ndearadh/á bhfeabhsú agus cinnteofar leis go gcuimseofar anois príomhbhreithnithe an bheartais phleanála, amhail iad siúd a bhaineann le déanamh áiteanna agus le pobail inbhuanaithe a fhorbairt, i bpróiseas deartha na mbóithre agus na sráideanna uirbeacha.

**Pleanáil chun cinn**
Sa bhliain 2013 chuir an Rannóg Pleanála tús leis an ullmhúchán ar Phlean Limistéir Áitiúil nua do limistéar Bhaile Uí Chuilinn-na Seanchúirte agus leis an leasú ar Scéim Pleanála CFS do CFS Bhaile Adaim. Bhain dhá bhabhta comhairliúcháin phoiblí leis an dá phróiseas, ceann ag céim an ullmhúcháin réamhphleanála agus an ceann eile ag céim an dréachtphlean. Ullmhaíodh Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe (SEAP) don Chontae freisin agus ghlac an Chomhairle é. Cuid de Thionscadal Fuinnimh de chuid an AE ba ea é agus tugadh chun críche é le comhdháil i mBaile Átha Cliath in 2013.

**Pleanáil Scoileanna**
Bhíothas tar éis Meabhrán Tuisceana a shíniú i mí an Mheithimh 2012 agus in 2013 lean an Rannóg Pleanála ar aghaidh ag obair leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun láithreáin a shainaithint agus a fháil le haghaidh scoileanna. Leanadh den dul chun cinn ar na láithreáin a bhí sainaitheanta sa Chaisleán Nua, Leamhcán, Iarthar na Cathrach, Baile Uí Fhoirtcheirn agus i gCill an Ardáin a fháil. Thug CCÁCT cead pleanála le haghaidh bunscoile sa Chaisleán Nua ach rinneadh achomharc ina thaobh sin chuig an mBord Pleanála ina dhiaidh sin. Fuarthas láithreán agus thug CCÁCT cead pleanála le haghaidh bunscoile i dTeach Sagard. Sholáthair CCÁCT láithreán i mBaile Gadaí don Roinn Oideachais agus Scileanna ar mhaithe le bunscoil nua shealadach a bheith ann.

**Pleanáil don Iompar Áitiúil**
Is é an beartas atá ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas cineálacha inbhuanaithe gluaiseachta a chinntiú agus úsáid na sráideanna a bheith faoi choisithe agus faoi rothaithe agus líonraí éascaithe bealaigh a bheith ann do choisithe agus do rothaithe ar a bhféadfaidís a mbealach a dhéanamh go dtí na siopaí, na saoraidí pobail, na limistéir fostaíochta agus cibé áit ar mhian leo dul. Cuireadh an méid seo a leanas i gcrích in 2013 mar chuid den Chlár Beart don Iompar Inbhuanaithe sa Chontae arna chistiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag Cistiú an Líonra Náisiúnta Rothaíochta ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le tionscadail a bhí faoi mhaoirsiú ag an Rannóg Pleanála:

- Rinneadh dul chun cinn i bpáirt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an bhforbairt ar bhealach siúlóide agus rothaíochta feadh Ghleann na Dothra ó Chuan Bhaile Átha Cliath go Bóthar na Bruíne. Rinneadh Staidéar Féidearthachta Teicniúil in 2012 agus ina dhiaidh sin bhog an Rannóg Pleanála ar aghaidh go dtí céim an réamhdhearaidh do Chuid 1 den bhealach i gContae Átha Cliath Theas. Chistigh Cistiú an Líonra Náisiúnta Rothaíochta ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Breithmheas Eacnamaíochta le haghaidh bhealach Fhéarbhealach na Dothra, breithmheas ar cuireadh bailchríoch air in 2013.

- In 2013 críochnaíodh céim an dearaidh mhionsonraithe den bhealach rothaíochta

straitéiseach ó Thamhlacht go Baile Baodáin agus tosaíodh ar chéim na tógála de Chuid 1 (bealach coisithe agus rothaíochta agus na droichid idir an Seanbhábhún agus Teach na Giúise) in 2013. Sa bhliain 2013 freisin críochnaíodh líon áirithe trasrianta túcánacha a raibh sé beartaithe iad a chur síos ar an mbealach.

- Críochnaíodh an dearadh mionsonraithe do Chuid 1 de bhealach siúlóide agus rothaíochta ó Bhóthar na Gráinsí go Páirc Loreto, Ráth Fearnáin agus tosaíodh ar an obair thógála ar Chuid 1 in 2013.

- Críochnaíodh an dearadh mionsonraithe le haghaidh na bhfeabhsúchán a bhí le déanamh ar an gcosán ar Ascaill Shorcha Ní Churraoin.

- Rinneadh athbhreithniú ar thionscadail éascaithe bealaigh agus cuireadh Treoir don Chleachtas is Fearr maidir le tionscadail éascaithe bealaigh le chéile agus tá sí críochnaithe anois.

- Tugadh faoi chomhairliúchán poiblí agus faoi phróiseas Chuid 8 maidir le hoibreacha ag ceart slí atá ann ag Cnocán an Bheileogaigh / Bewley / San Aindrias, Leamhcán.

- In 2013 críochnaíodh an Creatphlean Gluaiseachta do Lár Bhaile Thamhlachta, a bhí cistithe ag an ÚNI chun feabhas a chur ar na háiseanna siúlóide agus rothaíochta, na córais iompair phoiblí a chomhtháthú agus na bealaí isteach a bheith níos fearr.

- An Creatphlean Gluaiseachta do Lár Bhaile Chluain Dolcáin - Choimisiúnaigh an ÚNI Comhairle Contae Átha Cliath Theas chun Creatphlean Gluaiseachta a dhéanamh do Limistéar Lár Bhaile Chluain Dolcáin, chun scrúdú a dhéanamh ar na líonraí gluaiseachta reatha ar fud limistéir an láir, saincheisteanna a shainaithint agus liosta roghanna a chur le chéile a mbeidh pacáiste beart bonneagair do na mórshráideanna agus do na hacomhail i Lár an Bhaile mar thoradh air, chun an trácht a mhaolú, feabhas a chur ar an tsábháilteacht do na coisithe agus do na rothaithe, tuilleadh slachta a chur ar an gcúlra uirbeach agus tuilleadh mórtais áite a spreagadh. Tosaíodh ar an tionscadal seo in 2013 agus tá sé ceaptha dó a bheith críochnaithe in 2014.

- Geataí ar bhonn trialach Choimisiúnaigh an ÚNI an Chomhairle chun scrúdú a dhéanamh ar rialtáin rochtana le haghaidh rianta rothar / bealaí comhroinnte i limistéir ina bhfuil spásanna oscailte; críochnaíodh an tuarascáil ar rialtáin a bheith ar bhealaí isteach agus cuirfear tús le treoirthionscadal na ngeataí in 2014.

- Scéim na Rothar Poiblí ar Cíos Chistigh an ÚNI staidéar féidearthachta i ndáil le scéim na rothar poiblí ar cíos do Thamhlacht. Rinneadh dul chun cinn ar an dréacht-tuarascáil in 2013.

- Plean maidir le Líonra Rothaíochta do Limistéar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2013. Ghníomhnaigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas mar leas-sealbhóir a raibh páirt lárnach aici sa Phlean maidir le Líonra Rothaíochta do Limistéar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair, plean atá á dhréachtú faoi láthair.

| Pleanáil agus Forbairt 2013 | |
|---|---|
| **Tithe Aonair** | |
| A. An líon iarratas a cinneadh: | 33 |
| An líon cinntí i gColún A a cinneadh laistigh de 8 seachtaine: | 23 |
| An líon cinntí i gColún A ar ghá tuilleadh eolais a chur isteach ina dtaobh: | 10 |
| An t-achar, ar an meán, (i laethanta) a thóg sé chun iarratas a chinneadh i gcás gur lorgaíodh tuilleadh eolais: | 76 |
| An céatadán iarratas a ceadaíodh: | 63.64 |
| An céatadán iarratas ar diúltaíodh dóibh: | 36.36 |
| **Forbairt Nua Tithíochta** | |
| A. An líon iarratas a cinneadh: | 19 |
| An líon cinntí ar ghá tuilleadh eolais a chur isteach ina dtaobh: | 10 |
| An t-achar, ar an meán, (i laethanta) a thóg sé chun iarratas a chinneadh i gcás gur lorgaíodh tuilleadh eolais: | 76.5 |
| An céatadán iarratas a ceadaíodh: | 68.42 |
| **Forfheidhmiú Pleanála** | |
| An líon iomlán cásanna faoi réir gearáin a imscrúdaíodh: | 237 |
| An líon iomlán cásanna faoi réir gearáin a caitheadh amach: | 66 |
| An líon iomlán cásanna faoi réir gearáin a bhfuarthas réiteach orthu trí idirbheartaíocht: | 90 |
| An líon nósanna imeachta forfheidhmithe a glacadh trí bhíthin litreacha rabhaidh: | 207 |
| An líon nósanna imeachta forfheidhmithe a glacadh trí bhíthin fógraí forfheidhmithe: | 77 |
| An líon ionchúiseamh: | 18 |
| **Uaireanta a raibh an Rannóg Pleanála oscailte don phobal** | |
| Uaireanta oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine: | 35 |
| An líon cruinnithe a tionóladh i dtaca le réamhchomhairliúchán pleanála: | 250 |
| An t-achar, ar an meán, (i laethanta) a caitheadh ón tráth a ndearnadh an iarraidh ar chomhairliúchán ar an údarás áitiúil go dtí gur tharla an cruinniú foirmiúil i dtaca le réamhchomhairliúchán pleanála: | 16 |
| **Foirgnimh Nua ar a ndearnadh cigireacht** | |
| An líon iomlán foirgneamh nua faoinar cuireadh fógra chuig an údarás áitiúil: | 402 |
| An líon iomlán foirgneamh nua faoinar cuireadh fógra chuig an údarás áitiúil agus ar a ndearnadh cigireacht: | 53 |
| **Eastáit a Thógáil i gCúram** | |
| An líon eastát a tógadh i gcúram sa bhliain atá i gceist: | 10 |

**Tuairisc ó Frank Nevin, An Stiúrthóir Forbartha Eacnamaíochta agus Pleanála Iompair**

# Bóithre agus Seirbhísí Uisce



## Trácht agus Iompar

**Sa bhliain 2013 ba €26.79 milliún an caiteachas iomlán faoi Rannán B, Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre, agus ba €6.98 milliún an t-ioncam. Rinneadh foráil sa bhuiséad seo do na costais go léir ó lá go lá a bhaineann le soilsiú poiblí, soilse tráchta, cothabháil bóithre, cothabháil don gheimhreadh, seirbhís na maor scoile agus le bearta sábháilteachta a sholáthar ar chostas íseal.**

## Dearadh agus Tógáil Bóithre

### Crois An Fhearainn Nua

Cuireadh tús sa Bhealtaine 2013 leis an scéim chun uasghrádú a dhéanamh ar Acomhal an N7/Chrois An Fhearainn Nua agus mór-acomhal ilairde a chur ina ionad lena mbaineann an méid seo a leanas

- Acomhal ilairde a leagan síos ag Crois an Fhearainn Nua
- Acomhal rochtana nua faoi rialú soilse tráchta a leagan síos ar Bhóthar Belgard
- Cearta slí atá ann a mhúchadh
- Fo-oibreacha gaolmhara

Cuid de chonradh cuachta faoi Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí a




ndearna an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (ÚBN) an idirbheartaíocht ina leith atá sa scéim tógála agus áirítear Seachbhóthar Ráth Naoi i gContae Chill Mhantáin léi freisin. Is í Comhairle Contae Chill Dara atá ag bainistiú an chonartha thar ceann an ÚBN. Beidh an tionscadal tugtha chun críche faoi earrach na bliana 2015.

### Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Bhaile Adaim (R120)

Tá na bearta feabhsúcháin bóthair atá beartaithe le bheith ag síneadh ó dheas ó Dhroichead an Iarnróid i mBaile Adaim ar feadh tuairim is 1.2 km i mBailte Fearainn Bhaile Adaim, Bhaile Mhic Caollaí agus na Gráinsí.

**An Staid mar atá faoi láthair:** Ceadaíodh Cuid 8 agus aontaíodh go leanfaí ar aghaidh le Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Bhaile Adaim (R120) faoi réir an leasaithe seo a leanas:

- An bealach isteach d'fheithiclí chuig an láithreán ar a mbíodh Univar agus chuig an gcosán tarraingthe ar an taobh thoir thuaidh a ath-ailíniú chun tarae na canála a sheachaint.

### Bóthar Nangair

Oibreacha tógála ar ath-ailíniú 1.7km de bhóthar lena n-áirítear Bóthar Nangair (R134) agus Bóthar Réigiúnach Bhóthar Bhaile Adaim (R120) agus tuairim is fad 0.33km d'oibreacha tógála faoin Scéim Feabhsúcháin Bóthair atá beartaithe do Bhóthar Bhaile Dhónaill.

**An Staid mar atá faoi láthair:** Braitheann an dul chun cinn go dtí céim an dearaidh mhionsonraithe agus na tógála den scéim seo ar chistiú a bheith curtha ar fáil.

**Scéimeanna de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair 2013**
Cuireadh €3.86 milliún de chistiú deontais ar fáil do CCÁCT in 2013 faoi Chreatchlár Infheistíochta 5 Bliana um Bearta Iompair Inbhuanaithe an Údaráis Náisiúnta Iompair ar mhaithe le líon áirithe tionscadal in Áth Cliath Theas. Áirítear iad seo a leanas leis na tionscadail a bhí suntasach:

**Seanbhóthar Nangair, Cluain Dolcáin**
Críochnaíodh an obair ar an gcosán coisithe nua. Fuarthas talamh ón gclub gailf lena aghaidh seo agus bhí soilsiú poiblí nua agus oibreacha draenála i gceist leis freisin.

Críochnaíodh **Cuid 1 de Thionscadal Bhóthar Shruthán Liam (Cuid 1)** agus fuarthas cead ón ÚNI leanúint ar aghaidh le Cuid 2 a dhearadh ionas go gcríochnófar an obair in 2014.

**Scéim an bhealaigh isteach agus an fheabhsaithe don N4**
Críochnaíodh an tuarascáil i dtaobh na roghanna agus táthar ag feitheamh ar chead an ÚNI maidir le scéimeanna gaolmhara breise feadh an N4.

**Sráidbhaile Chluain Dolcáin agus Sráidbhaile Leamhcáin**
Ceadaíodh an Creatphlean Gluaiseachta do Shráidbhaile Chluain Dolcáin agus forbraíodh scéimeanna.  Leasaíodh Creatphlean Leamhcáin agus is Plean an Bhealaigh Isteach go Leamhcán atá ann anois agus forbrófar scéimeanna nuair a bheidh na suirbhéanna déanta.

**Bóthar na Mainistreach**
Críochnaíodh Cuid 1 in 2013 agus fuarthas cead an ÚNI dul ar aghaidh go dtí Cuid 2.

**Páirc Thigh Motháin/An Láthair Náisiúnta Chispheile**
Críochnaíodh an obair dhearaidh agus tá an obair thógála le tosú in 2014.

**An Raon Rothar ó Thamhlacht go Teach Mealóg**
Críochnaíodh na hoibreacha feabhsúcháin. Fuarthas cead Cuid 1 den obair dhearaidh ar an gcuid den raon ó Thamhlacht go dtí an M50 a chríochnú. Ceadaíodh Cuid 8.



**An N81 ó Iarthar na Cathrach go dtí Baile Uí Fhoirtcheirn**
Ceadaíodh Cuid 8

**Áiseanna do choisithe in Abhóca**
Críochnaíodh an obair

**An Raon Rothar Straitéiseach ar an N4**
Cheadaigh an ÚNI dearadh na scéime a ligean amach ar tairiscint.

**An Scéim Rothaíochta ó Thamhlacht go Gleann na Life**
Cheadaigh an ÚNI dearadh na scéime a ligean amach ar tairiscint.

## Cothabháil Bóithre

Rinneadh oibreacha ar 64 bhóthar san iomlán mar chuid de chlár 2013 agus bhí 19 Scéim

Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe Bóithre san áireamh leo sin.  Ba €4,366,000 iomlán an chaiteachais.

Leanadh ar aghaidh le Clár na gCosán in 2013 agus tabhaíodh €450,000 de chaiteachas ar dheisiúcháin/ar fheabhsúcháin ar chosáin ar fud an Chontae.

Rinneadh iniúchtaí mionsonraithe in 2013 chun tacú le bearta a bheidh le cur i gcrích faoi Chlár an Tionscnaimh Sráidbhailte. Tugadh an obair ar Léarscáiliú GIS na mbóithre go léir sa Chontae chun críche.

## Sábháilteacht ar Bhóithre

Soláthraíodh seirbhísí maor scoile ag 93 phointe trasnaithe chuig scoileanna ar fud an Chontae mar chuid de na gníomhaíochtaí sábháilteachta ar bhóithre a bhí ar siúl ag an gComhairle.

Ina theannta sin, cuireadh 2,000 leanbh bunscoile faoi oiliúint i sábháilteacht rothar in 2013 mar chuid de ghníomhaíochtaí




Sheachtain Náisiúnta na Rothar agus den chlár tacaíochta a bhfuiltear ag leanúint á chur ar fáil sna scoileanna maidir léi seo.  Tá na hiniúchtaí ar scoileanna maidir lena indéanta is a bheadh sé siúl chun na scoile ag leanúint ar aghaidh i gcomhar leis An Taisce.

## Seachtain Náisiúnta na Rothar 2013

Tionscnamh seachtaine a bhíonn i Seachtain Náisiúnta na Rothar a bhíonn á chur chun cinn ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar chuid de Thionscnamh an Taistil Níos Cliste chun muid go léir a spreagadh le tabhairt faoin rothaíocht. An Rothaíocht agus an Spraoi an téama a bhí le Seachtain na Rothar 2013 agus chuireamar imeachtaí a d'fheilfeadh do gach catagóir agus gach






cumas rothaíochta ar an gclár - daoine in aois na hoibre, teaghlaigh, leanaí scoile, daoine singile agus daoine ar spéis leo a n-oidhreacht áitiúil. Bhí rud éigin ar siúl do gach duine i rith na seachtaine - taispeántais, imeachtaí rothaíochta, rothaíocht don chlann sna Páirceanna, Turas na Cistine agus Turas na Rómánsaíochta i Leamhcán feadh Fhéarbhealach na Canálach Móire agus oiliúint sa tsábháilteacht i mbunscoileanna mórthimpeall an Chontae.

## Seachtain na nInnealtóirí 2013

Clár seachtaine d'imeachtaí a bhíonn ag titim amach ar fud na tíre a bhíonn i Seachtain na nInnealtóirí agus é d'aidhm léi aird a tharraingt ar shaol na hinnealtóireachta in Éirinn. Is éard a bhíonn i gceist leis an tseachtain meon dearfach agus suim a mhúscailt i ngairm na hinnealtóireachta i measc daoine is cuma a n-aois agus is cuma an mbíonn cúlra innealtóireachta acu nó nach mbíonn.

Tá imeachtaí agus ceardlanna á stiúradh ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas do leanaí scoile áitiúla ó 2009 i leith, rud a fhágann gurb í seo an cúigiú bliain dúinn ar an bhfód. D'fhreastalaíomar ar 200 dalta in 2009. Chuaigh na huimhreacha i líonmhaire ó bhliain go bliain agus d'fhreastalaíomar ar 1600 dalta as scoileanna ar fud an Chontae in 2013.

## Cláir Thráchta/Iompair Bhreise

- Seoladh an Chlib Pháirceála, a thugann an rogha do dhuine an íocaíocht pháirceála a dhéanamh leis an bhfón póca, i mí Lúnasa 2013 i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath.
- Rinneadh athbhreithniú ar an gclár Páirceála 'Íoc agus Taispeáin' i gcomhar leis an CBS don Iompar i rith 2013. Cuireadh moladh i dtaobh 30 nóiméad saorpháirceála faoi bhráid na Comhairle.
- Leanadh de thionscadal Chórais Iompair Chliste RITS NET AE in 2013 agus bhí ceardlann Eorpach ar siúl ag Áth Cliath Theas i mí na Samhna 2013. Tháinig toscairí a thaistil ó na 8 dtír is comhpháirtithe chuig an gceardlann a raibh tacaíocht aici ó ITS Ireland.
- Scéimeanna maidir le Bearta Sábháilteachta ar Chostas Íseal - Críochnaíodh Scéim Feabhsúcháin Bhuaile na Scornaí/Bhaile Maoilíosa. Cuireadh feabhas ar línte amhairc agus ar an acomhal, suiteáladh tuairtbhacainní agus cuireadh feabhas ar na comharthaí trí bhíthin na scéime. Críochnaíodh an scéim comharthaí agus feabhsúchán acomhail freisin ag Acomhal Na Lisíní.
- Tugadh an Clár Comharthaí Réigiúnach a raibh deontas cistithe faighte aige chun críche in 2013

## Gníomhaíochtaí i ndáil le Forbairt an Bheartais Sheachtraigh

**An Grúpa Oibre um Oibreacha Bóthair agus um Cheadúnúchán**

Lean Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar aghaidh ag obair mar chomhordaitheoir tionscadail do ghrúpa oibre a bhí bunaithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe beartais a bhainfeadh le haon bhacainní a chuirfeadh isteach ar bhonneagar teileachumarsáide a bheith á leagan ag gníomhaireachtaí atá faoina sainchúram.Tá an méid seo á bhreithniú ag an ngrúpa oibre:

- Próiseáil thráthúil agus chaighdeánaithe ar iarratais ar cheadanna le haghaidh bonneagar teileachumarsáide chomh maith le hiarratais ar cheadanna le haghaidh bonneagar sráide amhail caibinéid sráide agus le haghaidh bonneagar teileachumarsáide a shuiteáil faoi thalamh;
- Tá córas iarratais aontaithe nua ar líne le haghaidh na gceadúnas ábhartha á mheas féachaint lena thabhairt isteach sa chéad ráithe de 2013.

Beidh mionphlé agus comhoibriú leis na húdaráis áitiúla agus le hearnáil na tionsclaíochta i gceist leis an obair seo.  Tá sí leagtha amach i líon áirithe tascanna ar leith. Is iad seo a leanas iad sin, agus na gníomhaireachtaí soláthair:

1. Córas ar líne a fhorbairt do na hoibreacha bóthair mar chuid de MapRoad (GBRÁ)
2. Na treoirlínte maidir le líonadh isteach na dtrínsí mar a mbeidh na hoibreacha bóthair ar bun a thabhairt cothrom le dáta
3. Láithreacha sócmhainne ar bóthar a shainaithint a d'fhéadfaí a úsáid don Leathanbhanda (ÚBN).

| Iompar agus Bonneagar 2013 | |
|---|---|
| **An Clár Athchóirithe Bóithre** | |
| An líon Ciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha ar cuireadh feabhas orthu agus a ndearnadh iad a chothabháil faoin gClár Athchóirithe in aghaidh na bliana: | 16.82 |
| An líon Ciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a tógadh faoin scéim deontas um fheabhsúchán sonrach in aghaidh na bliana: | 0 |

## SEIRBHÍSÍ UISCE

**Feidhmíonn rannán Seirbhísí Uisce na Comhairle mar chuid de Ghrúpaí Stiúrtha Réigiúnacha Thionscadal Uisce agus Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus comhoibríonn sé leo ina gcuid oibre. Is cur chuige é sin faoinar féidir acmhainní a chomhdhlúthú, rud a laghdaíonn na costais agus a chinntíonn go soláthraítear seirbhís ar ardchaighdeán do mhuintir Átha Cliath Theas.**

**Comhaontaíodh le Meabhrán Tuisceana ón AE-CAI go mbunófaí údarás náisiúnta uisce. San Aibreán 2012, tháinig Bord Gáis sa chéad áit maidir leis an tairisicnt Uisce Éireann a riar.**

**Bunaíodh Uisce Éireann an chuideachta fóntais phoiblí faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce, 2013 ina fochuideachta neamhspleách de chuid Bhord Gáis agus faoi úinéireacht an Stáit. Tá an fhreagracht fhoriomlán as na cláir infheistíochta don chothabháil uisce a bhíodh ar na húdaráis áitiúla glactha ag Uisce Éireann anois.**

**Ó thaobh oibriúcháin de, fostófar na húdaráis áitiúla ina ngníomhairí de chuid Uisce Éireann. Síníodh Comhaontú Seirbhíse idir Uisce Éireann agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas a mhairfidh ar feadh tréimhse 12 bhliain agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1ú Eanáir 2014.**

### Cothabháil agus Oibríochtaí Uisce

Úsáidtear 70 ML d'uisce óil chóireáilte in aghaidh an lae i gContae Átha Cliath Theas. Soláthraítear thart ar 68ML/sa lá ón ionad cóireála uisce sa Bhaile Mór agus  ~1.7ML/sa lá ón ionad cóireála uisce i Léim an Bhradáin. Soláthraítear 120 m3 breise/sa lá tríd an gcóras soláthair uisce faoi thalamh atá ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas sa

Bhriotás. Dáiltear an t-uisce seo ar fud an Chontae tríd an ~1,550km de phríomhlíonra uisce agus trí na 4 phríomh-thaiscumar stórála atá in Belgard, Mullach na Pise, Teach Sagard agus Coillte Leamháin. Áirítear go bhfuil thart ar 90,250 teaghlach agus 5,500 custaiméir tráchtála i limistéar Átha Cliath Theas a bhfuil méadar uisce in úsáid acu.

Léann an córas léite méadar ó fheithicil méadair uisce na gcustaiméirí tráchtála uile go beacht agus is féidir na Muirir Uisce a bhunú ar an léamh seo, agus is uirlis í a bhíonn fóinteach chun réiteach a fháil ar cheisteanna ó chustaiméirí. Tá an dá mhéadar leictreamaighnéadacha ghrianchumhachtaithe ag obair go sásúil - méadair iad seo a suiteáladh i scoileanna, comhlánaíonn siad beartais na mbrat glas atá acu agus táthar sásta leo de réir an aiseolais a fuarthas. Rinneadh Tionscadal Soláthair Uisce an Bhóthair Bhuí a choimisiúnú go hiomlán i mí an Mheithimh 2013.

Déantar monatóireacht agus anailís ar chaighdeán an uisce óil go rialta agus comhlíonann sé na ceanglais uile atá i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) (Uimh. 2), 2007. Rinneadh 4,286 thástáil ar an uisce in 2013, agus chomhlíon 99.9% de na samplaí na rialacháin; is ráta comhlíonta é seo a sháraíonn an meánráta náisiúnta faoi mar a thuairiscigh an GCC. Tugtar tuairisc chun dáta ar shonraí na samplaí nach gcomhlíonann na rialacháin agus achoimre ar na torthaí ar shuíomh gréasáin na Comhairle go rialta. Níorbh ann do neamhchomhlíonadh suntasach ná do shaincheisteanna faoi chaighdeán an uisce in 2013.

Sa bhliain 2013 dheisigh an Rannán Uisce 119 bpríomhphíobán uisce a bhí scoilte, rinne sé 75 hiodrant dóiteáin, 46 bhualchomhla agus 416 sheirbhís a chothabháil nó a athnuachan.

Sa bhliain 2013 níor tharla aon ghéarchéimeanna bainteach le cúrsaí aimsire gurbh fhiú trácht orthu. Ach bhain dhá shaincheist leis an soláthar réigiúnach, áfach, agus b'éigean ciondáil a chur i bhfheidm go forleathan dá ndeasca. Fadhbanna le táirgeadh uisce sna hoibreacha cóireála sa Bhaile Mór ba chúis leis an gceann ba thromchúisí díobh sin i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2013 agus dá ndeasca sin gearradh an soláthar iomlán idir 8pm agus 7am gach oíche ón 30ú Deireadh Fómhair go dtí an 7ú Samhain. Baintear leas as na ceachtanna a foghlaimíodh le linn na dteagmhas nuair a bhíonn pleananna á n-athbhreithniú, agus nuair a bhíonn tosaíocht le tabhairt ar an gclár oibre d'fheabhsúcháin ar an líonra.

Is í an Chigireacht sa Rannán Uisce atá lonnaithe in Iosta Ráth an Deagánaigh is mó a thugann tacaíocht do thionscal na tógála, do Rannóga eile na Comhairle agus do ghníomhaireachtaí seachtracha, tríd an méid seo a chur i ngníomh- Sonraíochtaí na Comhairle um Shuiteáil an Phríomhlíonra Uisce agus um Sholáthar an Uisce Óil (Eanáir 2012), Fodhlíthe Uisce na Comhairle maidir le Bainisteoireacht agus Caomhnú na Seirbhísí Uisce, 2004, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), 2007 agus an tAcht um Sheirbhísí Uisce, 2007.

Bhí an Rannán Meicniúil fós ag cur bearta éifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm i líonra na stáisiún caidéalúcháin uisce, obair a rinne sé i gcomhar leis an Rannán Uisce. Bhain an obair sin le tiomántáin chliste luais inathraithe a chur in áit na gcaidéal, agus luas na gcaidéal a

choigeartú dá réir le go bhfeilfidh sé don éileamh uisce a bhíonn riachtanach aon tráth áirithe. Dá thoradh sin tá na billí leictreachais agus an costas cothabhála íslithe agus ina theannta sin seasfaidh na caidéil níos faide.

## Bainistíocht an Líonra Uisce

Glacann an Chomhairle páirt i dTionscadal Caomhnaithe Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath (TCURÁT), ar cuireadh tús leis in 1998 d'fhonn acmhainní uisce a bhainistiú. Is ag céim na cothabhála agus an athshlánúcháin den chuid reatha atá an tionscadal seo anois. Déantar bonneagar an phríomhlíonra uisce a thaifeadadh ar an gcóras GIS Réigiúnach.

Úsáidtear Córas Teiliméadrachta Réigiúnach chun dáileadh an uisce a bhainistiú. Déanann an córas cianmhonatóireacht ar na sruthanna agus/nó ar na brúnna gach 15 nóiméad ag 215 láthair ar fud Átha Cliath Theas. Dá thoradh seo is féidir sceideal oibre éifeachtach seachtainiúil a leagan amach le haghaidh na n-oibreacha suirbhéireachta ar an sceitheadh uisce. Ba 16.29% ar an meán an méid den Uisce gan Chuntas (UGC) a d'imigh le sruth i gContae Átha Cliath Theas in 2013. Tá na bearta rialaithe brú a cuireadh i bhfeidhm ag cabhrú leis an gComhairle an sprioc 16% maidir le UGC don bhliain 2016 a bhaint amach, sprioc atá leagtha síos ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Rinneadh 27 gComhla Laghdaithe Brú (CLB) bhreise a choimisiúnú mar chuid de thionscadal an Bhóthair Bhuí agus is 91 CLB san iomlán atá againn anois. Tá Rialtáin Lae-Oíche curtha ar 33 CLB agus tá Rialtáin Uile-Mhodhnaithe curtha ar 2 CLB. Ó tharla na rialtáin seo a bheith ann is féidir tuilleadh bainistíochta a dhéanamh ar an mbrú ar bhonn lae/oíche nó ar bhonn 24 uair an chloig.

Tugadh trialacha ar chórais Green Energy chun críche i mbliana in dhá Chianstáisiún Theiliméadracha de na Limistéir ina bhfuil Ceantair Mhéadraithe; oibríonn ceann amháin le cumhacht na gréine agus oibríonn an ceann eile le cumhacht hidrileictreach. D'oibrigh an córas grianchumhachtaithe go sásúil agus cuirfear i bhfeidhm go céimneach é in 2014 i 10 gcinn de na láithreacha Tionsclaíocha sna Limistéir ina bhfuil Ceantair Mhéadraithe.



## Cothabháil agus Oibríochtaí Draenála

Is é an Rannán Cothabhála agus Oibríochtaí Draenála atá freagrach as cothabháil agus feabhsú Chóras Draenála Chomhairle Contae Átha Cliath Theas arb ionann é agus beagnach 1,500 km de shéaraigh phoiblí don uisce bréan agus don uisce dromchla.

Píblínte nua don uisce bréan agus don uisce dromchla a leagan síos an obair ba mhó a bhí i gceist leis seo sa bhliain 2013 chun na fadhbanna a tháinig chun solais tar éis díle bháistí an 24ú Deireadh Fómhair 2011 a shárú. Is cuid thábhachtach d'obair an rannáin seo

iad na hoibreacha seo a leanas: sruthchúrsaí, sruthanna agus aibhneacha a ghlanadh, féachaint leis an uisce a stopadh ó rith isteach i maoine as seo amach.

Áiríodh iad seo leis na réimsí oibre:

- Uasghrádú ar phíblíne an uisce dromchla feadh Bhóthar an Mhuilinn, Teach Sagard
- Píblíne an uisce bhréin a cheangal ar Bhóthar an Bhóthair Bhuí
- An sceithbhealach ar an Dothra Bheag glanta ar Bhóthar Pháirc na Dothra
- Fad 900mm de phíblíne draenála uisce dromchla críochnaithe mar chuid de scéim soláthair uisce an Bhóthair Bhuí
- An saothar dealbhóireachta, Blip, suiteáilte ar an gCamóg
- Dúnphoill a thochailt / Cúlfhearsaidí curtha ar ais i gCill na Manach
- An Taiscumar Uisce as úsáid in Belgard scartáilte
- Píopaí forsceite leagtha idir na séaraigh uisce bhréin i bPáirc Bancroft agus Páirc Radharc an Ghleanna, Tamhlacht
- Fad 900mm de phíblíne draenála uisce dromchla leagtha mar chuid de scéim soláthair uisce an Bhóthair Bhuí
- Uasghrádú mór ar Stáisiún Caidéalúcháin Ghleanntán an Choiréil (2 chaidéal nua curtha isteach, an gineadóir cúltaca agus aonad rialaithe bolaidh suiteáilte, agus sconsaí slándála agus rochtana níos fearr curtha suas)
- Mionbhristeoir suiteáilte ag Stáisiún Caidéalaithe Draenála an Chaisleáin Nua
- An 4ú caidéal suiteáilte i stáisiún caidéalúcháin shráidbhaile Leamhcáin
- Mionbhristeoir suiteáilte ag Stáisiún Caidéalúcháin na hEascrach

**Áiríodh iad seo a leanas leis na hoibreacha agus leis na seirbhísí:**

- Oibreacha bainistíochta tuilte abhann agus sruthanna amhail cothabháil scagairí
- Suiteáladh trí scagaire nua ar an bPoitéal agus tá ceamaraí ar cheann Mhainéar Chamaí agus ar cheann Mhainéar Wainsfort
- An calcadh glanta as na séaraigh phoiblí agus an sruth ag rith gan bhac
- Obair dheisiúcháin déanta ar an mbonneagar séarachais
- Cothabháil déanta ar an líonra stáisiún caidéalúcháin
- Amuigh ar ghlaonna éigeandála
- An chothabháil atá le déanamh ar an gcóras draenála in eastáit nua atá 'tógtha faoi chúram' ag an gComhairle tugtha faoinár gcúram
- Comhairle tugtha faoin gCód Cleachtais Draenála maidir leis na hOibreacha Draenála do Réigiún Bhaile Átha Cliath.

## SMBRTD (Staidéir Mheasúnaithe agus Bhainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair)

**SMBRT an Dobharcheantair Thoir**

Cuireadh tús le staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte an Dobharcheantair Thoir (SMBRTDT) sa cheantar Thoir i mí an Mheithimh 2011 agus leanfar de go dtí deireadh na bliana 2015 agus beidh na léarscáileanna tuilte le heisiú faoi dheireadh 2013. Is iad seo na príomhaidhmeanna atá le Staidéar MBRT an Dobharcheantair Thoir:

- An baol ó thuilte a mheas, trí cheantair gur guaiseacha tuilte iad, mar aon le hiarmhairtí gaolmhara na dtuilte, a shainaithint;
- Bearta agus roghanna inmharthana

struchtúracha agus neamhstruchtúracha a shainaithint i dtaca leis an mbaol ó thuilte a bhainistiú do cheantair ardriosca áitiúla agus sa dobharcheantar i gcoitinne;

- Plean straitéiseach Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte (PBRT) agus an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) ghaolmhar a ullmhú ina leagfaí síos na bearta agus na beartais ar cheart tabhairt fúthu chun go ndéanfaí an baol ó thuilte a bhainistiú ar an mbealach ab éifeachtaí ó thaobh costais agus inbhuanaitheachta de;
- A chinntiú go gcuirfí comhairliúchán agus rannpháirteachas iomlán agus críochnúil i gcrích leis an bpobal agus le leas-sealbhóirí.
- Tionóladh comhairliúchán poiblí faoi na léarscáileanna tuilte agus faoi na roghanna don Phoitéal agus don Chamóg.

**SMBRTD na Dothra**
Críochnaíodh an staidéar, cuireadh faoi bhraid an CBS don Chomhshaol é a d'aontaigh go bhféadfaí an plean a chur faoi bhráid na Comhairle lena ghlacadh in 2014.

## Truailliú Uisce a Rialú

Ullmhaíodh an Plean Bainistíochta Abhantraí agus ghlac Comhairle Contae Átha Cliath Theas leis i Mí na Samhna 2009. Ghlac na contaetha eile atá i gCeantar Abhantraí an Oirthir leis an bplean agus tá sé i bhfeidhm ó Mheitheamh 2010 i leith. Tá an Clár Oibreacha comhaontaithe á chur i bhfeidhm ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas anois.

Bhí achtú I.R. 272 de 2009, ina ndéileáiltear leis na cuspóirí maidir le cáilíocht uisce dromchla, ar cheann de na píosaí reachtaíochta ba shuntasaí a rinneadh le deireanas. Cuireann sé sin bonn níos leithne faoin líon paraiméadar a bhfuil uasteorainneacha [agus, i gcásanna áirithe, íosteorainneacha] leo maidir le cáilíocht an uisce. Baineann na teorainneacha seo go díreach le stádas cháilíocht an uisce, e.g., ard nó maith, agus atá mar sprioc sa Phlean do Cheantar Abhantraí an Oirthir. Achtaíodh na rialacháin nua, I.R. Uimh. 101 de 2009, Rialacháin CE (Dea-chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2009 agus rinneadh Rialacháin 2006 agus 2007 a aisghairm dá ndroim.

Tá roinnt athruithe tábhachtacha sna rialacháin nua ach ní chuirfidh an reachtaíocht sin aon athrú ó bhonn ar obair laethúil an rannáin um Thruailliú Uisce a Rialú. D'eisigh GCC Cód Cleachtais ar Chórais Cóireála agus Diúscartha Dramhuisce chun Freastal ar Thithe Aonair (p.e. $\leq$ 10). Is é seo an doiciméad a cuireadh san áireamh sa phlean forbartha contae nua le bheith ina dhoiciméad tagartha maidir le dramhuisce nach dtéann tríd an gcóras séaraigh phoiblí a chóireáil go hoiriúnach.

Is ann d'achtacháin reachtacha go leor ón mbliain 2009 i leith agus baineann siad le dabhcha séarachais a chlárú, le hoiliúint agus le hiniúchadh. Is iad seo a leanas na cinn is mó trácht – An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012, Na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce, 2007 agus 2012, na Rialacháin um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí (Clárú), 2012, na Rialacháin faoi na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce, 2007 agus 2012 (Córais Cóireála Dramhuisce Tí), 2012, agus na Rialacháin faoin Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Clárú agus Iniúchtaí), 2012.

Is í an reachtaíocht seo an bonn atá ag na húdaráis áitiúla chun uisce dromchla agus screamhuisce a chosaint ar chórais cóireála dramhuisce tí nach bhfuil ag feidhmiú i gceart. Déantar foráil sa reachtaíocht freisin do Phlean Náisiúnta Iniúchta maidir leis an ábhar seo. Tá

sé foilsithe ag an GCC, agus sainaithnítear ann na limistéir atá i mbaol i ngach údarás áitiúil agus iad grádaithe de réir baoil.

Sa bhliain 2012 chuir an Fhoireann um Thruailliú Uisce a Rialú tús le clár chun eisilteach trádála na mbunachas seirbhíse bia sa Chontae a cheadúnú. I ndeireadh thréimhse na bliana 2013 bhíothas tar éis 430 mbunachas a shainaithint agus a iniúchadh agus bhíothas tar éis ceadúnas a eisiúint chuig 319 mbunachas [74%] díobh sin agus beidh an chuid eile le ceadúnú ag Uisce Éireann amach anseo. Líon na gcalcthaí i líonra an tséaraigh bhréin a bheith íslithe agus gan séaracht a bheith ag sileadh amach ar na bóithre ná isteach sna haibhneacha chomh minic is a bhíodh na tairbhí a leanfaidh an clár seo.

## Dearadh/Tionscadail bainteach le hUisce agus Draenáil

Cheadaigh Uisce Éireann an scéim seo a leanas maidir le hathbhreithniú ar scóip agus ar thosú na tógála faoin gClár Infheistíochta Caipitil 2014 – 2016 atá ag Uisce Éireann:

- An ceangal tábhachtach ar an bPríomhphíobán Uisce idir Teach Sagard agus Léim an Bhradáin
- Tá coimisiúnú déanta anois ar Scéim Soláthair Uisce an Bhóthair Bhuí

| Seirbhísí Uisce 2013 | |
|---|---|
| An toilleadh iomlán uisce soláthartha (m3/sa lá) faoi na scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach: | 69948 |
| An toilleadh uisce gan chuntas (m3/sa lá) faoi na scéimeanna soláthair uisce as a bhfuil an t-údarás áitiúil freagrach: | 11415 |

**Tuairisc ó Teresa Walsh, Stiúrthóir na Seirbhísí Bóthair agus Uisce**

# Airgeadas

**Is í an Rannóg Airgeadais atá freagrach as na hoibriúcháin airgeadais sa Chomhairle agus cinntíonn sí go háirithe go mbíonn comhshocruithe leordhóthanacha i bhfeidhm chun ioncam agus gníomhaíocht chaipitil a mhaoiniú. Áirítear iad seo a leanas leis na freagrachtaí - buiséadú, tuairisciú airgeadais, bainistíocht cisteáin agus sreabhaidh airgid, cur i ngníomh chreat na rialuithe inmheánacha chun riosca airgid a laghdú agus teagmháil leis an iniúchadh seachtrach.**

Áirítear iad seo a leanas leis an raon seirbhísí a sholáthraíonn an Rannóg Airgeadais:

- Rialú airgeadais, bainistíocht sreabhaidh airgid agus cisteáin
- An Buiséad Bliantúil a Ullmhú
- An Ráiteas Airgeadais Bliantúil a ullmhú
- Tuarascálacha Ráithiúla a ullmhú
- Riarachán an mhórleabhair ghinearálta agus na bpríomhchóras airgeadais
- Riarachán Párolla
- Rátaí Tráchtála - billeáil agus bailiú
- Tobhach Maoine Bliana Iontrála - billeáil agus bailiú
- Muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha - bailiú
- Bainistíocht agus Bailiú Fiach
- Bainistíocht an phróisis, Ó Cheannach go hÍoc
- Riarachán árachais agus éileamh
- Oibriúcháin oifig na n-íocaíochtaí

Bhain na cuspóirí seo a leanas leis an bplean oibriúcháin don Rannóg Airgeadais in 2013:

- Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2012 a ullmhú go tráthúil san fhormáid chaighdeánach arna sonrú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) agus de réir Local Authority Accounting in Ireland, Code of Practice and Accounting Regulations (Cuntasaíocht Rialtais Áitiúil in Éirinn, Cód Cleachtais agus Rialacháin Chuntasaíochta).
- Iniúchadh Bliantúil Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2012 a éascú
- A bheith i dteagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) agus faisnéis airgeadais agus faisnéis nach faisnéis airgeadais í a sholáthar de réir mar is gá
- Monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na Comhairle, iad a rialú agus a thuairisciú i gcomhthéacs cheanglais airgeadais an AE/CAI agus an Chomhardaithe Ghinearálta Rialtais (CGR).
- Buiséad Bliantúil 2014 a ullmhú de réir an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 agus na Rialachán Rialtais Áitiúil (Nósanna Imeachta Airgeadais agus Iniúchadh), 2002.
- Sreabhadh airgid a bhainistiú ar mhaithe le maoiniú a bheith ar fáil de réir mar a bheidh riachtanach don chaiteachas ó lá go lá ar na Cuntais Ioncaim agus Chaipitil agus deiseanna infheistíochta a uasmhéadú
- A bheith i dteagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) nuair a bheidh sin fóirsteanach chun leithroinntí as an gCiste Rialtais Áitiúil agus as cistí eile stáit a uasmhéadú
- An Córas Bainistíochta Airgeadais Agresso a bhainistiú, a chothabháil agus a fhorbairt

## An Ráiteas Airgeadais Bliantúil

Cuireadh Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2012 i láthair (i bhformáid inrochtaineachta gréasáin) na gComhaltaí ag cruinniú Aibreán 2013 na Comhairle. Cuireadh faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) ansin é. Bhreithnigh na comhaltaí tuairim iniúchóireachta agus tuarascáil 2012 i gcoiste i Meán Fómhair 2013 agus rinne comhaltaí iad a thabhairt dá n-aire ag cruinniú Dheireadh Fómhair 2013 na Comhairle.

## Tuarascálacha Ráithiúla

De réir choinníollacha cistiúcháin an AE/CAI aithníodh roinnt ceanglas tuairiscithe breise (tagairt Meabhrán Tuisceana na hÉireann maidir le Coinníollacht Shonrach an Bheartais Eacnamaíochta' dar dáta 3ú Nollaig 2010. Iarscríbhinn a hAon: Soláthar Sonraí) agus cuireadh ar fáil don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ) iad taobh istigh de 60 lá ó dheireadh na ráithe. Áirítear iad seo leis na tuarascálacha:

- **An Tuarascáil Ioncaim** ina dtugtar sonraí caiteachais agus ioncaim an chuntais ioncaim don bhliain go dtí deireadh gach ráithe in aghaidh bhuiséad na bliana.
- **An Tuarascáil Chaipitil** ina dtugtar sonraí iarmhéideanna tosaigh, caiteachais agus ioncaim agus iarmhéideanna deiridh an chuntais chaipitil don bhliain go dtí deireadh gach ráithe.
- **An Tuarascáil Féichiúnaithe** ina dtugtar sonraí na n-idirbheart i ngach aon chatagóir féichiúnaithe don bhliain go dtí deireadh gach ráithe.
- **An Tuarascáil Iasachtaí** ina dtuartar go mion na haisíocaíochtaí úis agus bunairgid ar na hiasachtaí reatha agus ceadaithe uile.

Cuireadh na tuarascálacha seo faoi bhráid RCPRÁ taobh istigh de na scálaí ama sonraithe do na ceithre ráithe de 2013.

## Foilsiú Orduithe Ceannaigh os cionn €20,000

Ní mór, faoin bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, orduithe ceannaigh chun earraí nó seirbhísí dar luach breis is €20,000 a fhoilsiú ar líne ag deireadh gach ráithe. Foilsíodh na tuarascálacha seo agus tá siad ar fáil lena léamh ar shuíomh gréasáin na Comhairle mar a fhorordaítear.

## An Buiséad Bliantúil

Ullmhaíodh Buiséad Bliantúil 2014 de réir cheanglais an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 agus na Rialachán Rialtais Áitiúil (Nósanna Imeachta Airgeadais agus Iniúchadh), 2002. Ghlac an Chomhairle é an 12ú Nollaig, 2013.

## Rátaí Tráchtála

Ba €122,440,818 an t-ioncam as rátaí tráchtála do 2013. Ba €103,740,904 an t-iomlán a bailíodh i gcaitheamh 2013 agus cháiligh €12,869,213 eile do chreidmheasanna áiteanna folmha, rud a d'fhág go raibh €34,581,886 de riaráiste le bailiú ag deireadh na bliana. Tháinig an ráta bailiúcháin 77% don fhoinse ioncaim seo in 2013 leis an treocht náisiúnta agus ba léiriú é ar na dálaí deacra geilleagracha a bhain le gnó agus le hioncaim a bhí ag brath ar ghnó.

## Tobhach Maoine Bliana Iontrála

Tugadh an Tobhach Maoine Bliana Iontrála isteach faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2006. Bíonn feidhm ag an tobhach maidir leis na maoine nuathógtha go léir ón dáta a ndéantar na maoine a luacháil chun críocha luachála, ag feitheamh rátaí tráchtála a thobhach.

D'eisigh an Chomhairle aon iarraidh is fiche ar luachálacha chuig an Oifig Luachála in 2013 maidir le maoine nuathógtha.

## Muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Faoin Acht Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009 tugadh isteach muirear bliantúil €200 a bhain le hÁiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha. Tá an muirear €200 iníoctha leis an údarás áitiúil ar ina limistéar atá an Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha

suite. Is iad na húinéirí féin a mheasann an bhfuil muirear le híoc agus tá sé d'oibleagáid orthu an mhaoin a chlárú agus an muirear a íoc. Déantar foráil sa reachtaíocht freisin do phionóis a ghearradh as íoc déanach agus carnann na pionóis sin in aghaidh na míosa i gcás go mbíonn an muirear thar téarma.

Ba €3,733,780 an méid a bailíodh in 2013 i ndáil leis an muirear NPPR. Bhí pionóis agus muirir don bhliain 2013 agus do bhlianta roimhe sin i gceist leis an méid sin.

Bhí éifeacht leis an muirear NPPR i ndáil leis na blianta 2009 go 2013. Rinneadh foráil i gCuid 12 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 d'aisghairm na reachtaíochta a rialaigh an Muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR) agus déileáiltear ann le bailiú dliteanas nár urscaoileadh a bhaineann leis an muirear NPPR.

## Rialacháin na gComhphobal Eorpach

Cuireadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht a Dhéanamh Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 mar thoradh ar (Rialacháin (Íocaíocht a Dhéanamh Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002):

Rialacháin an AE a rialaíonn íocaíocht a dhéanamh déanach in idirbhearta tráchtála i bhfeidhm le héifeacht ón 16 Márta, 2013. Tagann na Rialacháin seo in áit chuid den Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus déantar foráil iontu d'ús a íoc nuair a bhíonn sonrasc fágtha gan íoc níos faide ná 30 lá. Nuair a bhíonn ús dlite bíonn íocaíocht chúitimh fhorordaithe iníoctha freisin. Ba €5,373 an méid iomlán úis agus cúitimh a íocadh in 2013.

Ón mbliain 2011 i leith tá sé de cheangal ar na comhlachtaí poiblí go léir tuairisc a thabhairt faoi na catagóirí seo a leanas ar a bhfeidhmíocht i ndáil le sonraisc a íoc:

- taobh istigh de 15 lá ón dáta a fuarthas an sonrasc;
- taobh istigh de 16 go 30 lá ón dáta a fuarthas an sonrasc; agus
- thar 30 lá ón dáta a fuarthas an sonrasc.

Cuireadh na tuarascálacha seo faoi bhráid RCPRÁ taobh istigh de na scálaí ama sonraithe do na 4 ráithe de 2013 agus tá siad ar fáil lena léamh ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

## Tuarascáil na gCoimisinéirí Ioncaim ar Íocaíochtaí

Faoi Alt 891(b) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, éilíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar Chomhlachtaí Poiblí, lena n-áirítear Údaráis Áitiúla, tuarascáil bhliantúil a chur faoina mbráid. Sa tuarascáil, soláthraítear sonraí na n-íocaíochtaí a dhéantar le soláthraithe má bhíonn an t-iomlán bliantúil níos airde ná €1,000. Ní chuirtear íocaíochtaí a bhíonn faoi réir RTC (Cáin Chonarthaí Iomchuí) nó ÍMAT agus roinnt catagóirí eile san áireamh. Cuireadh an tuairisceán bliantúil seo faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim taobh istigh den scála ama sonraithe in 2013.

# Comhairle Contae Átha Cliath Theas
# Clár Comhardaithe
**ar an 31 Nollaig 2013**

| | 2013<br>€'000 | 2012<br>€'000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní Seasta & Obair ar Siúl | 3,705,162 | 3,721,901 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 208,513 | 204,038 |
| Glansóchmainní Reatha | 41,373 | 38,657 |
| Crediuínaithe Fadtéarmacha | (253,048) | (250,601) |
| **Glansócmhainní** | **3,702,000** | **3,713,995** |


| | | |
|---|---|---|
| *Maoinithe ag:* | | |
| Obair ar siúl & Cuntas Caipitlithe | 3,675,162 | 3,689,762 |
| Cúlchiste Ioncaim – Sonrach | 10,805 | 10,805 |
| Cúlchiste Ioncaim – Ginearálta | 10,730 | 12,095 |
| Iarmhéideanna Eile | 5,303 | 1,333 |
| | **3,702,000** | **3,713,995** |

## Comhairle Contae Átha Cliath Theas
## Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais
**don bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2010**

| | Oll-chaiteachas Glan | Ioncam | Costas |
|---|---|---|---|
| | 2013 €'000 | 2013 €'000 | 2013 €'000 |
| Tithíocht agus Tógáil | 47,779 | 47,138 | (641) |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | 24,675 | 7,265 | (17,410) |
| Uisce Séarachas | 32,826 | 8,345 | (24.481) |
| Dreasachtaí agus Rialacháin Forbartha | 11,351 | 2,265 | (9,086) |
| Cosaint don Chomhshaol | 34,469 | 9,703 | (24,766) |
| Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachtaí | 30,801 | 4,806 | (25,995) |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas Sóisialach | 4,745 | 3,179 | (1,566) |
| Illghnéitheach | 28,975 | 4,333 | (24,624) |
| **Caiteachas / Ioncam Iomlán** | **215,603** | **87,034** | |


| | |
|---|---|
| **Costas Glan na gClár arna maoiniú as Rátaí & Ciste Rialtais Áitiúil** | (128,569) |
| Ioncam ó Rátaí | 122,441 |
| Ciste Rialtais Áitiúil – Ioncam ó Dheontais | 16,370 |
| Asbhaint a Bhaineann le Pinsean | 3,193 |
| **Líon Glan na nAistrithe chuig cúlchistí / ó chúlchistí** | **(14,801)** |
| **Barrachas don Bhliain** | **(1,366)** |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 1 Eanáir 2013** | 12,095 |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 31 Nollaig 2013** | **10,729** |

### Caitheachas Iomlán - Ioncaim & Caipitiúil (€'000)




Nóta: Tá aistrithe ó/go ioncaim san áireamh

### Caitheachas Ioncaim 2013 de réir na ranna (€'000)




Nóta: Tá aistrithe ó/go ioncaim san áireamh

**Tuairisc ó Clodagh Henehan, An Ceannasaí Airgeadais**

# Aguisín 1
# Comhaltas na Comhairle ar Choistí agus ar Chomhlachtaí Eile

## Cathaoirligh na gCoistí Limistéir

Toghadh **an Comhairleoir Breeda Bonner** ina Cathaoirleach ar Choiste Limistéir Chluain Dolcáin d'aon ghuth.

Toghadh **an Comhairleoir Guss O'Connell** ina Chathaoirleach ar Choiste Limistéir Leamhcáin d'aon ghuth.

Toghadh **an Comhairleoir Mick Duff** ina Chathaoirleach ar Choiste Limistéir Thamhlachta d'aon ghuth.

Toghadh **an Comhairleoir Paddy Cosgrave** ina Chathaoirleach ar Choiste Limistéir Ráth Fearnáin d'aon ghuth.

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach

**An CBS do na hEalaíona, Cultúr, Gaeilge, Oideachas agus Leabharlanna**

**Comhaltaí na Comhairle**
An Clr Paddy Cosgrave - Cathaoirleach
An Clr Marie Corr
An Clr Marie Devine
An Clr Tony Delaney
An Clr Mick Duff
An Clr John Hannon
An Clr Caitríona Jones
An Clr Anne Marie Dermody
An Clr Eamonn Walsh
An Clr Guss O' Connell

**Comhaltaí na nEarnálacha**
Dympna Quinn, Pobal agus Deonach
67 Bóthar an Halla Bháin
Tír an Iúir
Baile Átha Cliath 12

Jim Fay, Ceardchumann
20 Céide Radharc an Ghleanna,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24

John Conroy, Cultúr
2 Céide na Tamaraisce,
Cill na Manach,
Baile Átha Cliath 24

Lyuba Moore
An tIonad Idirchultúrachais, CPLN
12 Bóthar an Chloigthí
Cluain Dolcáin
Baile Átha Cliath 22

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach

**An CBS don Fhorbairt Eacnamaíochta (lena n-áirítear Pleanáil)**

**Comhaltaí na Comhairle**
An Clr Pamela Kearns - Cathaoirleach
An Clr Colm Brophy
An Clr Emma Coburn
An Clr Marie Corr
An Clr Chris Bond
An Clr Máire Devine
An Clr Trevor Gilligan
An Clr Caitríona Jones
An Clr Cathal King
An Clr William Lavelle
An Clr Guss O' Connell
An Clr Eamon Tuffy

**Na hEarnálacha**
Neil Durkin, Forbairt agus Tógáil
1-3 Bóthar Áth an Ghainimh,
Raghnallach,
Baile Átha Cliath 6

Garrett Robinson, Gnó agus Tráchtáil
SIAC Construction,
Bóthar na Mainistreach,
Cluain Dolcáin,
Baile Átha Cliath 22

Jim Fay, Ceardchumann,
20 Céide Radharc an Ghleanna,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24

Seán Giblin, Comhshaol agus Tógáil
2 Baile Finn,
Na Mínligh,
Leamhcán,
Contae Bhaile Átha Cliath

Donnie Anderson, Feirmeoireacht agus Talmhaíocht,
Caisleán Uí Cheallaigh,
Gleann an Smóil,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach

### An CBS don Chomhshaol

**Comhaltaí na Comhairle**
An Clr John Lahart -
Cathaoirleach
An Clr Emma Coburn
An Clr Breeda Bonner
An Clr Máire Devine
An Clr John Hannon
An Clr William Lavelle
An Clr Chris Bond
An Clr Guss O' Connell
An Clr Eamon Tuffy
An Clr Eamonn Walsh

**Na hEarnálacha**
Pat Lee, Feirmeoireacht agus
Talmhaíocht,
St. Anne's,
Bóthar na Bruíne,
Contae Bhaile Átha Cliath

Sherri Brennan, Gnó agus
Tráchtáil,
Skips Trans,
Aonad 518B Páirc Gnó
Ghrianóige,
Ráth Cúil,
Contae Bhaile Átha Cliath

Connie Kiernan, Comhshaol
agus Caomhnú
187 Bóthar Pháirc na
Cruithneachta,
Baile Phámar,
Baile Átha Cliath 20

Una Ruddock, Comhshaol
agus Caomhnú,
6 Corrán Halla na Tulaí,
Leamhcán,
Contae Bhaile Átha Cliath

Mary Clare Wallace, Pobal
agus Deonach,
Páirc Gnó Chill an Ardáin,
Cill an Ardáin,
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach

**An CBS don Tithíocht agus don Fhorbairt Shóisialta**

**Comhaltaí na Comhairle**
An Clr Marie Corr - Cathaoirleach
An Clr Breeda Bonner
An Clr Mick Duff
An Clr Trevor Gilligan
An Clr Pamela Kearns
An Clr Gino Kenny
An Clr Cathal King
An Clr Brian Lawlor
An Clr Dermot Looney
An Clr Matthew McDonagh

**Na hEarnálacha**
Ben Healy, Comhshaol agus Caomhnú
Páirc Ghleann an tSrutháin,
Ráth Fearnáin,
Baile Átha Cliath 14

Tommy Gilson, Pobal agus Deonach
17 Ascaill Bhán an Bhábhúin,
Ráth Miontáin,
Baile Átha Cliath 24

John Murphy, Feirmeoireacht agus Talmhaíocht,
An Cnoc Ard,
An Caisleán Nua,
Contae Bhaile Átha Cliath

Betty Tyrell Collard,
Ceardchumann,
Seomra 417A,
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta,
23 Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach

**An CBS don Spórt, Áineas agus Gnóthaí Pobail (Iena n-áirítear Páirceanna)**

**Comhaltaí na Comhairle**
An Clr Cathal King - Cathaoirleach
An Clr Paddy Cosgrave
An Clr Tony Delaney
An Clr Mick Duff
An Clr Emer Higgins
An Clr Gino Kenny
An Clr Brian Lawlor
An Clr Dermot Looney
An Clr Matthew McDonagh
An Clr Therese Ridge

**Na hEarnálacha**
Carmel McCartney, Pobal agus Deonach
6 Faiche Mhucrois,
Baile Pheire,
Baile Átha Cliath 12

Seán Reid, Pobal agus Deonach
An tIonad Pobail,
An Phríomhshráid,
Ráth Cúil,
Contae Bhaile Átha Cliath

Cecil Johnson, Míbhuntáiste agus Cuimsiú Sóisialta,
Comhairle Pobail Chill an Ardáin,
Páirc Gnó Chill an Ardáin
Tamhlacht,
Baile Átha Cliath 24

James Coughlan, Gnó agus Tráchtáil,
Astropark,
Bóthar na nGlaschnoc,
Baile Átha Cliath 24

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach

### An CBS don Iompar

**Comhaltaí na Comhairle**
An Clr Colm Brophy - Cathaoirleach
An Clr Emma Coburn
An Clr Paddy Cosgrave
An Clr Caitríona Jones
An Clr Anne Marie Dermody
An Clr John Lahart
An Clr Emer Higgins
An Clr William Lavelle
An Clr Therese Ridge
An Clr Eamon Tuffy

**Na hEarnálacha**
Matt Moran, Gnó agus Tráchtáil
IBEC
Confederation House,
Baile Átha Cliath 2

Tom Newton, Pobal agus Deonach,
7 Garrán Radharc na Cluana,
Mullach an Chnoic,
Leamhcán,
Contae Bhaile Átha Cliath

Kevin Farrell, Comhshaol agus Caomhnú,
6 Corrán Halla na Tulaí,
Leamhcán,
Contae Bhaile Átha Cliath

Betty Tyrell Collard,
Ceardchumann,
Seomra 417A,
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta,
Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2

Nuala Maher, Gnó agus Tráchtáil,
47 Ascaill Garville,
Ráth Garbh,
Baile Átha Cliath 6

## Comhchoiste Póilíneachta Chontae Átha Cliath Theas

| Ainm an chomhalta | An eagraíocht ar comhalta di é nó í |
|---|---|
| An Comhairleoir Guss O' Connell (Cathaoirleach) | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| Tháinig an Méara, an Comhairleoir Dermot Looney in áit an Chomhairleora Cathal King | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir Paddy Cosgrave | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir Máire Devine | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir Gino Kenny | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| Tháing an Comhairleoir Eoin O'Broin in áit an Chomhairleora Mattie McDonagh | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir Pamela Kearns | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir William Lavelle | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir Brian Lawlor | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir Colm Brophy | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir Emma Coburn | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir John Lahart | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir Eamonn Walsh | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir John Hannon | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| An Comhairleoir Breeda Bonner | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| Robert Dowds T.D. | An tOireachtas |
| Derek Keating T.D. | An tOireachtas |
| Alex White T.D. | An tOireachtas |
| Seán Crowe T.D. | An tOireachtas |
| Eamon Maloney T.D. | An tOireachtas |
| An tArd-cheannfort Brendan Mangan | An Garda Síochána |
| An tArd-cheannfort Declan Coburn | An Garda Síochána |
| An Bainisteoir Contae - tháinig Daniel McLoughlin in áit Philomena Poole | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| Billy Coman CCÁCT | Comhairle Contae Átha Cliath Theas |
| Jim Lawlor | An Fóram Pobail |
| Michael Noonan | An Fóram Pobail |
| Michelle Kearns | An tArdán Pobail |

## An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

| Ainm | Eagraíocht |
|---|---|
| Maria O'Donohoe | An tArdán Pobail, Líonra Mná Le Chéile Thamhlachta |
| Anna Lee | Comhpháirtíocht Chontae Átha Cliath Theas |
| Patricia Nolan | Ionad Oibrithe Deonacha Átha Cliath Theas |
| Pádraig Rehill | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) |
| Paddy Lavelle | Bord Oideachais agus Oiliúna Baile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOO BÁCDLR) |
| Fiona Ward | An Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) |
| Loman O'Byne | An Oifig Fiontair Áitiúil |
| Peter Byrne | Comhlachas Átha Cliath Theas |
| Justin Byrne | An Fóram Pobail |
| Greg Tierney | Crosscare |
| Mary Corcoran | Pobal |
| An Comhairleoir Pamela Kearns | CCÁCT |
| An Comhairleoir Marie Corr | CCÁCT |
| Billy Coman | CCÁCT |

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

# Aguisín 2
# Comhdhálacha ar fhreastail Comhairleoirí in 2013

**Comhdháil Turasóireachta an Chláir**
17ú - 19ú Eanáir 2013
Falls Hotel, Inis Díomáin, Co. an Chláir

**Na hIarmhairtí Coiriúla a leanann Sárú Rialachán Údaráis Áitiúil**
18ú - 19ú Eanáir 2013
Manor Wells Hotel, Bóthar Chill Airne, Trá Lí

**Comharsana in Achrann le chéile agus an Dlí**
25ú - 27ú Eanáir 2013
Patrick Punch Hotel, Luimneach

**Seimineár CÚBÉ**
15ú - 16ú Feabhra 2013
Bandon House Hotel, Ros Mhic Thriúin,
Co. Loch Garman

**An Cumann Comhairlí Contae is Cathrach**
7ú - 8ú Márta 2013
Tower Hotel, Co. Phort Láirge

**An Rialtas Áitiúil ag Tacú leis an Saorálaíochas**
7ú - 9ú Márta 2013
Manor West Hotel, Bóthar Chill Airne,
Trá Lí, Co. Chiarraí

**Comhdháil ar Theidlíochtaí Cánach**
29ú - 31ú Márta 2013
Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú

**Comhdháil ar Phleanáil in Éirinn**
26ú - 27ú Aibreán 2013
Halla na Cathrach, Béal Feirste

**Comhaontú na Seirbhíse Poiblí**
3ú - 4ú Bealtaine 2013
Connacht Hotel, Gaillimh

**An Comhbheartas Talmhaíochta tar éis 2013**
24ú - 25ú Bealtaine 2013
Connacht Hotel, Gaillimh

**An Spórt mar Chuidiú don Mheabhairshláinte**
30ú - 31ú Bealtaine 2013
Jacksons Hotel, Bealach Féich,
Co. Dhún na nGall

**Scéim Tacaíochta Tithe Banaltrais**
30ú Bealtaine - 1ú Meitheamh 2013
Connacht Hotel, Gaillimh

**Comhdháil ar an Reachtaíocht Eorpach agus Údaráis Áitiúla**
7ú - 9ú Meitheamh 2013
Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú

**Forbairt Pobail, Na hEalaíona agus Na Spóirt**
26ú - 27ú Iúil 2013
Quality Hotel, Cill Airne, Co. Chiarraí

**An Tóstal, Scoil Samhraidh Shliabh Luachra**
30ú Iúil - 6ú Lúnasa 2013
Bruach Na Carraige, Séipéal na Carraige,
Co. Chorcaí

**Pobail a bheith níos Sábháilte**
16ú - 17ú Lúnasa 2013
Connacht Hotel, Gaillimh

**Forbairt Pobail**
23ú - 24ú Lúnasa 2013
Connacht Hotel, Gaillimh

**Comhdháil CÚBÉ**
12ú - 14ú Meán Fómhair 2013
Inchydoney Hotel and Spa, Cloich na Coillte,
Co. Chorcaí

**Meabhairshláinte i measc an Phobail agus an Comhalta Tofa**
20ú - 22ú Meán Fómhair 2013
Clanree Hotel, Leitir Ceanainn.
Co. Dhún na nGall

**An Próiseas Tairisceana**
4ú - 6ú Deireadh Fómhair 2013
Four Seasons Hotel, Cairlinn, Co. Lú

**Toghcháin tríd an Idirlíon**
5ú - 6ú Deireadh Fómhair 2013
Louis Fitzgerald Hotel, Cluain Dolcáin,
Baile Átha Cliath 22

**Comhdháil Fómhair CCÚÁ**
10ú - 12ú Deireadh Fómhair 2013
Falls Hotel, Inis Díomáin, Co. an Chláir

**Na Riachtanais Fuinnimh sa Todhchaí**
25ú - 26ú Deireadh Fómhair 2013
Clanree Hotel, Leitir Ceanainn

**An Buiséad Rialtais Áitiúil 2014**
1ú - 2ú Samhain 2013
Hollyrood Hotel, Bun Dobhráin,
Co. Dhún na nGall

**An Buiséad Údarás Áitiúil**
15ú - 17ú Samhain 2013
Silver Tassie Hotel, Leitir Ceanainn,
Dún na nGall

**Buiséad 2014 don Chanbhasáil**
22ú - 24ú Samhain 2013
Louis Fitzgerald Hotel, Cluain Dolcáin,
Baile Átha Cliath 22

**SIPO agus na Dualgais a bhíonn ar Chomhairleoirí**
30ú Samhain - 1ú Nollaig 2013
Louis Fitzgerald Hotel, Cluain Dolcáin,
Baile Átha Cliath 22

**Fostaíocht Rialtais Áitiúil - Cleachtas agus Dlí**
13ú - 14ú Nollaig 2013
Clonmel Park Hotel, Cluain Meala,
Co. Thiobraid Árann

**Deontais agus Scéimeanna Tithíochta**
13ú - 14ú Nollaig 2013
Connacht Hotel, Gaillimh

**Sábháilteacht ar Bhóithre a Fheabhsú**
20ú - 21ú Nollaig 2013
Westport Plaza Hotel, Sráid Chaisleán an Bharraigh, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo

**Ba €15,985.19 an méid iomlán a caitheadh ar Chomhdhálacha sa bhliain 2013**

# Aguisín 3
# Tuarascáil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh 2013

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

## Léargas ar an Úsáid Fuinnimh

**Is mórúsáideoir fuinnimh í Comhairle Contae Átha Cliath Theas sa mhéid is go bhfuil stoc tógála mór aici lena n-áirítear oifigí, leabharlanna, linnte snámha, iostaí agus stáisiúin chaidéalúcháin. Tá os cionn 700 feithicil ina flít agus tá breis is 32,000 solas sráide phoiblí á gcothabháil ag an gComhairle. Tá an Chomhairle tiomanta fós don sprioc náisiúnta maidir le hastúcháin charbóin a laghdú faoi 20% faoi 2020 agus maidir le héileamh na Comhairle féin ar fhuinneamh a laghdú faoi 30%. Is í an fhoireann thrasdisciplíneach Energy-MAP atá sa Chomhairle a stiúrann agus a dhéanann monatóireacht ar an laghdú seo go míosúil agus leanfaidh sí uirthi ag sainaithint agus ag tabhairt faoi straitéisí agus faoi dheiseanna chun fuinneamh a spáráil.**

## Achoimre ar an Ídiú

| An Cineál Fuinnimh | Aonad | 2013 |
|---|---|---|
| Glaniompórtáil Leictreachais (Sonraí MPRN) | KWh | 20,148,786 |
| Gás Nádúrtha (Sonraí GPRN) | kWh (Olliomlán) | 7,218,267 |
| LPG (ceannaithe de réir toirte) | Lítear | 0 |
| Ceirisín | Lítear | 0 |
| Ola Gháis | Lítear | 113,502 |
| Díosail Feithiclí Bóthair (DERV) | Lítear | 371,175 |
| Peitridhíosail | Lítear | 10,654 |
| Bitheatánóil Íon | Lítear | 31.1 |

## I dTreo 2020

Is sínitheoir le Cúnant na Méaraí í Comhairle Contae Átha Cliath Theas. Tá bailchríoch curtha aici ar a Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe a bheidh á cheadú ag an gCúnant in 2014. Déanann an ÚFIÉ measúnacht faoi Chlár an Líonra Mhonatóireachta / Thuairiscithe ar a bhfuil ar siúl ag an gComhairle chun a spriocanna maidir le 2020 a bhaint amach. Tá cur síos anseo thíos ar an dul chun cinn -

| Dul chun cinn i dtreo | Luach | Aonad |
|---|---|---|
| Spáráil Fuinnimh ón mBonnlíne | 19.7% | |
| Athrú san Ídiú Fuinnimh ón Bonnlíne | 17.1% | |
| Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh (TPER) | Luach | Aonad |
| 2013 EnPI | 215.509 kWh/Freastal Daonra | |
| Sprioc EnPI | 179.829 kWh/Freastal Daonra | |
| Níos fearr ná 2012 | 2.5% | |
| Níos fearr ná an bhonnlíne | 19.7% | |
| Ó sprioc 2020 | 16.6% | |
| Ón sprioc, 'treoshleamhnú' | 8.8% | |
| Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh (TPER) | Luach | Aonad |
| Leictreachas | 169.026 kWh/Freastal Daonra | |
| Níos fearr ná 2012 | 2.6% | |
| Teirmeach | 30.538 kWh/Freastal Daonra | |
| Níos fearr ná 2012 | 0.6% | |
| Iompar | 15.945 kWh/Freastal Daonra | |
| Níos fearr ná 2012 | 5.1% | |

| Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh (TPER) Ó Bhliain go Bliain | Iarmhír | Sprioct |
|---|---|---|
| 2009 | 268.4008 | 268.4008 |
| 2010 | 245.712 | 260.349 |
| 2011 | 219.92 | 252.297 |
| 2012 | 221.08 | 244.245 |
| 2013 | 215.509 | 236.193 |
| 2014 | | 228.141 |
| 2015 | | 220.089 |
| 2016 | | 212.037 |
| 2017 | | 203.985 |
| 2018 | | 195.933 |
| 2019 | | 187.881 |
| 2020 | | 179.829 |

Ba €1,255.435.00 an spáráil fuinnimh a rinneadh idir 2012 agus 2013. Is ionann an tsábháil airgid seo agus 617.514 Kg/$CO^2$ de spáráil charbóin idir 2012 agus 2013. Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar an 8ú Comhairle is fearr as measc na gComhairlí Éireannacha ó thaobh spáráil fuinnimh de agus ar an 40ú comhlacht ab fhearr a d'fheidhmigh as measc na gcomhlachtaí poiblí uile in Éirinn. Féachfaidh an Chomhairle leis an seasamh seo a fheabhsú ó bhliain go bliain.

## ACHOIMRE AR NA TIONSCADAIL AGUS AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ BAINTEACH LE FUINNEAMH A CUIREADH I GCRÍCH IN 2013

**LEAP (Ceannaireacht i ndáil le Gníomhaíocht um Fhuinneamh agus um Pleanáil)**
Sheol an tAire, Pat Rabbitte, Dréachtphlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe i mí Feabhra 2013.

Críochnaíodh an doiciméad críochnaitheach den Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe agus ghlac an Chomhairle é i mí na Bealtaine 2013.

Tionóladh an cruinniú deiridh de chomhpháirithe an Tionscadail LEAP i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair. Chuir CCÁCT comhdháil náisiúnta ar bun agus d'eagraigh sí turais thart ar Valhalla, Baile Adaim, Staid Aviva agus ar Cheantar na nDugaí.

**Tionscadail ÚFIÉ:**
- Leanadh de ghníomhaíochtaí an Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe agus bhí CCÁCT rannpháirteach iontu.
- Chuir ÚFIÉ ceardlann shamplach ar Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe ar bun i mí na Bealtaine 2013.
- Bhí measúnú á dhéanamh ar thionscadail fuinnimh hidrileictreacha - tá an staidéar le ligean amach ar tairiscint in 2014.
- Staidéar féidearthachta ar théamh ceantair molta ag intéirneach ar an scéim Job-bridge.
- Measúnuithe ar bhillí ospidéil agus clár deiseanna molta ag CCÁCT.
- Comhpháirtíocht um Measúnú Fáthmheasa ar Bhainistíocht Fuinnimh
- Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo, Teach Choillte Leamháin agus 60 Teach sa Chomharsanacht
- Treoirscéim i Ráth an Deagánaigh 40 teach inslithe agus feabhsaithe le deontas i gcabhair ó ÚFIÉ
- Pobail Fuinnimh Níos Fearr, Uasghrádú ó thaobh fuinnimh de in Lucan Leisure, Iosta Bhaile an Mhóta agus Jigsaw inslithe agus feabhsaithe le deontas i gcabhair ó ÚFIÉ.
- Monatóireacht agus Tuarisciú ar Fhuinneamh
- Críochnaíodh ionchur na MPRNanna agus na GPRNanna agus cuireadh bailchríoch ar an mbunachar sonraí i gcomhar le ÚFIÉ

**Tionscadail na bhFoirgneamh Cathartha:**
- Cuireadh láithreáin uile CCÁCT ar bhunachar sonraí agus tá an MPRN, an GPRN, an t-achar, an chreatlach agus sonraí eile beo ar cheangal idirlín leis an ÚFIÉ anois ionas gur féidir measúnú a dhéanamh orthu go míosúil.
- Críochnaíodh an clár fuinnimh do scéim tithíochta Valhalla agus tugadh ar láimh do na cliaint í
- Críochnaíodh Leabharlann Bhaile Uí Ruáin agus osclaíodh go poiblí í i mí Feabhra agus bhí an Rátáil Feidhmíochta Fuinnimh A bainte amach aici
- An Leabharlann Contae, beidh iniúchadh agus staidéar EPLACE maidir le húsáid fuinnimh agus le huasghrádú le déanamh in 2014
- Ríomhadh na Teastais Taispeána Fuinnimh go léir d'fhoirgnimh na Comhairle agus cuireadh ar taispeáint iad
- Na 7 nÚsáideoirí is mó a d'úsáid fuinneamh - cuireadh figiúirí i dtoll a chéile ar an úsáid fuinnimh in aghaidh na míosa agus rinne foireann Energy-MAP measúnú orthu.

**Caidéalúchán Uisce:**

- An stáisiún caidéalúcháin uisce san Eiscir Scóip an treoirthionscadail measta ó thaobh spáráil fuinnimh de trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht SCADA agus as teicneolaíocht an tiomántáin luais inathraithe agus tá sé le cur i gcrích in 2014.
- Tá na háiseanna caidéalúcháin uisce go léir á gcianrialú anois ag an gcóras SCADA. Tá treischaidéil an uisce óil agus caidéil mhóra an uisce bhréin á rialú trí thiomantáin luais inathraithe.
- Suiteáladh méadair bháistí ar fud an Chontae chun mí-cheangail leis an gcóras uisce dromchla a aimsiú.

**Soilsiú Poiblí**

- Tá Bunachar sonraí an tSoilsithe Phoiblí críochnaithe agus ceangailte le GIS - déantar monatóireacht ar ídiú agus ar bhilleáil.
- Tionscadal Soilsithe Phoiblí bunaithe i gcomhar leis an RC, le Fine Gall agus le DLR faoi CODEMA - méadrú fíorúil an aidhm atá leis an tionscadal seo.
- Leanadh ar aghaidh ag suiteáil na bhfótaicheall sa chóras Soilsithe Phoiblí mar chuid den chlár cothabhála - suiteáladh 2500 fótaicheall go dáta agus táthar ag leanúint leis an gclár.

**An Flít**

- Ceanglaíodh GPS fhoireann an fhlít agus fhoireann an fhearainn phoiblí leis an GIS - Taispeánann an chomparáid idir 2012 agus 2013 titim 8.76% san iomlán ar an ídiú breosla.

**Pobal/Tithe Cónaithe**

- Thacaigh CCÁCT leis an oiliúint i gcúrsaí Fuinnimh a chuir ÚFIÉ ar siúl i scoileanna. D'éirigh le 6 scoil brat glas an fhuinnimh a bhaint amach den dara huair in 2013

- An tAthchóiriú Foriomlán Cuid 3 An Cuisleán, Tamhlacht (76 theaghais) críochnaithe An Seanchaisleán / An Dún Glas (73 theaghais) críochnaithe
- An Clár Feabhsúcháin Creatlaí, RCPRÁ - feabhas curtha ar 309 dteach faoi dheireadh 2013.

**Cúrsaí Institiúideacha/Tráchtála**

- Tá 2 Intéirneach Fuinnimh ag obair ó Bhealtaine 2013
- Tá Ospidéal Thamhlachta ceangailte suas anois le Energy MAP - comhordaíodh na billí fuinnimh agus rinneadh iad a mheasúnú
- ITT - cláir acadúla comhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar na hIonaid Fóillíochta
- Rinneadh ceangail le DIT maidir le Cúrsa Iarchéime sa samhaltú fuinimh
- Mionstaidéar ar théamh ceantair - Tá doiciméid ullmhaithe ag Intéirneach le gur féidir aighneachtaí a lorg ó chuideachtaí fóntas
- Comhpháirtíocht idir CCÁCT agus Veolia maidir le staidéar féidearthachta faoi Thuirbín Gaoithe do Mhór-Acomhal na Bó Deirge don Luas
- Coincheap - mór-acomhal iompair uirbigh saor ó charbón i Lár Bhaile Thamhlachta
- A mheas an gcuirfear gineadóir hidridinimiciúil ar an Dothra agus an bhféadfaí é a chur san áireamh i dtionscadail éascaithe bealaigh an ÚNI.

**Tionscadail Iompair**

- Na tionscadail rothar / éascaithe bealaigh agus an mol iompair / rothar ag dul ar aghaidh. An droichead rothar i dTeach na Giúise ligthe amach ar conradh agus obair tosaithe ar an láithreán.
- Doiciméid / dearadh faoi Chuid 8 do na chéad chéimeanna eile, lena n-áirítear

droichid, do Bhealach Rothaíochta na Dothra / an Fhéarbhealaigh críochnaithe.

- Críochnaíodh na tionscadail éascaithe bealaigh do Choill na Deargaile, Baile Adaim, Páirc Chorcaí, Ráth an Deagánaigh, Páirc Mhaolrosa agus Gort an Mharla in 2013.
- Críochnaíodh an próiseas comhairliúcháin phoiblí do na tionscadail seo- Tamhlacht go Baile Baodáin agus An Cuarbhóthar Lasmuigh.

## ACHOIMRE AR AN BHFEIDHMÍOCHT FUINNIMH IN 2013

Chláraigh an Méara Comhairle Contae Átha Cliath Theas le Cúnant na Méaraí in 2012 agus leis sin tugadh gealltanas go n-ísleodh CCÁCT an t-ídiú fuinnimh agus na hastúcháin $CO^2$ i gcomhréir le spriocanna 2020. Tá gníomhartha an Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inbhuanaithe leagtha amach de réir na dtreoirphrionsabal "Cuir ar Taifead, Laghdaigh agus Cuir in Ionad"

Sa bhliain 2013 chuireamar raon gníomhartha éifeachtúlachta fuinnimh a bhí beartaithe i gcrích faoi na prionsabail sin agus áiríodh iad seo leo:

**Cuir ar taifead** - an tionscadal Eplace a thomhaiseann ídiú fuinnimh sa Leabharlann Contae

**Laghdaigh** - Cláir Feasachta ar Fhuinneamh do bhaill foirne na Comhairle, do na scoileanna áitiúla, do chónaitheoirí agus do ghnóthais

- Leanadh ar aghaidh ag feidhmiú na gClár Glas do na hIonaid Phobail agus do na hIostaí
- Laghdaigh - Rinneadh athchóiriú mór ar Ionad Fóillíochta Leamhcáin, ar Jigsaw agus ar Iosta Bhaile an Mhóta faoin gClár Pobail Fuinnimh Níos Fearr de chuid ÚFIÉ
- Rinneadh treoirstaidéar a thomhais an bunualach agus a laghdaigh an t-ídiú ó na soilse i Halla an Chontae
- Leanadh den athchóiriú ar ár stoc tithíochta faoi scéim ÚFIÉ Fuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo agus faoi Chlár Athchóirithe CCÁCT
- Rinneadh teileamhonatóireachta GPS ar ár bhflít,
- Feabhsaíodh an éifeachtúlacht inár saoráidí caidéalúcháin
- Cuireadh tús le Treoirthionscadal ESCO i ndáil le Soilsiú Poiblí agus leanadh ar aghaidh le suiteáil na bhfótaicheall

**Cuir in Ionad** - Críochnaíodh na hoibreacha caipitil lena mbaineann teicneolaíochtaí in-athnuaite, Leabharlann Bhaile Uí Ruáin, Ionad Pobail Bhaile Mhic Craith agus sciath-thithíocht Valhalla

Le cois na ngníomhartha seo, bhunaíomar ceangail níos láidre leo seo: Ospidéal Thamhlachta, An Chearnóg, ITT agus DIT agus leanamar dár dtaighde féidearthachta i ndáil le fuinneamh hidrileictreach a ghiniúint agus téamh ceantair a bheith i bPobal Fuinnimh Inbhuanaithe Thamhlachta.

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
Halla an Chontae, Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
county Hall, Tallaght
Dublin 24

**Fón/Tel:** 01 414 9000
**Rphoist/Email:** info@sdublincoco.ie
**Idirlíon/Web:** www.sdcc.ie/www.athcliaththeas.ie

Faigh agus Lean muid/Find and Follow us